




BANC CEANNAIS EORPACH

CÓRAS AN EURO



**COBHSAÍOCHT  
PRAGHSANNA:  
CÉN TÁBHACHT  
ATÁ ANN DUITSE?**



# NA HÁBHAIR




<b>Brollach</b>	<b>5</b>
<b>Cobhsaíocht praghsanna:</b>	
<b>Cén tábhacht atá ann duitse?</b>	<b>6</b>
<b>Achoimre</b>	<b>6</b>


<b>I</b>	<b>Caibidil 1</b>	<b>II</b>
	<b>Réamhrá</b>	



<b>2</b>	<b>Caibidil 2</b>	
	<b>Airgead – stair achomair</b>	<b>15</b>
	2.1 Feidhmeanna airgid	16
	2.2 Cineálacha airgid	18



<b>3</b>	<b>Caibidil 3</b>	
	<b>An tábhacht atá le cobhsaíocht praghsanna</b>	<b>23</b>
	3.1 Cad is cobhsaíocht praghsanna ann?	24
	3.2 Boilsciú a thomhas	25
	3.3 Sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna	29



## BOSCAÍ

3.1 Boilsciú a thomhas – sampla simplí	26
3.2 An ghaolmhaireacht idir boilsciú a bhfuiltear ag súil leis agus rátaí úis – gaolmhaireacht ar a dtugtar “éifeacht Fisher”	28
3.3 Forbhoilsciú	31
3.4 Éileamh ar airgid tirim	32



## 4 Caibidil 4

### Cúinsí a chinneann forbairtí praghsanna 35

4.1 Nithe is féidir agus nach féidir le beartas airgeadaíochta a dhéanamh – forléargas	36
4.2 Airgead agus rátaí úis – conas is féidir le beartas airgeadaíochta tionchar a imirt ar rátaí úis?	38
4.3 Conas a théann athruithe ar rátaí úis i bhfeidhm ar chinntí caiteachais a dhéanann tomhaltóirí agus gnólachtaí?	38
4.4 Cúinsí le forbairtí praghsanna sa ghearrthréimhse	44
4.5 Cúinsí le forbairtí praghsanna san fhadtréimhse	46

### BOSCAÍ

4.1 Cén fáth ar féidir le bainc cheannais tionchar (ex ante) a imirt ar rátaí úis iarbhir? Ról praghsanna 'greamaitheacha'	39
4.2 Conas a théann athruithe ar éileamh comhiomlán i bhfeidhm ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar fhorbairtí praghsanna?	40
4.3 Teoiric chainníochtúil airgid	47



## 5 Caibidil 5

### Beartas airgeadaíochta an BCE 49

5.1 Forléargas gairid stairiúil	50
5.2 An creat institiúideach	53
5.3 Straitéis an BCE i dtaca le beartas airgeadaíochta	57
5.4 Forléargas ar chreat oibriúcháin Chóras an Euro	71

### BOSCAÍ

5.1 An bealach go dtí an t-airgeadra aonair, an euro	51
5.2 Critéir na coinbhéirseachta	54
5.3 Tiomsú agus saintréithe an ICPT	60
5.4 Corrlach slán i gcoinne díbhóilsciú	61
5.5 Treo bheartas airgeadaíochta an BCE sa mheántréimhse	62
5.6 Táscairí iarbhir eacnamaíocha agus airgeadais	64
5.7 Teilgin mhaicreacnamaíocha do limistéar an euro	66
5.8 Comhiomlán airgeadaíochta	67
5.9 Luach tagartha an BCE d'fhás airgeadaíochta	68

**Gluais 74**

**Leabharliosta 76**

# BUÍOCHAS

Is mór an cúnamh a bhí sna tuairimí agus sna moltaí dréachtála a rinne mo chomhghleacaithe sa BCE agus an leabhar seo á chur le chéile, agus táim an-bhuíoch díobh dá bharr sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil, freisin, le baill an Choiste Cumarsáide Seachtraí de chuid an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais (CEBC) agus de chuid an Bhoird Saineolaithe, comhghleacaithe ó Roinn Seirbhísí Teangeolaíochta an BCE Roinn Foilseachán agus Leabharlainne, Roinn Preasa agus Faisnéise, H. Ahnert, W. Bier, D. Blenck, J. Cuvry, G. Deschamps, L. Dragomir, S. Ejerskov, G. Fagan, A. Ferrando, L. Ferrara, S. Keuning, H. J. Klöckers, D. Lindenlaub, K. Masuch, W. Modery, P. Moutot, A. Page, H. Pill, C. Pronk, P. B. Roffia, C. Rogers, P. Sandars, D. Schackis, H. J. Schlösser, A. Page, G. Vitale, C. Zilioli.

Dieter Gerdesmeier

Frankfurt am Main, Samhain 2008

# RÉAMHRÁ



Jean-Claude Trichet

Tá an euro mar airgeadra comhroinnte ag os cionn 300 milliún duine i gcúig thír déag san Eoraip. Tá Comhairle Rialaithe an Bhainc Cheannais Eorpaigh (BCE) freagrach as an mbeartas aonair airgeadaíochta sna tíortha sin, a dtugtar limistéar an euro orthu le chéile. Tá dualgas oibre soiléir ag Córas an Euro – an BCE agus bainc cheannais náisiúnta (BCN) limistéar an euro – a fuair sé ón gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh: is é an príomhchuspóir atá aige ná cobhsaíocht praghsanna choiméad ar bun i limistéar an euro. I bhfocail eile, tá dualgas ar Chomhairle Rialaithe an BCE maidir le cumhacht cheannacháin an euro a chaomhnú. Léiríonn an dualgas oibre sin comhaontú leathan sa tsochaí gur féidir le beartas airgeadaíochta, trí chobhsaíocht praghsanna a choinneáil, cuidiú go mór le fás inmharthana, le leas eacnamaíoch agus le poist a chruthú.

Tugadh neamhspleáchas do Chóras an Euro le cur ar a chumas a dhualgas oibre a dhéanamh. Ina theannta sin, tá straitéis um beartas airgeadaíochta roghnaithe agus fógraithe go poiblí ag an gComhairle Rialaithe chun cobhsaíocht praghsanna a sheachadadh agus baineann sé úsáid as creat oibriúcháin éifeachtach a fheidhmíonn go maith chun a bheartas airgeadaíochta aonair a chur i gcrích. I mbeagán focal, tá gach uirlis agus scil ag Córas an Euro atá de dhíth chun beartas airgeadaíochta rathúil a chur i gcrích.

Fearacht aon institiúid tábhachtach agus neamhspleách i sochaí nua-aimseartha, ní mór do Chóras an Euro a bheith gar don phobal agus ní mór tuiscint a bheith ag saoránaigh na hEorpa air. Tá sé tábhachtach mar sin go ndéantar a dhualgas oibre agus a bheartas a chur in iúl do phobal níos leithne. Is é aidhm an leabhair seo ná forléargas cuimsitheach – ach forléargas atá éasca le tuiscint ag an am céanna – a chur ar fáil ar na cúiseanna a mbaineann an oiread sin tábhachta le cobhsaíocht praghsanna maidir lena chinntiú go déantar an rathúnas a choinneáil. Tugann sé forléargas, freisin, ar an gcaoi a bhfuil beartas airgeadaíochta an BCE dírithe ar an dualgas oibre sin a bhaint amach.

Jean-Claude Trichet

Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh

# COBHSÁÍOCHT PRAGHSANNA: CÉN



## ACHOIMRE

Tá an príomhdhualgas maidir le cobhsaíocht praghsanna a chothú tugtha do Chóras an Euro<sup>1</sup> – arb é atá ann ná an Banc Ceannais Eorpach (ECB) agus bainc cheannais náisiúnta (BCN) na dtiortha sin a bhfuil an euro glactha acu mar airgeadra – leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Meastar an dualgas sin a bheith ar phríomhchuspóir Chóras an Euro agus cúiseanna maithe eacnamaíocha leis. Cuimsíonn sé ceachtanna atá foghlamtha againn ó thaithí roimhe seo agus tá taighde eimpíreach agus teoiric eacnamaíoch taobh thiar de. Léiríonn an teoiric agus an taighde sin go gcuideoidh beartas airgeadaíochta go mór leis an leas ginearálta, lena n-áirítear leibhéil arda gníomhaíochta eacnamaíochta agus fostaíochta, ach cobhsaíocht phraghsanna a bheith á cothú.

I bhfianaise an aitheantais fhorleathain a thugtar do na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna, measaimid go bhfuil sé tábhachtach míniú a dhéanamh ar an tábhacht, go háirithe do dhaoine óga, a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna, ar an gcaoi is fearr ar féidir í a bhaint amach, agus ar an gcaoi a dtacaítear le

spriocanna eacnamaíocha níos leithne an Aontas Eorpaigh ach í a chothú.

Gabhann na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna, mar aon leis na costais a bhaineann le boilsciú agus le díbhoilsciú, lámh ar láimh le hairgead agus leis na feidhmeanna a bhaineann le hairgead. Pléann Caibidil 2 mar sin le feidhmeanna agus le stair airgid. Míníonn an chaibidil sin go mbeadh costais an-ard, i saol gan aon airgead, i.e. i ngeilleagar babhtála, ag baint le hearraí agus seirbhísí a mhalartú, cosúil le costais faisnéise, cuardaigh agus iompair. Léiríonn sé go gcuideíonn airgead le hearraí a mhalartú ar bhealach níos éifeachtaí agus dá bhrí sin go gcuireann sé le folláine gach saoránaigh. Ina dhiaidh sin, déantar plé níos mine ar an ról agus ar na trí bhunfheidhm atá ag airgead. Tá airgead ina mheán do mhalartú, ina stóras luacha agus ina aonad cuntais. Tá athrú tagtha, le himeacht ama, ar na cineálacha airgid a úsáideadh i sochaithe éagsúla. Is díol suntais iad airgead tráchtarraí, airgead miotalach, airgead páipéir agus airgead leictreonach. Tugtar spleachadh agus míniú ar na príomhfhorbairtí i dtéarmaí stair airgid.

---

<sup>1</sup> Níl na tearmaí Córas an Euro le fáil sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh ná i Reacht an CEBC agus an BCE, a thagraíonn do chuspóirí agus do thascanna an CEBC, arb é atá ann ná an BCE agus BCN na mBallstát go léir. É sin ráite, fad is atá Ballstáit ann nach bhfuil glactha acu leis an euro, ní bhaineann na forálacha maidir le cuspóirí agus tascanna an CEBC leo. Sa chomhthéacs seo, is gnáthrud é tagairt a dhéanamh do Chóras an Euro, i.e. an BCE agus BCN na mBallstát a úsáideann an euro; spreagann Comhairle Rialaithe an BCE úsáid an téarma seo freisin.

# TÁBHACHT ATÁ ANN DUITSE?

Pléann Caibidil 3 an tábhacht a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna ar bhealach níos mine. Mínítear gur feiniméin eacnamaíocha iad boilsciú agus díbhoilsciú a d'fhéadfadh tionchair thromchúiseacha dhiúltacha a imirt ar an ngeilleagar. Déantar sainmhíniú ar na coincheapa sin ag tús na caibidle. Is é an míniú a dhéantar ar bhoilsciú, i bprionsabal, ná méadú ginearálta ar phraghsanna earraí agus seirbhísí ar feadh tréimhse leanúnach, rud a fhágann go dtagann laghdú ar luach an airgid agus dá bhrí sin ar chumhacht cheannacháin an airgid. Is éard is díbhoilsciú ann ná an leibhéal praghsanna tríd is tríd a bheith ag titim ar feadh tréimhse leanúnach.

Tar éis mír ghairid a dhéanann cur síos ar chuid de na fadhbanna a bhaineann le boilsciú a thomhas, pléann an chaibidil seo na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna. Tacaíonn cobhsaíocht praghsanna le caighdeáin níos airde mhaireachtála tríd an éiginnteacht a bhaineann le forbairtí praghsanna a laghdú, agus ar an gcaoi sin trédhearcacht an tsásra praghsanna a fheabhsú. Bíonn sé níos éasca ar thomhaltóirí agus ar chuideachtaí athruithe praghsanna nach mbaineann le gach earra i gcoiteann (“athruithe praghsanna coibhneasta” mar a thugtar orthu) a shonrú. Ina theannta sin, cuidíonn cobhsaíocht praghsanna le fólláine i gcoitinne trí phréimhe riosca boilscithe i rátaí úis a laghdú, trí ghníomhaíochtaí a bhíonn dírithe ar fhálú i gcoinne boilscithe a chur ar neamhní agus trí laghdú a dhéanamh ar éifeachtaí suaite na gcóras cánachais agus na gcóras leasa shóisialaigh. Ar deireadh, ach cobhsaíocht praghsanna a bheith ann cuirtear cosc le dáileadh treallach a dhéanamh ar rachmas agus iocam a bhaineann, mar shampla, le líomhadh ar an luach iarbhir a bhíonn ag éilimh ainmniúla (coigiltis i bhfoirm taiscí bainc, bannaí rialtais, pá ainmniúil) de thoradh ar bhoilsciú. Is féidir le líomhadh mór ar rachmas agus ioncam iarbhir de bharr an bhoilscithe neamhshocracht shóisialta agus éagobhsaíocht

pholaitiúil a chruthú. I mbeagán focal, trí chobhsaíocht praghsanna a chothú, cuidíonn bainc cheannais le spriocanna eacnamaíocha níos leithne a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin cuidíonn siad le cobhsaíocht pholaitiúil i gcoitinne.

Díríonn caibidil 4 ar na cúinsí a chinneann forbairtí praghsanna. Ar dtús tugtar forléargas ar ról agus ar shrianta an bheartais airgeadaíochta, agus ansin tugtar míniú ar an gcaoi ar féidir le banc ceannais dul i gcion ar rátaí úis gearrthréimhseacha. Is é an banc ceannais an t-aon soláthróir nótaí bainc agus taiscí bainc cheannais. De bhrí go mbíonn nótaí bainc de dhíth ar bhainc dá gcliaint agus go mbíonn orthu ceanglais íos-chúlchistí (i.e. taiscí) leis an mbanc ceannais a chomhlíonadh, is gnách go n-iarrann siad creidmheas ar an mbanc ceannais. Is féidir leis an mbanc ceannais an ráta úis ar a iasachtaí leis na bainc a shocrú agus téann sé sin i bhfeidhm, ina dhiaidh sin, ar rátaí eile úis an mhargaidh.

Bíonn tionchar ag na hathruithe ar rátaí úis an mhargaidh ar chinntí a dhéanann teaghlaigh agus cuideachtaí i dtaca le hairgead a chaitheamh agus ar an gcaoi sin bíonn tionchar acu, ar deireadh, ar ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ar bhoilsciú. Mar shampla, má bhíonn rátaí úis ard bíonn sé níos deacra infheistíocht a dhéanamh agus dá bhrí sin is lú caiteachais a dhéantar ar infheistíochtaí. Ciallaíonn siad freisin go mbíonn níos mó tóir ar choigiltí agus níos lú éilimh ar thomhaltóireacht. Faoi ghnáthchúinsí mar sin is féidir a bheith ag súil leis gurb é an toradh a bheadh ar ardú i rátaí úis ná laghdú ar chaiteachas tomhaltóireachta agus infheistíochta – rud a laghdódh an brú ar bhoilsciú ar deireadh, ach cúinsí eile a bheith fanta gan athrú. Cé gur féidir le beartas airgeadaíochta tionchar áirithe a imirt ar ghníomhaíocht iarbhir, ní bhíonn ann ach tionchar eatramhach nach mbíonn aon bhuaine ag baint leis. Bíonn tionchar fadtréimhseach ag beartas airgeadaíochta, áfach, ar fhorbairtí praghsanna agus, dá thoradh sin, ar bhoilsciú.



# COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA: CÉN



I straitéis an BCE, déantar cinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta bunaithe ar anailís chuimsitheach ar na rioscaí a bhíonn ann do chobhsaíocht praghsanna.

Déanann an chaibidil seo athbhreithniú sách mion ar na cúinsí is bonn leis an bpróiseas boilscithe sa ghearrthréimhse. Faoi mar a léirítear le múnla sách simplí a dhéanann cur síos ar choincheapa an tsoláthair chomhiomláin agus an éilimh chomhiomláin, is féidir le roinnt cúinsí eacnamaíocha gluaiseachtaí a chruthú i leibhéil praghsanna sa ghearrthréimhse. I measc na gcúinsí sin tá meadú ar thomhaltóireacht agus ar infheistíocht, easnaimh bhuiséid an rialtais a bheith ag meadú agus glan-easpórtálacha níos airde. Ina theannta sin, is féidir le praghsanna ionchuir níos airde (e.g. ar fhuinneamh) nó méaduithe tuarastail nach mbíonn meaitseáilte ag sochair tháirgiúlachta brú a chur ar an mboilsciú ardú.

Ina fhianaise sin, leagtar béim go háirithe ar an bhfíric nach féidir le beartas airgeadaíochta rialú iomlán a dhéanamh ar fhorbairtí praghsanna sa ghearrthréimhse. Míníonn an chaibidil freisin, áfach, gur feiniméan airgeadaíochta é an boilsciú nuair a ghlactar peirspictíocht níos fadtréimhsí san áireamh. Ní féidir a shéanadh, mar sin, ach gur féidir le beartas airgeadaíochta, trí fhreagairt do rioscaí i dtaca le cobhsaíocht praghsanna, boilsciú a rialú sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse.

Sa chaibidil deiridh tá cur síos gairid ar bheartas airgeadaíochta an BCE. Tar éis féachaint níos grinne ar an bpróiseas a bhaineann le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta, pléann na míreanna eile le creat institiúideach an bheartais airgeadaíochta aonair, le straitéis bheartas airgeadaíochta an BCE agus leis na hionstraimí beartais airgeadaíochta a úsáideann Córas an Euro. D'fhonn cuspóir Chóras an Euro a shoiléiriú i dtaca le cobhsaíocht praghsanna a chothú, faoi mar a leagtar síos sa Chonradh, thug Comhairle Rialaithe an BCE an sainmhíniú cainníochtúil seo a leanas i 1998: "Is é an sainmhíniú a dhéantar ar chobhsaíocht praghsanna ná méadú bliain-ar-bhliain faoi bhun 2 faoin gcéad ar Innéacs Comhchuibhithe na bPraghsanna Tomhaltóra (ICPT) do limistéar an euro. Tá cobhsaíocht praghsanna le coinneáil sa mheántréimhse". Ina theannta sin, d'fhógair an Chomhairle Rialaithe i mí na Bealtaine 2003 go bhfuil sé i gceist aici, laistigh den sainmhíniú sin, rátaí boilscithe a choinneáil faoi bhun ach 'gar do 2% sa mheántréimhse'.



# TÁBHACHT ATÁ ANN DUITSE?

I straitéis an BCE, déantar cinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta bunaithe ar anailís chuimsitheach ar na rioscaí a bhíonn ann do chobhsaíocht praghsanna. Déantar anailís den chineál sin bunaithe ar dhá dhearcadh comhlántacha i leith cinneadh a dhéanamh faoi fhorbairtí praghsanna. Tá an chéad dearcadh dírithe ar dheitearmanaint ghearrthréimhseacha agus mheántréimhseacha na bhforbairtí praghsanna a mheas, agus fócas a bheith ar ghníomhaíocht iarbhrí eacnamaíoch agus ar chúinsí airgeadais sa gheilleagar. Glacann sé san áireamh go mbíonn tionchar mór ag an idirghníomhaíocht idir soláthar agus éileamh earraí, seirbhísí agus margaí ionchuir (i.e. saothar agus caipiteal) ar fhorbairtí praghsanna sna tréimhsí sin. 'Anailís eacnamaíoch' a thugann an BCE air sin. Maidir leis an dara dearcadh, ar a dtugtar 'anailís airgeadaíochta', díríonn sé ar an bhfadtréimhse agus baineann sé leas as an nasc fadtréimhseach idir líon an airgid a bhíonn i gcúrsaíocht agus praghsanna. Níl san anailís airgeadaíochta, den chuid is mó, ach bealach chun tras-seiceáil a dhéanamh, sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, ar na táscairí gearrthréimhseacha agus meántréimhseacha do bheartas airgeadaíochta - táscairí a eascraíonn as an anailís eacnamaíoch.

Bunaithe ar an measúnu sin, cinneann Comhairle Rialaithe an BCE leibhéal na rátaí úis gearrthréimhseacha chun a chinntiú go dtéitear i ngleic le brú boilscithe agus díbhoilscithe agus go ndéantar cobhsaíocht praghsanna a chothú sa mheántréimhse.



# RÉAMHRÁ

Nuair a cheistítear faoi chúinsí ginearálta eacnamaíochta iad i bpobalbhreitheanna, léiríonn saoránaigh Eorpacha, de ghnáth, an mian atá acu cónaí i dtimpeallacht gan bhoilsciú ná díbhoilsciú. Tá an dualgas a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna a chothú tugtha do Chóras an Euro ag an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Tá ciall mhaith eacnamaíoch leis sin. Cuimsíonn sé ceachtanna atá foghlamtha againn ón stair agus tá taighde eimpíreach agus teoiric eacnamaíoch taobh thiar de. Léiríonn an teoiric agus an taighde sin go gcuideoidh beartas airgeadaíochta go mór leis an leas ginearálta, lena n-áirítear leibhéal arda de ghníomhaíocht eacnamaíochta agus fostaíochta, ach cobhsaíocht praghsanna a bheith á cothú.





# RÉAMHRÁ



I bhfianaise an aitheantais fhorleathain a thugtar do na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna, tá sé tábhachtach go dtuigeann cách, go háirithe daoine óga, an tábhacht a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna, an chaoi is fearr ar féidir í a bhaint amach, agus an chaoi a dtacaítear le spriocanna eacnamaíocha níos leithne an Aontas Eorpaigh ach í a chothú. Tá caibidlí éagsúla sa leabhar seo: tá eolas bunúsach i ngach ceann acu agus is féidir tagairt a dhéanamh dóibh ina n-aonair, de réir mar is gá. Tá Caibidil 4 agus 5 ábhairín níos casta, áfach, ná an chéad chúpla caibidil. D'fhonn caibidil 5 a thuiscint go hiomlán, ní mór caibidil 3 agus, go háirithe, caibidil 4 a bheith léite go cúramach. Cuirtear boscaí breise ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna áirithe ar bhealach níos mine.

Gabhann na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna, mar aon leis na costais a bhaineann le boilsciú agus le díbhoilsciú, lámh ar láimh le hairgead agus leis na feidhmeanna a bhaineann le hairgead. Pléann Caibidil 2 mar sin le feidhmeanna agus le stair airgid. Míníonn an chaibidil sin go mbeadh costais idirbheartaíochta an-ard, i saol gan aon airgead, i.e. i ngeilleagar babhtála, ag baint le hearraí agus seirbhísí a mhalartú. Léirítear freisin go gcuidíonn airgead le malartú níos éifeachtaí earraí a bhaint amach agus ar an gcaoi sin cuireann sé le leas tomhaltóirí. Ina dhiaidh sin, déantar plé níos mine ar an ról agus ar na bunfeidhmeanna atá ag airgid i Mír 2.1. Tá athrú tagtha, le himeacht ama, ar na cineálacha airgid a úsáideadh i sochaithe éagsúla. Tugtar achoimre agus míniú ar na príomhfhorbairtí stairiúla i Mír 2.2.

Míníonn caibidil 3 an tábhacht atá le cobhsaíocht praghsanna. Déantar cur síos ar dtús ar choincheapa an bhoilscithe agus an díbhoilscithe (Mír 3.1). I ndiaidh mír ghairid a léiríonn roinnt saincheisteanna tomhais (Mír 3.2), déanann an mhír ina dhiaidh sin cur síos ar na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna agus, ar an lámh eile, na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le boilsciú (nó díbhoilsciú) (Mír 3.3).

Díríonn caibidil 4 ar na cúinsí a chinneann forbairtí praghsanna. Tugtar forléargas gairid ar dtús (Mír 4.1). Déantar imscrúdú ansin ar an tionchar a imríonn beartas airgeadaíochta ar rátaí úis (Mír 4.2). Ansin léirítear tionchar athruithe i rátaí úis ar chinntí a dhéanann teaghlaigh agus cuideachtaí i dtaca le caitheachas (Mír 4.3). Sa chéad mhír eile, déantar súil a chaitheamh ar na cúinsí is bonn leis an bpróiseas boilscithe sa ghearrthréimhse (Mír 4.4). Leagtar béim faoi leith ar an bhfíric nach beartas airgeadaíochta leis féin a rialaíonn forbairt praghsanna sa ghearrthréimhse, ach gur féidir le roinnt cúinsí eacnamaíocha eile tionchar a imirt ar bhoilsciú laistigh den amscála sin. Aithnítear, áfach, go rialaíonn beartas airgeadaíochta boilsciú san fhadtréimhse (Mír 4.5).

Sa chaibidil deiridh tá cur síos gairid ar bheartas airgeadaíochta an BCE. Tar éis féachaint níos grinne ar an bpróiseas a bhaineann le hAontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (Mír 5.1), pléann na míreanna eile le creat institiúideach an bheartais airgeadaíochta aonair (Mír 5.2), le straitéis bheartas airgeadaíochta an BCE (Mír 5.3) agus le creat oibriúcháin Chóras an Euro (Mír 5.4).

**Chun eolas níos mine a fháil, féach sa Ghluais agus sa Leabharliosta ag deireadh an leabhair seo.**



Tá caibidlí éagsúla sa leabhar seo: tá eolas bunúsach i ngach ceann acu agus is féidir tagairt a dhéanamh dóibh ina n-aonair, de réir mar is gá.



# AIRGEAD – STAIR ACHOMAIR

# 2

Dlúthchuid de shaol na linne seo is ea airgead. Déanann an chaibidil seo iarracht déileáil le ceisteanna cosúil le cad is airgead ann, cén fáth a bhfuil airgead de dhíth orainn, cén fáth a nglactar le hairgead agus cén fad atá airgead ann.

**2.1** Déanann Mír 2.1 cur síos ar fheidhmeanna airgid.

**2.2** Tugann Mír 2.2 forléargas ar na hearraí éagsúla a úsáideadh mar airgead san am a chuaigh thart.



# AIRGEAD — STAIR



2.1 Feidhmeanna airgid

2.2 Cineálacha airgid

## 2.1 FEIDHMEANNA AIRGID

### Feidhmeanna airgid

Cad is airgead ann? Má chaithimid míniú a thabhairt ar airgead sa lá atá inniu ann, is ar nótaí bhainc agus boinn airgid is túisce a smaoinimid. Féachtar ar na sócmhainní sin mar airgead de bhrí go bhfuil siad ina leacht. Ciallaíonn sé sin go nglactar leo agus gur féidir iad a úsáid chun íocaíocht a dhéanamh am ar bith. Cé nach féidir a shéanadh go gcomhlíonann nótaí bainc agus boinn airgid an cuspóir sin, tá roinnt cineálacha eile sócmhainní ann, sa lá atá inniu ann, atá go mór ina leacht agus ar féidir airgead tirim a dhéanamh díobh go héasca nó iad a úsáid chun íocaíocht a dhéanamh ar chostas an-íseal. Baineann sé sin, mar shampla, le taiscí thar oíche agus cineálacha eile taiscí arna gcoinneáil le bainc.<sup>2</sup> Dá thoradh sin, tá na hionstraimí sin san áireamh sna sainmhínte ar airgead ar a dtugtar “airgead leathan” go minic.

Tá athrú suntasach tagtha, le himeacht ama, ar na cineálacha éagsúla airgid. Ní raibh airgead páipéir agus taiscí bainc ann i gcónaí. Bheadh sé úsáideach, dá bhrí sin, sainmhíniú a dhéanamh ar airgead i dtéarmaí níos ginearálta. Is féidir féachaint ar airgead mar earra an-speisialta a chomhlíonann

roinnt feidhmeanna bunúsacha. Ba chóir d'airgead bheith ina mheán do mhalartú, ina stóras luacha agus ina aonad cuntais. Is minic mar sin gurb é is airgead ann ná an rud a dhéanann sé.

D'fhonn na feidhmeanna sin a léiriú níos fearr, smaoinigh ar an gcaoi ar thug daoine faoi idirbhearta sula raibh airgead ann. Ceal airgid, bhí ar dhaoine earraí nó seirbhísí a mhalartú go díreach ar earraí nó seirbhísí eile trí bhabhtáil a dhéanamh. Cé gur féidir roinnt an tsaothair a bheith ann i “ngeilleagar babhtála”, baineann srianta praiticiúla leis agus bíonn costais shuntasacha, ar a dtugtar “costais idirbheartaíochta” ag baint le malartú earraí.

Is é an fhadhb is suntasaí a bhaineann le geilleagar babhtála ná go mbíonn ar dhaoine teacht ar chontrapháirtí a bhfuil an t-earra nó an tseirbhís cheanann chéanna ag teastáil uathu is atá ar tairiscint nó contrapháirtí a bhfuil atá ag teastáil uathu féin ar tairiscint aige/aici. I bhfocal eile: chun go n-éireodh le hidirbheart babhtála ní mór comhtharlúint éilimh a bheith ann. Abair, mar shampla, go raibh bearradh gruaige de dhíth ar bháicéir ach roinnt builín aráin a thabhairt uaidh. Bheadh air teacht ar ghruaigeadóir a bheadh sásta glacadh leis na builíní aráin sin mar bhabhtáil don bhearradh gruaige. Dá mbeadh péire bróg ag teastáil ón ngruaigeadóir, áfach, bheadh air fanacht go dtí go mbeadh úinéir siopa bróg ann a mbeadh bearradh gruaige uaidh/uaithe chun an bhabhtáil a dhéanamh. Bheadh costais shuntasacha ag baint le geilleagar babhtála

<sup>2</sup> Is éard is taiscí thar oíche ann ná cistí a bhíonn ar fáil láithreach chun críche idirbheartaíochta. Ba chóir a lua go bhfuil airgead leictreonach ar chártaí réamhíochta san áireamh i dtaiscí thar oíche.



# ACHOMAIR

den chineál sin, mar sin, mar go mbeadh ar dhaoine contrapháirtí oiriúnach a lorg, bheadh tréimhse feithimh ann agus bheadh stoc-chnardh i gceist.

## Airgead mar mheán do mhalartú

D'fhonn na míchaoithiúlachtaí a bhainfeadh le geilleagar babhtála a sheachaint, is féidir ceann de na hearraí a úsáid mar mheán don mhalartú. “Airgead tráchtearraí” a thugtar ar an gcineál garbh sin airgid a úsáidtear chun malartú a dhéanamh. Ar an gcéad amharc, shílfeá go mbeadh idirbhearta níos casta de bharr earra amháin a bheith á bhabhtáil ar airgead agus ansin an t-airgead a bheith á bhabhtáil ar earra eile. Má fhéachtar arís air, áfach, is léir go ndéanann úsáid a bhaint as earraí amháin mar mheán don mhalartú éascaíocht shuntasach don phróiseas ina iomláine, mar nach mbíonn an chomhtharlúint éilimh de dhíth a thuilleadh chun go bhféadfaí earraí agus seirbhísí a mhalartú. Is léir gur réamhchoinníoll amháin atá ann le gur féidir leis an earra áirithe sin feidhm airgid a chomhlíonadh ná go mbeadh glactha leis ar fud an gheilleagair mar mheán do mhalartú, bíodh sin de bharr traidisiúin, coinbhinsiúin fhoirmiúil nó dlí.

Ag an am céanna, is léir gur chóir tréithe sonracha teicniúla a bheith ag earraí a bhíonn in úsáid mar mheán do mhalartú. Ba chóir, go háirithe, go mbeadh earraí a fheidhmíonn mar airgead tráchtearraí éasca le hiompar, dochaite, inroinnte agus ba chóir go mbeadh sé éasca caighdeán na n-earraí sin a dheimhniú. Ó thaobh na heacnamaíochta de, ba chóir, gan amhras, gur earra annamh a bheadh in airgead, ós rud é nach mbíonn luach dearfach ach ag earraí annamha.

## Airgead mar stóras luacha

Má choinníonn an t-earra a úsáidtear mar airgead a luach le himeacht ama, is féidir é a choinneáil ar feadh tréimhsí níos faide. Tá sé sin úsáideach go háirithe mar gur féidir an díol a scaradh amach ón gceannach. Sa chás sin, comhlíonann airgead an fheidhm thábhachtach mar stóras luacha.

Is ar na cúiseanna sin is fearr tráchtearraí a mbíonn feidhm stóras luacha leo ná tráchtearraí nach mbíonn d'fheidhm leo ach meán do mhalartú. D'fhéadfadh earraí cosúil le bláthanna nó trátaí, mar shampla, feidhmiú mar mheán do mhalartú. Ní bheidís úsáideach, áfach, mar stóras luacha agus dá bhrí sin ní dócha go n-úsáidfí mar airgead iad. Dá bhrí sin, mura mbíonn an fheidhm sin le hairgead ag feidhmiú i gceart (má chailleann an t-earra atá in úsáid mar airgead a luach le himeacht ama), bainfidh daoine úsáid as an bhfeidhm stórála luacha a bhíonn ag earraí nó sócmhainní eile nó – i gcásanna fioreisceachtúla – fillfidh siad ar bhabhtáil.

## Airgead mar aonad cuntais

Tá an tábhacht chéanna ag baint le hairgead a bheith ag feidhmiú mar aonad cuntais. Is féidir é sin a léiriú trí dhul siar ar an sampla a tugadh roimhe seo. Fiú má sháraítear an deacracht a bhaineann le comhtharlúint éilimh a bheith ann, bheadh ar dhaoine an cóimheas díreach ceart malairte idir arán agus bearradh gruaige nó idir bearradh gruaige agus bróga, mar shampla, a dhéanamh amach. Praghsanna coibhneasta nó téarmaí trádála a thugtar ar “chóimheasa malairte” den chineál sin – an líon builín aráin a bheadh combhionann le bearradh gruaige amháin, mar shampla. Sa mhargadh, bheadh an praghas coibhneasta le socrú do gach péire earraí agus seirbhísí agus, gan amhras, bheadh an t-eolas ar fad faoi na téarmaí trádála idir gach earra ag teastáil ó gach duine a bheadh páirteach sa mhalartú earraí. Is furasta a thaispeáint, i gcás dhá earra, nach mbíonn ach praghas coibhneasta amháin i gceist. I gcás trí earra ní bhíonn ach trí phraghas choibhneasta i gceist (is é sin,

# AIRGEAD — STAIR

## 2.2 CINEÁLACHA AIRGID

arán i gcoinne bearradh gruaige, bearradh gruaige i gcoinne bróga agus arán i gcoinne bróga). I gcás deich n-earra, áfach, bheadh 45 praghas coibhneasta i gceist, agus i gcás 100 earraí bheadh 4950<sup>3</sup> praghas coibhneasta ann. Dá bhrí sin, dá mhéad é líon na n-earraí a bhíonn á malartú, is é is deacra a bhíonn sé eolas a bhailiú faoi gach “ráta malairte” a d’fhéadfadh a bheith ann. Dá bhrí sin, chun eolas a bhailiú agus a chur chun cuimhne faoi na téarmaí trádála, bheadh costais mhóra ann do rannpháirtithe i ngeilleagar babhtála - costais a mhéadódh go díreireach le líon na n-earraí a bheadh á malartú. D’fhéadfaí na hacmhainní sin a úsáid ar bhealaí níos éifeachtaí dá n-úsáidí ceann amháin de na hearraí sin mar aonad cuntais (ar a dtugtar “numeraire”). Sa chás sin, d’fhéadfaí luach gach earra a lua i dtéarmaí an “numeraire” sin agus d’fhéadfaí líon na bpraghsanna a bheadh le haithint agus le cur de ghlanmheabhair ag tomhaltóirí a laghdú go suntasach<sup>4</sup>.

Dá bhrí sin, dá mbeadh gach praghas lipéadaithe i dtéarmaí airgid, bheadh idirbhearta i bhfad níos éasca. Ar bhealach níos ginearálta, ní hamháin gur féidir praghsanna earraí a lua i dtéarmaí airgid ach is féidir é sin a dhéanamh do phraghas sócmhainne ar bith. Dhéanadh gach gníomhaire eacnamaíoch i limistéar an airgeadra sin nithe cosúil le costais, praghsanna, pá, ioncam, etc. a ríomh sna haonaid chéanna airgid. Faoi mar a bhaineann leis na feidhmeanna a luaitear le hairgead thuas, dá éagobhsaí agus dá neamhiontaofa é luach an airgid, is é is deacra a bhíonn sé ar airgead an fheidhm thábhachtach sin a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, bíonn aonad cuntas iontaofa a nglactar leis go coitianta ina bhonn maith do ríomha praghsanna agus costas agus ar an gcaoi sin déantar trédhearcacht agus iontaofacht a fheabhsú.

Le himeacht ama, tá athrú tagtha ar na cineálacha earraí a úsáideadh mar airgead. Aontaítear go forleathan nach ionann uaireanta príomhfheidhm na n-earraí sin agus an cuspóir bunaidh a bhí leo. Is cosúil gur roghnaíodh earraí mar airgead mar go bhféadfaí iad a stóráil go háisiúil agus go héasca, mar go raibh luach ard i gcomparáid le meáchán sách íseal ag baint leo, agus mar gurbh éasca iad a iompar agus go raibh siad dochaite. Bhí sé éasca na hearraí sin a raibh an-tóir orthu a mhalartú agus, dá bhrí sin, glacadh leo mar airgead. Dá bhrí sin, braitheann an forás a tháinig ar airgead ar roinnt cúinsí, cosúil le tábhacht choibhneasta na trádála agus staid forbartha an gheilleagair.

Ba chóir d’airgead bheith ina mheán do mhalartú, ina stóras luacha agus ina aonad cuntais.

3 Go ginearálta, i gcás líon  $n$  earraí, tá líon  $\frac{n \times (n-1)}{2}$  praghas coibhneasta ann.

4 Is é sin laghdú go líon  $n - 1$  dearbhpraghas.

# ACHOMAIR

## Airgead tráchtearraí

Úsáideadh ítimí éagsúla mar airgead tráchtearraí, lena n-áirítear an wampum (súileoga déanta as sliogáin) ag Bundúchasaigh Mheiriceá, cowries (sliogáin ghlédhathacha) in India, fiacla míolta móra in Fijí, tobac i measc luathphlandálacha Mheiriceá Thuaidh, dioscaí móra cloiche ar Oileán Yap san Aigeán Ciúin agus toitíní agus liocáir sa Ghearmáin tar éis an Dara Cogadh Domhanda.

## Airgead miotalach

Bealach ba ea úsáid a bhaint as airgead miotalach ag sochaithe in annalód chun teacht ar réiteach ar an bhfadhb a bhain le tráchtearraí a bhí in úsáid mar airgead a bheith ag lobhadh. Ní fíos go baileach cén uair agus cén áit ar baineadh úsáid as airgead miotalach den chéad uair. Tá a fhios againn, áfach, go raibh airgead miotalach in úsáid thart ar 2000 Roimh Chríost san Áis, cé go bhfuil an chosúlacht ar an scéal nach raibh aon chaighdeán meáchain ag baint leis agus nach sé deimhnithe ag an lucht rialaithe. Baineadh úsáid as smutáin nó barraí óir agus airgid mar airgead tráchtearraí de bhrí gurbh fhurasta iad a iompar, nár lobh siad agus gurbh furasta iad a roinnt, a bheag nó a mhór. Ina theannta sin, d'fhéadfaí iad a leá chun seodra a dhéanamh astu.

## Boinn mhíotalacha

Bhí na hEorpaigh ar an gcéad dream a chruthaigh boinn mhíotalacha chaighdeánacha agus dheimhnithe. Thosaigh na Gréigigh an baint úsáide as boinn déanta as airgead thart ar 700 B.C.; ba iad Aegina (595 B.C.), Cathair na hAithne (575 B.C.), agus an Choraint (570 B.C.) na chéad státchathracha Gréigeacha a rinne a mboinn féin. Bhí ábhar airgid drachma Chathair na hAithne, a raibh cáil air de bharr ulchabhán a bheith greannta air, cobhsaí ar feadh nach mór 400 bliain. Baineadh úsáid go forleathan, dá bhrí sin, as boinn na Gréige (chuir Alastar Mór leis an úsáid fhorleathan sin), agus tháinig seandálaithe orthu in áiteanna éagsúla ón

Spáinn go dtí India an lae inniu. Maidir leis na Rómhánaigh a bhíodh ag baint úsáide as barraí ciotacha práis, ar a dtugtaí aes signatum, mar airgead, ghlac siad chucu féin cleas nua na nGréigeach maidir le boinn oifigiúla a úsáid agus ba iad an chéad dream iad a bhain úsáid as córas démhiotail trí úsáid a bhaint as an denarius (déanta as airgead) agus as an aureus (déanta as ór).

Faoi Impire Néaró sa chéad chéad Iar-Chríost, thosaigh ábhar miotail lómhair na mbonn ag laghdú de réir mar a thosaigh miontaí na himpireachta ag úsáid cóimhiotail níos mó agus níos mó in ionad an óir agus an airgid chun easnamh ollmhór na himpireachta a mhaoiniú. Agus luach intreach na mbonn ag titim, thosaigh praghas earraí agus seirbhísí ag ardú. Ansin tháinig ardú ginearálta ar phragsanna agus d'fhéadfaí a rá gur chuir sé sin le titim Impireacht na Róimhe san Iarthar. Maidir leis an solidus de chuid na Róimhe san Oirthear, bonn a thug Constantín Mór isteach sa cheathrú céad A.D., choinnigh sé an meáchan agus an t-ábhar miotail lómhair a bhí ann ó thús suas go dtí Iár an IIú céad. Dá bhrí sin, bhí a cháil amuigh agus bhí sé ar an mbonn ba thábhachtaí a bhí in úsáid do thrádáil idirnáisiúnta ar feadh cúig chéad bliain. Baineadh úsáid as boinn Ghréagacha Bhiosántacha mar airgead idirnáisiúnta agus tháinig seandálaithe orthu chomh fada ó bhaile agus Altai sa Mhongóil. I Iár an IIú céad, áfach, thit an tóin as geilleagar airgeadaíochta na mBiosántach agus tháinig córas nua isteach ina áit a mhair i rith an 12ú céad, go dtí gur chuir concas Chrosáidí Chathair Chonstantín in 1204 deireadh le stair bhoinn na nGréigeach-na Rómhánach.

Bhí an nós a bhain le húsáid a bhaint as boinn agus an t-eolas teicniúil a bhain lena ndéanamh scaipthe ag na Gréigigh agus na Rómhánaigh ar fud ceantair ollmhóir thíreolaíoch. Ar feadh an chuid is mó de na



Bhí ítimí éagsúla in úsáid mar airgead tráchtearraí – sliogáin ghlédhathacha, mar shampla.

# AIRGEAD — STAIR



Thosaigh na Síne ar úsáid a bhaint as airgead páipéir thart ar 800 agus leanadh ar aghaidh leis sin ar feadh na gcéadta bliain.

Meánaoiseanna ba iad boinn óir agus airgid a dhéantaí go háitiúil an meán íoca ba choitianta, cé go rabhtas ag baint níos mó agus níos mó úsáide as boinn chopair. I 793 I. C. rinne Charlemagne athchóiriú agus caighdeánú ar chóras airgeadaíochta na bhFranc, agus tugadh isteach caighdeán airgeadaíochta a d'fhág gurbh ionann punt amháin airgid na bhFranc (408g) agus 20 scilling nó 240 pingin – bhí an caighdeán sin bailí sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn go dtí 1971.

Tar éis thitim Chathair Chonstaintín, thug státchathracha na gceannaithe Iodálacha Genoa agus Flórans boinn óir isteach i 1252. An genoin a bhí in Genoa agus an fiorina (nó an florin) a bhí i bhFlórans. Sa chúigiú céad déag tháinig ducato na Veinése ina n-áit.

## Airgead páipéir

Thosaigh na Síne ar úsáid a bhaint as airgead páipéir thart ar 800 I. C. faoin Impire Hien Tsung agus leanadh ar aghaidh leis sin ar feadh na gcéadta bliain. Ní raibh aon luach tráchtearra leis an airgead páipéir sin agus ba airgead le foraithe ón impire amháin é. fiat money (i. e. airgead gan luach intreach) a bhí ann. Bhí airgead páipéir forleathan sa tSín thart ar 1000 I.C., ach éiríodh as a úsáid thart ar 1500 nuair a tháinig meath ar shochoaí na Síne i ndiaidh Chonchas na Mongólach.

## Oibleagáidí

Ba dheacair, áfach, trádáil a dhéanamh trasna achar fada fad is nach bhféadfaí luach a stóráil ach i bhfoirm tráchtearraí agus bonn. Ba iad státchathracha na hIodáile an chéad dream, mar sin, a thug isteach teastais féichiúnais (“oibleagáidí” nó “billí malairte”) mar mhodh íoca.

D'fhonn an baol a bhí ann go ndéanfaí robáil orthu agus iad i mbun a gcuid taisteal a laghdú, thug ceannaithe na hoibleagáidí sin leo. Bhí an féichiúnaí agus an t-iasachtóir

luaite ar na teastais sin, mar aon le dáta socraithe íoca agus suim an óir nó an airgid. Thosaigh baincírí marsantacha ar na hoibleagáidí sin a thrádáil, sula i bhfad. Tá an chéad fhianaise againn ar chonradh den chineál sin ó 1156.

Leanadh ar aghaidh ag baint úsáide as oibleagáidí, i measc ceannaithe Iodáileacha den chuid is mó, agus bhí an córas démhiotail i gceannas go dtí Cogadh na dTríocha Bliain. De bharr an rachlais eacnamaíoch a bhí cruthaithe ag an gcogadh, thosaigh rialtóirí cosúil le ríthe na Sualainne ag cur níos mó spéise in airgead páipéir. Thug an Bank of England é sin isteach i 1694 agus thug an Banque générale sa Fhrainc isteach i 1716 é. Ré nua i bhforás an airgid ba ea airgead fiat páipéir a bheith in úsáid san Eoraip.

Ba faoi na rialtais a bhí sé córas an airgid fiat a bhunú agus a rialú sna tíortha, ach bhí ról forais eile phoiblí agus phríobháideacha, cosúil le bainc cheannais agus an córas airgeadais, ag éirí níos tábhachtaí maidir le rath a bheith ar an airgeadra náisiúnta.

## Órchaighdeán

Ó glacadh le hairgead fiat thart ar dhá chéad bliain ó shin, tá athrú mór tagtha ar an gcóras airgeadaíochta. Bhí – agus tá fós – airgead páipéir ina airgead dlíthairisceana le hacht a achtaíonn an t-údarás inniúil agus leis sin amháin. Eisíodh in aonaid shocraithe an airgeadra náisiúnta é agus bhain luach ainmniúil sonrach soiléir leis. Ar feadh tamaill fhada, choinnigh na státnáisiúin culchistí óir ina mbainc cheannais d'fhonn iontaofacht a n-airgeadra a chinntiú – córas ar a dtugtar an tÓrchaighdeán. Bhíothas in ann airgeadraí i bhfoirm bonn agus nótaí páipéir muiníneacha a chomhshó go hór ag paireacht shocraithe. Ba í an Bhreatain Mhór an chéad tír, i ndáiríre, a bhunaigh órchaighdeán i 1816, tar éis gur shocraigh Sir Isaac Newton an ráta malairte idir punt agus ór i 1717 ag 3.811 punt steirlinge in aghaidh an unsa.

# ACHOMAIR

Le tús an Chéad Chogadh Domhanda, thosaigh go leor tíortha ag priontáil níos mó agus níos mó airgid chun íoc as costas an chogaidh. Sa Ghearmáin, mar shampla, mhéadaigh líon na nótaí bainc a d'eisigh an Reichsbank ó 2,593 milliún i 1913 go 92,844,720.7 billiún nóta bainc san iomlán i gcúrsaíocht an 18 Samhain 1923. Ba é an toradh a bhí air sin ar deireadh ná forbhoilsciú<sup>5</sup>. Agus níos mó agus níos mó airgid i gcúrsaíocht chuir formhór na dtíortha inmhalartacht a gcuid airgeadraí go hór ar fionraíocht mar nárbh ionann a thuilleadh an líon méadaithe a bhí ann agus na cúlchistí náisiúnta óir.

## Caighdeán órmhalairte

Thit an bonn as órchaighdeán na Breataine ar deireadh thiar thall i 1931, ach rinneadh an córas a athnuachan ag an gcomhdháil idirnáisiúnta i 1944 a reáchtáladh in Bretton Woods, New Hampshire. Ag an gcomhdháil sin, thángthas ar chomhaontú ar órchaighdeán athbhreithnithe: rinneadh rátaí malairte d'airgeadraí náisiúnta na mórchumhachtaí eacnamaíocha a nascadh leis an dollar agus bhí an dollar in-chomhshóite go hór ag praghas socraithe USD 35 in aghaidh an unsa. Tugtar an caighdeán órmhalairte dá bhrí sin ar chóras airgeadaíochta Bretton Woods uaireanta. Bhí bainc cheannais réidh chun dollair a chur ar fáil in ionad a n-airgeadra náisiúnta agus vice versa.

Chlis ar chóras airgeadaíochta Bretton Woods i 1971 agus ó shin i leith tá airgeadraí na mórgheilleagair fanta mar airgead fiat ceart. Ina theannta sin, tá cead tugtha ag formhór tíortha rátaí malairte a gcuid airgeadraí a luainiú.

Níl forás an airgid tar éis stop, áfach. Sa lá atá inniu ann, tá cineálacha éagsúla airgid neamh-inláimhsithe tar éis teacht ar an bhfód. Ina measc tá an rud ar a dtugtar “airgead leictreonach” (“e-airgead”), nó bealaí leictreonacha íoca, a tháinig ar an saol den chéad uair riamh sna 1990idí. Is féidir úsáid a bhaint as an gcineál sin airgid chun íoc as earraí agus seirbhísí ar an idirlíon nó trí úsáid a bhaint as meáin leictreonacha eile. Ach údarú a fháil ón gceannaitheoir chun a íocaíocht a dhéanamh, déanann an díoltóir teagmháil leis an mbanc eisiúna agus aistrítear na cistí chuige/chuici. I láthair na huairse tá scéimeanna éagsúla airgid leictreonaigh cártabhunaithe san Eoraip, arna bhfeidhmiú ag forais airgeadais den chuid is mó.

5 Féach Davies (1994, Ich 573) chun forléargas níos mine a fháil.



Choinnigh na státnáisiúin cúlchistí óir i mbainc náisiúnta d'fhonn iontaofacht a n-airgeadra a chinntiú.



Sa lá atá inniu ann, tá cineálacha éagsúla airgid neamh-inláimhsithe tar éis teacht ar an bhfód; ina measc tá “airgead leictreonach”.



# AN TÁBHACHT ATÁ LE COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA

# 3.

Tugann an chaibidil seo faisnéis mhionsonraithe chun cuidiú le freagraí a fháil ar cheisteanna cosúil le cad is cobhsaíocht praghsanna, boilsciú agus díbhailsciú ann, conas a dhéantar boilsciú a thomhas, cad iad na difríochtaí idir rátaí úis ainmniúla agus fáltas iarbhír, agus cad iad na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna, nó i bhfocail eile, cén fáth a bhfuil sé tábhachtach do bhainc cheannais cobhsaíocht praghsanna a chinntiú.

**3.1** míníonn an mhír seo buntéarmaí eacnamaíocha cosúil le coincheapa an bhoilscithe, an díbhailscithe agus na cobhsaíochta praghsanna.

**3.2** díríonn an mhír seo ar fhadhbanna a bhaineann le boilsciú a thomhas.

**3.3** tugann an mhír seo forléargas ar na sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna.



# AN TÁBHACHT ATÁ LE



3.1 Cad is cobhsaíocht praghsanna ann?

3.2 Boilsciú a thomhas

3.3 Sochair a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna

## 3.1 CAD IS COBHSÁÍOCHT PRAGHSANNA ANN?

### Boilsciú agus díbhoilsciú

Is feiniméin thábhachtacha eacnamaíocha iad boilsciú agus díbhoilsciú a imríonn tionchair thromchúiseacha dhiúltacha ar an ngeilleagar. Go bunúsach, is é an míniú a dhéantar ar bhoilsciú ná méadú ginearálta, nó méadú a bhfuil bonn leathan faoi, ar phraghsanna earraí agus seirbhísí ar feadh tréimhse leanúnach, rud a fhágann go dtagann laghdú ar luach an airgid agus dá bhrí sin ar chumhacht cheannacháin an airgid.

Is minic ráite gurb é atá i gceist le díbhoilsciú ná a mhalairt is atá i gceist le boilsciú, is é sin cúinse ina dtiteann an leibhéal ginearálta praghsanna ar feadh tréimhse leanúnach

Nuair nach ann do bhoilsciú nó díbhoilsciú, is féidir linn a rá go bhfuil cobhsaíocht praghsanna ann sa chás, ar an meán, nach dtagann méadú ná laghdú ar phraghsanna ach go bhfanann siad cobhsaí le himeacht ama. Abair, mar shampla, gur féidir le EUR 100 an ciseán céanna earraí a cheannach anois is a bhí sé in ann a cheannach bliain nó dhó ó shin; tugtar cuinse cobhsaíochta dearbhphraghsanna air sin.

### Gluaiseachtaí i bpraghsanna indibhidiúla agus ar an leibhéal praghsanna ginearálta

Tá sé tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir gluaiseachtaí i bpraghsanna earra nó seirbhíse indibhidiúla agus gluaiseachtaí sa leibhéal praghsanna ginearálta. Is gnách athruithe a bheith ag teacht ar phraghsanna indibhidiúla go minic i ngeilleagair mhargadhbhunaithe, fiú amháin má bhíonn cobhsaíocht praghsanna ann tríd is tríd. Nuair a thagann athrú ar chúinsí soláthair agus/nó éilimh d'earraí nó seirbhísí indibhidiúla, tagann athrú ar phraghas na n-earraí nó na seirbhísí sin ar deireadh. Mar shampla, le blianta beaga anuas tháinig laghduithe suntasacha ar phraghsanna ríomhairí agus guthán póca, de thoradh dhul chun cinn tapa na teiceolaíochta go príomha. Ó thús 1999 go lár 2004, áfach, tháinig méadú ar phraghsanna ola agus fuinnimh eile, de thoradh, i bpáirt, imní faoi thodhchaí an tsoláthair fuinnimh agus, de bharr, i bpáirt, éileamh níos mó a bheith ar fhuinneamh, go háirithe éileamh i measc geilleagair atá i mbéal fáis go tapa. Tríd is tríd, d'fhan an boilsciú i bhformhór na dtíortha tionsclaíochta íseal agus cobhsaí – is féidir le cobhsaíocht i leibhéal ginearálta na bpraghsanna bheith lámh ar lámh le hathruithe suntasacha ar phraghsanna indibhidiúla fad is go gceallaíonn praghsanna a bhíonn ag ardú agus praghsanna a bhíonn ag titim a chéile sa chaoi is go bhfanann an leibhéal praghsanna tríd is tríd gan athrú.



# COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA

## 3.2 BOILSCIÚ A THOMHAS

### Saincheisteanna tomhais

Cén dóigh is féidir boilsciú a thomhas? Bíonn na milliún praghas indibhidiúil i ngeilleagar. Tagann gluaiseachtaí ar na praghsanna sin go leanúnach – gluaiseachtaí a léiríonn athruithe i dtaca le soláthar agus éileamh earraí agus seirbhísí indibhidiúla agus, ar an gcaoi sin, a thugann léiriú ar “ghanntanas coibhneasta” na n-earraí nó na seirbhísí sin. Is léir nach mbíonn sé indéanta ná inmhianaithe na praghsanna sin ar fad a ghlacadh san áireamh, ach ag an am céanna ní cuí féachaint ar chuid díobh agus orthu sin amháin, ós rud é nach mbeidís sin ina léiriú ar an leibhéal praghsanna ginearálta.

### Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí

Bíonn cur chuige simplí ciallmhar ag gach tír i leith boilsciú a thomhas, trí úsáid a bhaint as rud ar a dtugtar “Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí” (IPT)<sup>6</sup>. Chuige sin, déantar anailís ar phatrúin cheannacháin tomhaltóirí le fáil amach cad iad na hearraí agus na seirbhísí a cheannaíonn tomhaltóirí de ghnáth – earraí agus seirbhísí is féidir a chur san áireamh mar léiriú ar an ngnáth-thomhaltóir sa gheilleagar. Ní hamháin go mbíonn na hítimí sin a cheannaíonn tomhaltóirí ó lá go lá (e.g. arán agus torthaí) san áireamh, ach bíonn ceannacháin earraí marthanacha (e.g. gluaisteáin, ríomhairí pearsanta, meaisíní níocháin, etc.) agus idirbhearta a dhéantar go minic (e.g. cíosanna) san áireamh freisin. Tríd an “liosta siopadóireachta” ítimí sin a chur le chéile agus iad a ualú de réir a dtábhachta i mbuiséid tomhaltóirí, cruthaítear rud ar a dtugtar “ciseán an mhargaidh”<sup>7</sup>. Seiceálann líon mór “suirbhéirí praghsanna” praghas na n-ítimí sin in asraonta éagsúla gach mí. Ansin, cuirtear costais an chiseáin sin i gcomparáid lena chéile le himeacht ama agus ar an gcaoi sin aimsítear sraith don innéacs do thomhaltóirí. Is féidir an ráta bliantúil boilscithe a ríomh

ansin tríd an athrú ar chostais chiseán an mhargaidh inniu a léiriú mar chéatadán de chostais an chiseáin iontamhail bliain ó shin.

Ach ní léiríonn forbairtí an leibhéal phraghsanna arna dtaispeáint ag ciseán den chineál sin ach cúinsí “gnáth-thomhaltóra” nó tomhaltóra shamlaigh. Má tá difear mór idir nósanna ceannacháin duine agus an meánphatrún tomhaltais agus dá bhrí sin go mbíonn difear idir iad agus an ciseán margaidh ar a mbíonn an t-innéacs bunaithe, d’fhéadfadh athrú sa chostas maireachtála don duine sin a bheith difriúil leis an gceann a léirítear san innéacs. Beidh daoine ann i gcónaí mar sin a mbeidh “ráta boilscithe” níos airde ag baint lena “gciseán féin” agus daoine a mbeidh “ráta indibhidiúil boilscithe” níos ísle ag baint leo. I bhfocail eile, níl sa bhoilsciú a thomhasann an t-innéacs ach tomhas measta ar mheánstádas an gheilleagair; ní hionann é agus na hathruithe praghsanna tríd is tríd a bhaineann le gach tomhaltóirí aonair.

<sup>6</sup> Leoga, ní hé an tInnéacs Praghsanna do Thomhaltóirí, a thomhasann na hathruithe ar phraghsanna earraí agus seirbhísí do thomhaltóirí, an t-aon innéacs praghsanna atá sa gheilleagar. Innéacs eile a mbaineann tábhacht iontamhail eacnamaíoch leis ná an tInnéacs Praghsanna do Tháirgeoirí. Tomhasann an t-innéacs na hathruithe a dhéanann táirgeoirí intire earraí agus seirbhísí ar phraghsanna díolacháin le himeacht ama

<sup>7</sup> Chun é a chur ar bhealach níos beachte, déantar na hearraí sin a ualú de réir sciaranna deiridh caiteachais airgeadaíochta ag teaghlach phríobháideacha. I gcleachtas, déantar na hualaí sa chiseán a athbhreithniú go tréimhsiúil d’fhonn athruithe ar iompraíocht tomhaltóirí a léiriú.



# AN TÁBHACHT ATÁ LE

## BOSCA 3.1: BOILSCIÚ A THOMHAS – SAMPLA SIMPLÍ

Léirímis na nithe thuas trí úsáid a bhaint as sampla simplí uimhreacha. Abair gurb é atá i gciseán ionadaíoch margaidh de chaiteachas bliantúil déagóirí ná 100 ceapaire, 50 deoch bog, deich ndeoch fuinnimh agus rothar sléibhe amháin.

	Líon	Praghas (Bliain 1)		Praghas (Bliain 2)		Praghas (Bliain 3)	
Ceapairí	100	EUR	1.00	EUR	1.20	EUR	0.90
Deochanna boga	50	EUR	0.50	EUR	0.40	EUR	0.70
Deochanna fuinnimh	10	EUR	1.50	EUR	1.70	EUR	1.20
Rothar sléibhe	1	EUR	160.00	EUR	173.00	EUR	223.00
Costas chiseán an mhargaidh		EUR	300.00	EUR	330.00	EUR	360.00
Innéacs praghsanna			100.00		110.00		120.00

Is féidir costas iomlán an chiseáin a ríomh ansin ach na cainníochtaí a mhéadú faoi na praghsanna a ghabhann leo

agus gach ní a shuimiú. Is furasta a fheiceáil go bhfuil costas an chiseáin earraí sin tar éis méadú ó EUR 300 go EUR 330, nó 10 %, sa dara bliain ón gcéad bhliain. Idir an chéad bhliain agus an tríú bliain, tá an costas tar éis ardú ó EUR 300 go EUR 360 – arb ionann é sin agus méadú 20 %.

Bealach eile chun é sin a léiriú ná i bhfoirm innéacs praghsanna. D'fhonn an t-innéacs praghsanna a ríomh, déantar costas chiseáin an mhargaidh i dtréimhse ar bith a roinnt ar chostas chiseáin an mhargaidh sa bhontréimhse, agus déantar an toradh a mhéadú faoi 100. Sa tábla thuas, is ionann an bonntréimhse agus bliain 1. Dá bhrí sin, is éard atá san innéacs praghsanna do bhliain 3 ná:

$$\text{Innéacs Praghsanna} = (P3/P1) \times 100 = (360/300) \times 100 = 120$$

Déanann an t-innéacs praghsanna iarracht pictiúr ginearálta a thabhairt faoina mbíonn ag tarlú do go leor praghsanna. Faoi mar a léiríonn an sampla, d'fhéadfadh an t-innéacs praghsanna méadú in ainneoin roinnt praghsanna a bheith ag titim.

### Saincheisteanna tomhais

Ar chúiseanna éagsúla, baineann deacrachtaí áirithe le hiarracht ar bith a dhéantar an t-athrú ar phraghsanna tríd is tríd a thabhairt mar aon uimhir amháin.

Ar an gcéad dul síos, is lú agus is lú an léiriú é an ciseán reatha le himeacht ama ar phatrúin tomhaltais mar go mbíonn tomhaltóirí ag ceannach earraí níos saoire in ionad na n-earraí daora níos mó agus níos mó. Mar shampla, de bharr praghsanna peitрил a bheith níos airde d'fhéadfadh daoine áirithe cinneadh a dhéanamh níos lú tiomána a dhéanamh agus líon níos mó earraí a cheannach ina ionad. Dá bhrí sin, mura ndéanfaí na hualuithe a choigeartú, d'fhéadfadh an t-athrú ar an innéacs na "fíormhéaduithe" praghsanna a róthomhas. Ar an dara dul síos, bíonn sé

deacair uaireanta athruithe cainníochtúla a chur san áireamh san innéacs praghsanna. Má thagann feabhas ar chaighdeán táirge le himeacht ama agus má thagann méadú ar an bpraghas ag an am céanna, bíonn cuid den athrú praghais sin ann de bharr an caighdeán a bheith feabhsaithe. Ní féidir méaduithe praghais de bharr athruithe caighdeán a ghluacadh san áireamh mar nithe a ardaíonn boilsciú, mar nach n-athraíonn siad cumhacht cheannacháin an airgid. Is gnách athruithe caighdeán a bheith ann thar thréimhsí fada ama. Mar shampla, is mór an difear idir gluaisteáin an lae inniu agus na gluaisteáin a rinneadh sna 1970idí, agus ba mhór an difear idir iadsan agus na cinn a rinneadh sna 1950idí. Caitheann oifigí staidrimh go leor ama ag déanamh coigeartuithe bunaithe ar athruithe caighdeán, ach ní furasta coigeartuithe den chineál sin a mheas.

# COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA



Taobh amuigh de chineálacha difriúla d'earraí atá ann cheana féin (e.g. arbhair bhricfeasta nua a bheith ar an margadh), is casta agus is tábhachtach an scéal é táirgí nua a chur san áireamh. Mar shampla, tar éis do sheinnteoírí DVD teacht ar an margadh, bhí mall-aga dosheachanta ama ann go dtí go bhféadfaí iad a ghlacadh san áireamh i staitisticí praghsanna, de bhrí go raibh gá le faisnéis faoi sciaranna den mhargadh, faoi na príomhbhealaí dáilte, faoi na déanaimh is mó rachairte, etc. Ach má fhanntar rófhada chun táirgí nua a ghlacadh isteach san innéacs praghsanna, teipeann ar an innéacs praghsanna léiriú iomlán a dhéanamh ar na meánathruithe iarbhair ar phraghsanna a bhaineann le tomhaltóirí.

San am a chuaigh thart, shonraigh roinnt staidéar eacnamaíochta laofacht bheag, ach dhearfach mar sin féin, sa tomhas a dhéantar ar innéacsanna praghsanna do thomhaltóirí agus maítear go bhféadfadh gurb ionann ráta tomhaiste boilscithe a bheadh níos lú ná  $\frac{1}{2}$  phointe céatadáin, abair, agus “fíorchobhsaíocht” praghsanna. I gcás limistéar an euro (i.e. gach tír san AE a bhfuil glactha acu leis an euro mar airgeadra dá gcuid féin), níl aon mheastacháin bheachta ann do laofacht tomhais den chineál sin. D'fhéadfaí bheith ag súil leis go mbeadh laofacht den chineál sin sách beag ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, is coincheap sách nua é an tInnéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) – IPT comhchuibhithe é sin do gach tír i limistéar an euro. Ar an dara dul síos, tá iarracht déanta ag Eurostat, an ghníomhaireacht de chuid Choimisiún na hEorpa atá freagrach as an réimse staidrimh sin ag leibhéal an AE, laofacht tomhais a sheachaint sa ICPT trí chaighdeán chúí staidrimh a leagan síos.

## Athróga ainmniúla agus iarbhair

Faoi mar a mhínear thuas, i gcás an bhoilscithe, is lú agus is lú earraí a bhíonn suim faoi leith airgid in ann a cheannach de réir a chéile. Is ionann é sin agus a rá go dtagann titim ar luach an airgid nó laghdú ar a chumhacht cheannacháin. Tugann an pointe sin ar aghaidh go saincheist

thábhachtach eacnamaíoch eile sinn: an difear idir athrógá ainmniúla agus athrógá iarbhair. Is éard is luach ainmniúil ann ná luach a thomhastar i bpraghsanna reatha. Athraíonn athrógá den chineál sin leis an leibhéal praghsanna de ghnáth agus dá bhrí sin le boilsciú. I bhfocail eile, ní bhíonn tionchair an bhoilscithe glactha san áireamh. Is éard is athrógá iarbhair ann, áfach, cosúil le hioncam iarbhair nó pá iarbhair, ná athrógá ina mbíonn tionchair an bhoilscithe „bainte amach“.

Abair go dtagann méadú 3 % i dtéarmaí ainmniúla (i.e. in airgead) sa bhliain ar thuilleamh oibrí, i bhfocail eile tagann méadú ar a thuilleamh míosúil ó EUR 2000, abair, go EUR 2060. Abair, ina theannta sin, go dtiocfadh méadú 1.5 % ar an leibhéal praghsanna ginearálta sa tréimhse chéanna, arb ionann é sin agus a rá gurb é atá sa ráta boilscithe ná 1.5 % sa bhliain, is ionann an méadú ar an bpá iarbhair sin agus  $((103/101.5) - 1) \times 100 \approx 1.48\%$  (nó thart ar 3% - 1.5% = 1.5%). Dá bhrí sin, dá airde an ráta boilscithe do mhéadú faoi leith ar phá ainmniúil, is é is lú earraí is féidir leis an oibrí sin a cheannach.

Difear tábhachtach eile is ea an difear idir rátaí úis ainmniúla agus rátaí úis iarbhair (féach freisin Bosca 3.2 thíos). Ach úsáid a bhaint as sampla, abair go gceannaítear banna a mbaineann tréimhse aibíochta bliana amháin leis ar a aghaidhluach a íocann 4% ag deireadh na bliana. Abair go n-íoctar EUR 100 ag tús na bliana, bheadh EUR 104 le fáil ag deireadh na bliana. Dá bhrí sin, íocann an banna ráta úis ainmniúil 4%. Tabhair faoi deara go dtagraíonn an ráta úis don ráta úis ainmniúil, ach amháin má luaitear a mhalairt.

Abair anois gurb é atá sa ráta boilscithe don bhliain sin ná 1.5%. Is ionann é sin agus a rá go gcosnaíonn an ciseán earraí EUR 100 inniú, nó go gcosnóidh sé EUR 101.50 an bhliain seo chugainn. Má cheannaítear banna a bhfuil ráta úis ainmniúil 4% ag gabháil leis ar EUR 100, má dhíoltar tar éis bliana é ar EUR 104, má cheannaítear, ansin, ciseán earraí ar EUR 101.50, beidh EUR 2.50 fágtha. Dá bhrí

# AN TÁBHACHT ATÁ LE

## BOSCA 3.2: AN GHAOLMHAIREACHT IDIR BOILSCIÚ A BHFUILTEAR AG SÚIL LEIS AGUS RÁTAÍ ÚIS – GAOLMHAIREACHT AR A DTUGTAR “ÉIFEACHT FISHER”

Tugann eacnamaithe an ráta úis ainmniúil ar an ráta úis a íocann an banc (nó gnáthbhanna). Is é an sainmhíniú a thugtar ar an ráta úis iarbhír ná méadú ar an gcumhacht cheannacháin a bhaintear amach trí infheistíocht. Má sheasann  $i$  don ráta úis ainmniúil,  $r$  don ráta úis iarbhír agus  $\pi$  don ráta boillsicthe, is féidir ansin an ghaolmhaireacht idir na trí athróg sin a scríobh mar seo a leanas:<sup>8</sup>

$$r = i - \pi$$

Ag leanúint ar aghaidh uaidh sin, is éard atá sa ráta úis iarbhír ná an difear idir an ráta úis ainmniúil agus an ráta boillsicthe. Ach atheagar a chur ar an gcothromóid sin, is furasta a fheiceáil gurb ionann an ráta úis ainmniúil agus suimiú an ráta úis iarbhír agus an ráta bhoillsicthe:

$$i = r + \pi$$

### Cad a bheadh le tuiscint ón gcothromóid sin, mar sin, i dtaca le deitéarmanaint na rátaí úis ainmniúil?

Nuair a aontaíonn iasachtaí (duine ar mian leis/léi gluasteán nua a cheannach, mar shampla) agus iasachtóir (banc, mar shampla) ar ráta úis ainmniúil, ní fios dóibh go baileach cén ráta boillsicthe a bheidh ann do thréimhse na hiasachta. Bíonn sé tábhachtach, dá bhrí sin, idirdhealú a dhéanamh idir dhá choincheap an ráta úis iarbhír: an ráta úis iarbhír a mbíonn an t-iasachtaí agus an t-iasachtóir ag súil leis nuair a dhéantar an iasacht, an ráta úis iarbhír ex ante ( $r^*$ ), agus an ráta úis iarbhír a bhíonn ann, an ráta úis ex post ( $r$ ).

Cé nach féidir le hiasachtaithe agus iasachtóirí boillsciú na todhcháí a réamhthomhas go beacht, is féidir a chreidiúint go mbíonn ionchas áirithe acu i dtaca leis an ráta boillsicthe sa todhcháí. Seasadh  $\pi$  do bhoillsciú iarbhír réadaithe agus seasadh  $\pi^e$  d'ionchas an ráta bhoillsicthe seo. Tuilleann an dá ráta úis iarbhír ex ante ná  $i - \pi^e$ , agus is éard atá sa ráta úis iarbhír ex post ná

$i - \pi$ . Bíonn difear sa dá ráta úis nuair a bhíonn difear idir boillsciú iarbhír nó réadaithe agus boillsciú ionchais. Is léir nach féidir leis an ráta úis ainmniúil boillsciú réadaithe sa todhcháí a ghlacadh san áireamh de bhrí nach eol dúinn é sin agus an ráta úis ainmniúil á shocrú. Ní féidir leis an ráta úis ainmniúil ach boillsciú ionchais a ghlacadh san áireamh.

$$i = r^* + \pi^e$$

Nuair a léirítear ar an gcaoi sin é, tugtar cothromóid Fisher ar an gcothromóid – is ón eacnamaí Irving Fisher (1867–1947) a thagann an t-ainm sin. Go bunúsach, taispeánann sé gur féidir leis an ráta úis ainmniúil athrú ar dhá chúis, eadhon de bhrí go n-athraíonn an ráta úis iarbhír ionchais ( $r^*$ ) nó de bhrí go n-athraíonn an ráta boillsicthe ionchais ( $\pi^e$ ). Le bheith beacht faoi, is é atá sa chothromóid ná i bhfianaise an ráta iarbhír ex ante, gluaiseann an ráta úis ainmniúil i go comhthreomhar le hathruithe ar bhoillsciú ionchais  $\pi^e$ . Tugtar “éifeacht Fisher” ar an ngaolmhaireacht cheann-ar-cheann sin idir an ráta boillsicthe ionchais agus an ráta úis ainmniúil, i.e. nuair a bhíonn boillsciú níos airde ina chúis le rátaí úis ainmniúla níos airde.

D’fhéadfadh, dá bhrí sin, nach mbeadh i ráta úis ainmniúil ard i dtaca le taise bairc nó banna rialtais ach léiriú ar ionchais i leith boillsciú ard agus ní gá go dtabharfadh sé le fios go bhfuiltear ag súil le fáiltas iarbhír na hinfeistíochta a bheith ard freisin. Tá an coincheap sin tábhachtach do gach duine a fhaigheann iasacht nó a thugann iasacht.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gur féidir, faoi chúisí faoi leith, préimheanna riosca a bheith san áireamh i ráta úis. De ghnáth cuimsíonn sé sin préimheanna riosca boillsicthe (éiginnteachta), préimheanna riosca an ráta mhalairte agus préimheanna riosca loicthe san áireamh.

<sup>8</sup> Tabhair faoi deara nach bhfuil sa ghaolmhaireacht ach meastachán, agus bíonn sé sách cruinn fad is a bhíonn  $r$ ,  $i$  agus  $\pi$  sách beag. Leoga, is féidir an méid seo a léiriú:  $1 + r = (1 + i) \times (1 + \pi)$  nó  $r = i + \pi + i \times \pi$ . Gan amhras, i gcás leibhéil ísle  $r$  agus  $\pi$ , is ar éigean ar fiú trácht ar an téarma  $r \times \pi$  agus, dá bhrí sin,  $r = i + \pi$  an meastachán a úsáidtear.

# COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA

thart ar EUR 2.5 in ioncam “iarbhir”, is ionann é sin agus a rá gurb é atá sa ráta úis iarbhír ná 2.5%. Is léir, sa chás nach boilsciú dearfach a bhíonn ann gur ísle an ráta úis iarbhír ná an ráta úis ainmniúil.

## 3.3 SOCHAIR A BHAINNEAN LE COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA

### Tacaíonn cobhsaíocht praghsanna le caighdeán níos airde mhaireachála trí chuidiú le ...

Míníonn an fhaisnéis thuas an chúis nach bhfáiltítear roimh bhoilsciú agus díbhoilsciú. Leoga, baineann míbhuntáistí agus costais shuntasacha le boilsciú agus díbhoilsciú. Cuireann cobhsaíocht praghsanna cosc leis na costais sin teacht chun cinn agus téann sé chun sochair do gach saoránach. Tá go leor bealaí ann ina gcuidíonn cobhsaíocht praghsanna le leibhéil arda leasa eacnamaíochta a bhaint amach, e.g. i bhfoirm fostaíocht ard.

### ... héiginnteacht faoi forbairtí praghsanna ginearálta a laghdú agus dá bhrí sin trédhearcacht praghsanna coibhneasta a fheabhsú ...

Ar an gcéad dul síos, de bharr cobhsaíocht praghsanna bíonn sé níos fusa do dhaoine athruithe ar phraghsanna earraí a aithint arna léiriú i dtéarmaí earraí eile (i.e. “praghsanna coibhneasta”), ós rud é nach mbíonn athruithe den chineál sin follaithe ag luaineachtaí sa leibhéal praghsanna tríd is tríd. Mar shampla, abair go dtagann titim 3% ar phraghas táirge faoi leith. Má tá an leibhéal praghsanna ginearálta cobhsaí, tá a fhios ag tomhaltóirí go bhfuil praghas coibhneasta an táirge sin tar éis ardú agus dá bhrí sin d’fhéadfaidís cinneadh a dhéanamh níos lú den táirge sin a cheannach. Má bhíonn an boilsciú ard agus neamhchobhsaí, áfach, bíonn sé níos deacra an praghas coibhneasta a dhéanamh amach - praghas a d’fhéadfadh a bheith laghdaithe fiú. I gcás den sórt sin d’fhéadfadh sé bheith níos fearr don tomhaltóir níos mó den táirge nach bhfuil a phraghas méadaithe “ach” 3% a cheannach.

I gcás díbhoilsciú i gcoitinne, tharlódh nach mbeadh a fhios ag tomhaltóirí nach mbíonn i dtitim sa leibhéal praghsanna do tháirge aonair ach léiriú ar fhorbairtí ginearálta praghsanna seachas titim sa leibhéal praghsanna coibhneasta don táirge sin. Dá thoradh sin, d’fhéadfadh go gceannóidís an iomarca den táirge sin trí bhotún.

Dá réir sin, má bhíonn praghsanna cobhsaí, ní bhíonn an baol ann go mbainfeadh gnólachtaí agus tomhaltóirí míbhri as athruithe ar an leibhéal praghsanna ginearálta agus iad ag ceapadh gur athruithe ar phraghsanna coibhneasta iad, agus bíonn ar a gcumas cinntí níos eolasaí tomhaltais agus infheistíochta a dhéanamh.

D’fhéadfadh go ndéanfadh gnólachtaí na cinntí míchearta fostaíochta de bharr éiginnteachta faoin ráta boilscithe. Mar léiriú air sin, abair, i dtimpeallacht an bhoilscithe aird, go mbaineann gnólacht míbhri as méadú 5% ar phraghas margaidh a chuid earraí agus é ag ceapadh gur laghdú praghas choibhneasta atá ann de bharr nach eol dó gur thit an ráta boilscithe le déanaí ó 6% go 4%, abair. D’fhéadfadh an gnólacht cinneadh a dhéanamh níos lú infheistíochta a dhéanamh agus oibríte a scaoileadh chun bóchair d’fhonn a chumais táirgthe a laghdú, mar go gceapfadh sé go mbeadh cailteanas aige de bharr laghdú a bheith tagtha ar phraghas coibhneasta a chuid earraí. Tharlódh ar deireadh, áfach, gur cinneadh mícheart a bheadh sa chinneadh sin, mar go bhféadfadh gur lú an méadú ar phá ainmniúil na bhfostaithe de bharr boilsciú níos ísle ná an méadú a raibh gnólacht ag súil leis. “Mí-leithdháileadh” acmhainní a thabharfadh eacnamaíche air sin. Is é a chiallaíonn sé i ndáiríre ná gur cuireadh acmhainní (caipiteal, saothar, etc.) amú, mar go mbeadh roinnt fostaithe difhostaithe de bharr éagobhsaíochtaí i bhforbairtí praghsanna.



De thoradh cobhsaíocht praghsanna bíonn sé níos éasca ar dhaoine athruithe ar phraghsanna earraí a shonrú.

# AN TÁBHACHT ATÁ LE



De thoradh cobhsaíocht pragsanna bíonn sé níos éasca ar dhaoine athruithe ar phragsanna earraí a shonrú.

Bheadh cur amú acmhainní den sórt céanna ann dá mbeadh oibríthe agus ceardchumann éiginnte faoi bhoilsciú sa todhchaí agus dá lorgóidís, dá thoradh sin, méadú pá ainmniúil sách ard chun boilsciú ard sa todhchaí – rud a chiallóidh laghdúithe suntasacha ar phá iarbhir – a sheachaint. Dá mbeadh ionchais níos ísle i dtaca le boilsciú ag gnólachtaí i gcomparáid le hoibríthe/ceardchumann i gcúinsí den sórt sin, d'fhéafadís a cheapadh gur méadú pá iarbhir sách ard a bheadh i méadú ar phá ainmniúil agus dá bhrí sin d'fhéafadís cinneadh a dhéanamh líon an lucht oibre a laghdú, nó, ar a laghad, líon níos lú oibríthe a fhóstu ná mar a bhí súil acu leo gan an méadú ard “measta” ar phá iarbhir.

Laghdaíonn cobhsaíocht pragsanna éiginnteacht faoi bhoilsciú agus dá bhí sin cuidíonn sé leis an mí-leithdháileadh acmhainní, dá dtagraítear thuas, a sheachaint. Trí chuidiú leis an margadh acmhainní a threorú go dtí an áit inar féidir an úsáid is táirgiúla a bhaint astu, méadaíonn cobhsaíocht pragsanna bhuan éifeachtúlacht an gheilleagair agus, dá bhrí sin, leas teaghlach.

## ... préimheanna riosca boilscithe i rátaí úis a laghdú ...

Ar an dara dul síos, más féidir le creidiúnaithe a bheith cinnte go bhfanfaidh pragsanna cobhsaí sa todhchaí, ní éileoidh siad fáiltas breise (“préimhe riosca boilscithe” mar a thugann siad air) mar chúiteamh ar na rioscaí boilscithe a bhaineann le sócmhainní ainmniúla a chothú san fhadtréimhse (féach Bosca 3.2 chun mionsonraí a fháil). Trí phréimheanna riosca den chineál sin a laghdú, agus ar an gcaoi sin rátaí úis ainmniúla níos ísle a chruthú, cuireann cobhsaíocht pragsanna leis an éifeachtúlacht lena leithdháileann margáí caipitil acmhainní agus dá bhrí sin méadaítear na dreasachtaí i leith na hinfheistíochta. Arís eile, cothaíonn sé sin cruthú postanna agus, ar bhealach níos ginearálta, cothaíonn sé leas eacnamaíoch.

## ...fálú gníomhaíochtaí gan chúis a sheachaint ...

Ar an tríú dul síos, ach cobhsaíocht pragsanna a bheith cothaithe is lú seans go ndéanfaidh daoine aonair agus gnólachtaí acmhainní a atreorú ó úsáid táirgiúla chun iad féin a chosaint (i.e. “fálú” a dhéanamh) i gcoinne an bhoilscithe nó an díbhoilscithe, mar shampla trí chonarthaí ainmniúla a innéacsú le forbairtí pragsanna. De bhrí nach bhfuil innéacsú iomlán indéanta nó go bhfuil sé róchostasach, i dtimpeallacht an bhoilscithe aird bíonn dreasacht ann earraí iarbhir a stoc-charnadh de bharr go gcoinníonn siad a luach, sna cúinsí sin, i gcomparáid le hairgead nó sócmhainní airgeadais faoi leith. Is léir, áfach, nach cinneadh éifeachtach infheistíochta é earraí a stoc-charnadh an iomarca agus cuireann sé bac le fás ioncaim iarbhir agus eacnamaíoch.

## ... éifeachtaí díchumtha ar chórais chánach agus ar chórais leasa shóisialaigh a laghdú ...

Ar an gceathrú dul síos, is féidir le corais chánach agus leasa dreasachtaí a chruthú a chuireann cruth mícheart ar iompraíocht eacnamaíochta. In go leor cásanna, déantar an míleamh sin níos measa de bharr boilsciú nó díbhoilsciú, de bharr nach nglacann córais fhioscacha innéacsú rátaí cánach agus ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh leis an ráta boilscithe san áireamh. Mar shampla, d'fhéadfadh gurbh é a bheadh mar thoradh ar mhéaduithe tuarastail a dhéanfaí chun oibríthe a chúiteamh as forbairtí boilscithe ná fostaithe a bheith ag íoc ráta cánach níos airde, feiniméan ar a dtugtar “forchéimniú fuar”. Laghdaíonn cobhsaíocht pragsanna éifeachtaí na míleamh sin a bhaineann leis a tionchar a bhíonn ag forbairtí boilscithe agus díbhoilscithe ar chórais chánach agus shóisialta.

# COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA

# 3

## BOSCA 3.3: FORBHOILSCIÚ

Nuair a bhíonn an ráta boilscithe an-ard agus/nó nuair a thagann méadú air go seasta agus go mbíonn sé imithe ó smacht ar deireadh, tugtar “forbhoilsciú” air sin. Go sóisialta, is feiniméan é forbhoilsciú ar féidir leis go leor scrios a dhéanamh agus bíonn ciallachais fhorghabhálacha ag baint leis do dhaoine aonair agus don tsochaí trí chéile. Cé nach bhfuil aon sainmhíniú ar fhorbhoilsciú a nglactar leis go coitianta, bheadh formhór eacnamaithe ar aon tuairim go bhféadfaí forbhoilsciú a thabhairt ar ráta boilscithe míosúil a sháraíonn 50%.

Bhí forbhoilsciú agus tréimhse de bhoilsciú an-ard ann roinnt babhtaí i rith an 20ú haois. Seo thíos roinnt samplaí de thíortha ar bhain rátaí bliantúla an-ard boilscithe leo maille leis na figiúirí do na blianta a luaitear:

1922	<b>An Ghearmáin</b>	<b>5,000 %</b>
1985	<b>An Bholav</b>	<b>níos airde ná 10,000 %</b>
1989	<b>An Airgintín</b>	<b>3,100 %</b>
1990	<b>Peiriú</b>	<b>7,500 %</b>
1993	<b>An Bhrasaíl</b>	<b>2,100 %</b>
1993	<b>An Úcráin</b>	<b>5,000 %</b>

Déanaimis léiriú gairid ar na hiarmhairtí a bheadh ag baint le feiniméan den chineál sin. Ciallaíonn ráta boilscithe 50% sa mhí méadú níos airde ná 100 oiread ar an leibhéal praghsanna in imeacht bliana agus méadú níos airde ná dhá mhíllíon oiread in imeacht trí bliana. Níl dabht ar bith faoi ach go leagfadh rátaí boilscithe den chineál sin ualach trom ar an tsochaí.

Leoga, maidir leis an bhforbhoilsciú, sa Ghearmáin, a lean an Chéad Chogadh Domhanda agus a bhain buaicphointe amach i 1923, bhí iarmhairtí scriosacha eacnamaíocha, sóisialta agus – faoi mar a aontaítear go forleathan – polaitiúla ag gabháil leis.

Chaill go leor daoine na coigiltí a bhí acu agus d’fhág sé sin cailteanas nach beag saibhris d’aicmí leathana an daonra. Nuair a tugadh faoi deara go raibh leibhéal praghsanna ag síormhéadú cuireadh tús le fáinne fí. D’iarr daoine pá níos airde, gan amhras, agus iad ag iarraidh teacht roimh leibhéal níos airde praghsanna san am a bhí le teacht. B’in go díreach a tharla ós rud é gurb é an toradh a bhí ar phá níos airde ná costais níos airde táirgthe – rud a chuir méadú ar praghsanna arís. Ar an mbealach céanna, thosaigh daoine ar cur a gcuid airgid – a raibh a luach cailte aige – ar aghaidh trína chaitheamh níos tapúla agus níos tapúla.

Ba é freagra an Rialtais ar an titim a bhí ag teacht ar luach an airgid ná níos mó náideanna a chur leis an airgeadra páipéir, ach le himeacht ama bhí sé dodhéanta bheith céim ar chéim leis an leibhéal praghsanna a bhí ag méadú as cuimse. Ar deireadh thiar thall níorbh fhéidir na costais fhorbhoilscithe sin a sheasamh. Le himeacht ama chaill an t-airgead a ról mar stóras luacha, mar aonad cuntais agus mar mheán do mhalartú go hiomlán. Bhíothas ag dul i muinín na babhtála níos mó agus níos mó agus thosaigh airgid neamhoifigiúla, cosúil le toitíní, nár chaill a luach de bharr boilsciú, ag tógáil áit an airgid pháipéir oifigiúil.

# AN TÁBHACHT ATÁ LE

## ... méadú ar na sochair a bhaineann le hairgead tirim a choinneáil ...

Ar an gcúigiú dul síos, is féidir an léamh a dhéanamh ar bhoilsciú gur cáin neamhfhollasach ar airgead titim a choinneáil atá ann. I bhfocail eile, maidir le daoine a choinníonn airgead tirim (nó taiscí nach mbaineann luach saothair ag rátaí margaidh leo), titeann a gcuid iarmhéideanna airgead iarbhir agus dá bhrí sin tagann laghdú ar a saibhreas airgeadais iarbhir nuair a thagann méadú ar an leibhéal praghsanna, díreach faoi mar a bheadh cuid den airgead imithe ar cháin. Dá bhrí sin, dá airde an ráta ionchais boilscithe (agus, dá thoradh sin, dá airde na rátaí úis ainmniúla – féach Bosca 3.2), is é is ísle éileamh teaghlach ar airgead tirim a choinneáil

(taispeánann Bosca 3.4 an fáth a gciallaíonn rátaí úis ainmniúla laghdú ar an éileamh ar airgead (neamh-aisíoctha)). Tharlaíonn sé sin, fiú amháin sa chás nach mbíonn boilsciú eiginnte fiú, i.e. má bhaineann ionchas iomlán leis. Dá réir sin, má choinníonn daoine líon níos ísle airgid thirim, ní mór dóibh turasanna a thabhairt ar an mbanc níos minice chun airgead a tharraingt amach. Maidir leis na míchaoithiúlachtaí agus costais sin a bhaineann le líon níos lú airgid thirim a bheith á choinneáil, tugtar “costais leathair bhróige” an bhoilscithe orthu sin go meafrach, mar go gcaitear bróga níos tapúla de bharr a bheith ag siúl chuig an mbanc. Ar bhealach níos ginearálta, is féidir a rá go gcruthaíonn sealúchais níos lú airgid thirim costais níos airde idirbheartaíochta.

## BOSCA 3.4: ÉILEAMH AR AIRGID TIRIM

De bharr a leachtachta, cuireann airgead seirbhís ar fáil don té a bhfuil sé ina s(h)eilbh aige/aici, is é sin idirbhearta a dhéanamh níos éasca. Seachas sin, ní bheadh aon dreasacht ann do dhaoine airgead nach n-aisíochtar a choinneáil ina seilbh. Trí airgead a bheith ina seilbh acu, bíonn daoine faoi réir costais a dtugtar “costais deise” orthu, mar go n-íocfadh sócmhainní ailtéarnacha ráta dearfach úis a bheadh á chailleadh acu. Dá bhrí sin, is gnách go mbíonn tionchar diúltach ag leibhéal níos airde an bhoilscithe ionchais, agus dá bhrí sin ráta níos airde úis ainmniúil (féach Bosca 3.2), ar an éileamh a bhíonn ar airgead.

Abair gur 2% atá i ráta úis gearrthréimhseach an mhargaidh a íoctar i dtaca le taiscí bainc nó banna rialtais. I gcás den sórt sin, ciallaíonn EUR 1000 i nótaí bainc a bheith i seilbh duine go gcailleann an duine sin EUR 20 sa bhliain. Is ionann an ráta úis a íoctar ar dheiseanna infheistíochta ailtéarnacha agus an costas deise a bhaineann le nótaí bainc a choinneáil.

Abair anois go dtagann méadú ar na rátaí úis ainmniúla de bharr boilsciú níos airde agus go n-íoctar ús 10% ar chuntas bainc seachas 2%. Dá mbeadh EUR 1000 in airgead tirim i seilbh duine is iad na costais deise a bheadh ann ná EUR 100 sa bhliain, nó thart ar EUR 2 sa tseachtain. Sa chás sin, d'fhéadfaí cinneadh a dhéanamh méid an airgid thirim i seilbh a laghdú faoi EUR 500, abair, agus dá bhrí sin an t-ioncam úis a mhéadú faoi thart ar EUR 1 sa tseachtain nó EUR 50 sa bhliain. I bhfocail eile, dá airde é an ráta úis, is é is lú éilimh a bhíonn ar nótaí bainc. Deir eacnamaithe go bhfuil an t-éileamh ar airgead “ús-leaisteach”.



# COBHSAÍOCHT PRAGHSANNA

## ... cosc a chur le dáileadh treallach a dhéanamh ar rachmas agus iocam ...

Ar an séú dul síos, ach cobhsaíocht praghsanna a bheith á cothú, cuirtear cosc le fadhbanna suntasacha eacnamaíocha, sóisialta agus polaitiúla a bhaineann le hathdháileadh treallach rachmais agus ioncaim a bhíonn le feiceáil i rith ama boilscithe agus díbhoilscithe. Bíonn sé sin fíor go háirithe má bhíonn sé deacair athruithe sa leibhéal praghsanna a réamh-mheas, agus do ghrúpaí sa tsochaí a mbíonn fadhbanna acu a n-éilimh ainmniúla a chosaint ar bhoilsciú. Mar shampla, má thagann ardú ar bhoilsciú gan choinne, cailleann daoine a bhfuil éilimh ainmniúla acu, i bhfoirm taiscí bainc, bannaí rialtais nó conarthaí pá níos fadtréimhsí mar shampla, ar luach iarbhrí na n-éileamh sin. Aistrítear maoin ansin ar bhealach treallach ó iasachtóirí (nó coigilteoirí) chuig iasachtaithe mar go gceannaíonn an t-airgead ina n-aisiocran an iasacht ar deireadh níos lú earraí ná mar a bhíodas ag súil leis nuair a rinneadh an iasacht.

Sa chás go mbeadh díbhoilsciú gan choinne ann, d'fhéadfadh go mbainfeadh sochair do dhaoine a mbeadh éilimh ainmniúla acu mar go dtiocfadh méadú ar luach iarbhrí a gcuid éileamh (e.g. pá, taiscí). In amanna díbhoilscithe, áfach, is minic nach mbíonn iasachtaithe nó féichiúnaithe in ann an fiach a íoc ar ais agus d'fhéadfadh go bhfágfaí babcnhriste iad. D'fhéadfadh sé sin damáiste a dhéanamh don tsochaí ina hiomláine, agus go háirithe do na daoine sin a bhfuil éilimh acu agus dóibhsean a oibríonn do ghnólachtaí a mbabcnhriste iad.

Cuireann boilsciú nó díbhoilsciú isteach ar na grúpaí is boichte sa tsochaí den chuid is mó de ghnáth, mar ní bhíonn ach deiseanna srianta acu chun iad féin a chosaint. Cuidíonn praghsanna cobhsaí, dá bhrí sin, le cobhsaíocht agus comhtháthú sochaí a choinneáil. Faoi mar a léiríodh ag tráthanna éagsúla i rith an 20ú céad, is minic go gcruthaíonn rátaí arda boilscithe éagobhsaíocht shóisialta agus pholaitiúil mar go mbraitheann na grúpaí sin a chailleann de bharr an

bhoilscithe go bhfuil feall imeartha orthu má imíonn cuid mhór dá gcoigiltí de bharr an bhoilscithe (gan choinne).

## ... cuidiú le cobhsaíocht airgeadais

Ar an seachtú dul síos, is féidir le hathluachálacha tapa ar shócmhainní de bharr athruithe ar bhoilsciú nach rabhtas ag súil leo an bonn a bhaint de shláine chlár comhardaithe an bhainc. Abair, mar shampla, go gcuireann banc iasachtaí fadtréimhseacha ar ús socraithe ar fáil – iasachtaí a bhíonn maoinithe ag taiscí ama gearrthréimhseacha. Má athraítear chuig boilsciú ard gan choinne, ciallóidh sé sin titim i luach iarbhrí na sócmhainní. Ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh fadhbanna sócmhainneacha a bheith ag an mbanc agus d'fhéadfadh sé sin “éifeachtaí slabhra” diúltacha a chruthú. Má chothaíonn beartas airgeadaíochta cobhsaíocht praghsanna, déantar turraingí boilscithe nó díbhoilscithe do luach iarbhrí sócmhainní ainmniúla a sheachaint agus cuirtear le cobhsaíocht airgeadais ar an gcaoi sin.

## Trí chobhsaíocht praghsanna a chothú, cuidíonn bainc cheannais le spriocanna eacnamaíocha níos leithne a bhaint amach

Maíonn gach ceann de na hargóintí sin go gcuideíonn banc ceannais a chothaíonn cobhsaíocht praghsanna go suntasach le spriocanna níos leithne eacnamaíocha a bhaint amach, spriocanna cosúil le caighdeán níos airde maireachtála, leibhéal níos airde agus níos cobhsaí gníomhaíochta eacnamaíche agus fostaíochta. Tacaíonn fianaise eacnamaíoch leis an tátal sin. Léiríonn an fhianaise sin, a bhaineann le go leor tíortha, modheolaíochtaí agus tréimhsí, go mbíonn an chosúlacht ar an scéal san fhadtréimhse go bhfásann geilleagair a bhfuil boilsciú íseal acu níos tapúla, ar an meán, i dtéarmaí iarbhrí.



San fhadtréimhse, fásann geilleagair a bhfuil boilsciú íseal acu níos tapúla, ar an meán, i dtéarmaí iarbhrí.



# CÚINSÍ A CHINNEANN FORBAIRTÍ PRAGHSANNA

# 4



Cuireann an chaibidil seo mionfhaisnéis ar fáil chun cuidiú le freagraí a fháil ar cheisteanna cosúil le cad a chinneann an leibhéal praghsanna ginearálta, nó cad iad na cúinsí a chuireann dlús faoi bhoilsciú, conas is féidir leis an mbanc ceannais, nó le beartas airgeadaíochta le bheith níos beachte faoi, cobhsaíocht praghsanna a chinntiú, cén ról atá ag an mbeartas fioscach, agus cibé ar chóir do bheartas airgeadaíochta díriú go díreach ar fhás iarbhír a fheabhsú nó ar dhífhostaíocht a laghdú, nó i bhfocail eile, cad is féidir agus nach féidir le beartas airgeadaíochta a bhaint amach.

**4.1** tugann an mhír seo forléargas ar na nithe is féidir agus nach féidir le beartas airgeadaíochta a dhéanamh.

**4.2** déileálann an mhír seo leis an gceist a bhaineann le beartas airgeadaíochta a bheith ag imirt tionchair ar ráta úis.

**4.3** léiríonn an mhír seo conas a théann athruithe ar rátaí úis i bhfeidhm ar chinntí caiteachais a dhéanann tomhaltóirí agus gnólachtaí.

**4.4** déanann an mhír seo athbhreithniú ar na cúinsí a chuireann dlús le forbairtí praghsanna sa ghearrthréimhse

**4.5** féachann an mhír seo ar na fachtóirí a chuireann dlús faoi fhorbairtí praghsanna sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, agus mínítear go bhfuil na hionstraimí cuí ag beartas airgeadaíochta thar na tréimhsí sin chun dul i bhfeidhm ar phraghsanna. Bíonn sé freagrach, dá bhrí sin, as treochtaí i dtaca le boilsciú.



# CÚINSÍ A CHINNEANN



## 4.1 NITHE IS FÉIDIR AGUS NACH FÉIDIR LE BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA A DHÉANAMH – FORLÉARGAS

Conas is féidir le beartas airgeadaíochta tionchar a imirt ar leibhéal praghsanna? Baineann an cheist sin leis an rud a dtugann eacnamaíthe an „próiseas tarchuir“ air, i.e. an próiseas trína dtarchuirtear gníomhartha an bhainc cheannais tríd an ngeilleagair, agus ar deireadh, chuig praghsanna. Cé go bhfuil an próiseas sin an-chasta, go dtagann athruithe air le himeacht ama agus go mbíonn sé éagsúil i ngeilleagair éagsúla - a mhéid is nach bhfuil na sonraí ar fad atá taobh thiar dó ar eolas againn, fiú – tuigtear go maith na bunghnéithe atá aige. Is féidir an bealach ina n-imríonn beartas airgeadaíochta tionchar ar an ngeilleagar a mhíniú mar seo a leanas: an banc ceannais amháin a eísíonn nótaí bainc agus cúlchistí bainc, i.e. soláthróir monaplach don rud ar a dtugtar an „bonn airgeadaíochta“ is ea é. De bhua na monaplachta sin, is féidir leis an mbanc ceannais tionchar a imirt ar chúinsí an mhargaidh airgid agus rátaí úis gearrthréimhseacha a stiúradh.

- 4.1 Nithe is féidir agus nach féidir le beartas airgeadaíochta a dhéanamh – forléargas
- 4.2 Airgead agus rátaí úis – conas is féidir le beartas airgeadaíochta tionchar a imirt ar rátaí úis?
- 4.3 Conas a théann athruithe ar rátaí úis i bhfeidhm ar chinntí caiteachais a dhéanann tomhaltóirí agus gnólachtaí?
- 4.4 Cúinsí le forbairtí praghsanna sa mheántréimhse
- 4.5 Cúinsí le forbairtí praghsanna san fhadtréimhse

## Sa ghearrthréimhse, is féidir leis an mbanc ceannais tionchar a imirt ar fhorbairtí eacnamaíochta iarbhír

Sa ghearrthréimhse, cuireann athrú ar rátaí úis an mhargaidh airgid (i.e. sa ghearrthéarma) roinnt meicníochtaí ar siúl, go príomha mar go mbíonn tionchar ag an athrú sin ar chinntí a dhéanann teaghlaigh agus gnólachtaí i dtaca le hairgead a chaitheamh agus a choigilt. Mar shampla, de bharr rátaí úis a bheith níos airde, agus gach rud eile a bheith mar an gcéanna, beidh sé níos deacra teaghlaigh agus gnólachtaí a mhealladh chun iasachtaí a fháil chun a dtomhaltais nó a n-infheistíocht a mhaoiniú. Bíonn fonn níos mó ar theaghlaigh, dá bharr, freisin, a gcuid ioncaim reatha a choigilt seachas a chaitheamh. Ar deireadh, d'fhéadfadh athruithe ar rátaí oifigiúla úis cur isteach ar an soláthar creidmheasa. Imríonn na forbairtí sin, ina dhiaidh sin, ach moill bheag a bheith ann, tionchar ar fhorbairtí in athróg eacnamaíochta iarbhír cosúil le haschur.

## San fhadtréimhse, imreoidh athruithe ar an soláthar airgid tionchar ar an leibhéal praghsanna ginearálta ...

Tá meicníochtaí agus gníomharthaí éagsúla arna ndéanamh ag gníomhairí eacnamaíochta ag céimeanna difriúla den phróiseas mar chuid de na próisis dhinimiciúla dá dtagraítear thuas. Ina theannta sin, bíonn méid agus déine na dtionchar éagsúil difriúil ag brath ar staid an gheilleagair. Dá thoradh sin, glactar sé roinnt mhaith ama de ghnáth ar bheartas eacnamaíochta chun tionchar a imirt ar fhorbairtí praghsanna. Glactar

# FORBAIRTÍ PRAGHSANNA

leis go forleathan i measc lucht gairmiúil eacnamaíochta, áfach, nach léireofar, san fhadtréimhse, i.e. tar éis gach coigeartú sa gheilleagar a bheith curtha i gcrích, athrú i gcainníocht an airgid a sholáthraíonn an banc ceannais (agus gach ní eile fanta mar an gcéanna) ach in athrú ar leibhéal ginearálta praghsanna agus nach gcúiseoidh sé athruithe buana ar athrógá iarbhír cosúil le haschur iarbhír nó dífhostaíocht. Is ionann athrú ar chainníocht an airgid i gcúrsaíochta, arna chúiseamh ag an mbanc ceannais, ar deireadh agus athrú san aonad cuntais (agus dá bhrí sin ar an leibhéal praghsanna ginearálta) – rud a fhágann gach athróg eile cobhsaí, ar an mbealach céanna, nach mór, nach n-athródh athrú a dhéanafaí ar an aonad caighdeánach lena dtomhaistear fad slí (e.g. athrú ó chiliméadair go mílte) an t-achar slí idir dhá áit.

## ... ach ní imreofar tionchar ar leibhéal an ioncaim iarbhír nó na fostaíochta

Tá an prionsabal ginearálta sin, ar a dtugtar “neodracht fhadtréimhseach” airgid, mar bhonn le gach smaointeoireacht agus creat teoiriciúil caighdeánach maicreanamaíochta. Faoi mar a luaitear thuas, bíonn tionchar suntasach dearfach ar an leas agus ar ghníomhaíocht iarbhír ag beartas eacnamaíochta a chothaíonn cobhsaíocht praghsanna ar bhealach inchreidte. Seachas an tionchar dearfach sin ar chobhsaíocht praghsanna, déantar ioncam iarbhír nó an leibhéal fostaíochta sa gheilleagar a chinneadh, san fhadtréimhse, ag fachtóirí (ar thaobh an tsoláthair) iarbhír, agus ní féidir le beartas airgeadaíochta leathnúcháin cur leis sin.<sup>9</sup>

Is iad príomhdheitéarmanaint sin na fostaíochta fadtréimhsí agus an ioncaim iarbhír ná an teicneolaíocht, fás an daonra agus gach gné de chreat institiúideach an gheilleagair (go háirithe ceartha maoinne, beartas cánach,

beartais leasa agus rialacháin eile a chinneann solúbthacht margaí agus dreasachtaí maidir le saothar agus caipiteal a sholáthar agus acmhainní daonna a infheistiú).


## Feiniméan airgeadaíochta is ea an boilsciú ar deireadh thiar thall

Feiniméan airgeadaíochta is ea an boilsciú ar deireadh thiar thall. Faoi mar a dhearbhaíonn roinnt staidéar eimpíreach, téann tréimhsí fada boilscithe aird lámh ar lámh le fás ard airgeadaíochta de ghnáth (féach an chairt thíos). Cé gur féidir le fachtóirí eile (cosúil le hathruithe ar éileamh comhiomlán, athruithe teicneolaíochta nó turraingí praghsanna tráchtearraí) tionchar a imirt ar fhorbairtí praghsanna sa ghearrthréimhse, is féidir na tionchair sin a chealú le himeacht ama ach coigeartú éigin a dhéanamh ar bheartas airgeadaíochta. Ar an gcaoi sin, is féidir le bainc ceannais treochtaí fadtréimhseacha praghsanna nó boilsciú a rialú.



Bíonn tionchar dearfach tábhachtach ar an leas ag beartas eacnamaíochta a chothaíonn cobhsaíocht praghsanna ar bhealach inchreidte.

## CAIRT AIRGEAD AGUS BOILSCIÚ



Meánrátaí bliantúla fáis in M2 agus i bpraghsanna tomhaltais le linn 1960-90 i 110 tír.

Foinse: McCandless agus Weber (1995).

<sup>9</sup> Is éard is fachtóirí ar thaobh an tsoláthair ná fachtóirí a chuireann dlús faoi sholáthar earraí agus seirbhísí i ngeilleagar, go háirithe líon agus caighdeán an chaipitil agus an tsaothair, mar aon leis an dul chun cinn teicneolaíoch agus dearadh beartas struchtúrach.

# CÚINSÍ A CHINNEANN

San fhorléargas gairid seo tugtar aghaidh ar roinnt pointí a mbeidh míniú breise ag teastáil dóibh amach anseo. De bhrí gur feiniméan airgeadaíochta ar deireadh thiar thall is ea boilsciú, ní mór míniú a dhéanamh ar bhealach níos mine ar an gcaoi a n-imríonn beartas airgeadaíochta tionchar ar an ngeilleagar agus ar fhorbairt praghsanna, sa deireadh. Is fearr aghaidh a thabhairt air sin i dtrí chéim.

Ar an gcéad dul síos, i Mír 4.2, pléimid an fáth agus an chaoi a n-imríonn beartas airgeadaíochta tionchar ar rátaí úis. Ar an dara dul síos, i Mír 4.3 féachaimid ar conas a théann athruithe ar rátaí úis i bhfeidhm ar chinntí caiteachais a dhéanann tomhaltóirí agus gnólachtaí. Ar deireadh, déanaimid anailís ar an gcaoi a dtéann na hathruithe sin ar éileamh comhiomlán i bhfeidhm ar fhorbairtí praghsanna. Sa chomhthéacs sin pléimid, freisin, fachtóirí eile, i.e. fachtóirí neamhairgeadais nó iarbhir, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar fhorbairtí praghsanna sa ghearrthréimhse. D'fhéadfadh sé a bheith úsáideach tuiscint a fháil ar soláthar agus éileamh earraí sa gheilleagar ar an iomlán nó ar an gcomhiomlán (féach Bosca 4.2) agus idirdhealú a dhéanamh idir tionchair ghearrthréimhseacha agus tionchair fhadtréimhseacha (Míreanna 4.4 agus 4.5).

## 4.2 AIRGEAD AGUS RÁTAÍ ÚIS – CONAS IS FÉIDIR LE BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA TIONCHAR A IMIRT AR RÁTAÍ ÚIS?

Is féidir le banc ceannais na rátaí úis ainmniúla gearrthréimhseacha a bhíonn le híoc ag bainc nuair a theastaíonn uathu creidmheas a fháil ón mbanc ceannais a shocrú. Ní mór do bhainc dul chuig an mbanc ceannais de bhrí go mbíonn nótaí bainc de dhíth orthu dá gcliaint agus go mbíonn orthu ceanglais íos-chúltaca i bhfoirm taircís leis an mbanc ceannais a chomhlíonadh.

De bhrí gur ag bainc cheannais amháin a bhíonn an cead nótaí bainc (agus cúltacaí bainc) a eisiúint, i.e. is soláthróirí monaplacha an bhunús airgid iad, is féidir leo na rátaí polasaí, i.e. an ráta úis ainmniúil gearrthréimhseach, a chinneadh i dtaca le hiasachtaí a thugtar do bhainc. Imríonn na hionchais i leith forbairt ar rátaí polasaí sa todhchaí tionchar ansin ar raon leathan rátaí úis níos fadtréimhsí bainc agus margaidh.

## 4.3 CONAS A THÉANN ATHRUITHÉ AR RÁTAÍ ÚIS I BHFEIDHM AR CHINNTÍ CAITEACHAIS A DHÉANANN TOMHALTÓIRÍ AGUS GNÓLACHTAÍ?

Ó pheirspictíocht an teaghlaigh aonair, má bhíonn ráta úis iarbhir ard ann mealltar daoine chun coigiltí a dhéanamh, ós rud é go mbíonn an fáltas ar choigiltí i dtéarmaí tomhaltais amach anseo níos airde. Dá bhrí sin, is é an toradh a bhíonn ar rátaí úis iarbhir níos airde de ghnáth ná titim sa tomhaltas reatha agus méadú ar choigiltí. Ó thaobh an ghnólachta de, cuirfidh ráta úis iarbhir níos airde, ach gach athróg eile a bheith gan athrú, cosc le hinfheistíocht, mar is lú i bhfad an líon tionscadal infheistíochta a thairgfidh fáltas leordhóthanach chun íoc as an costas ard caipitil.

I mbeagán focal, má thagann ardú ar an ráta úis is lú fonn a bheidh ar theaghlaigh dul i mbun tomhaltais agus is lú fonn a bheidh ar ghnólachtaí infheistíochta a dhéanamh. Léiríonn na tionchair ar theaghlaigh agus gnólachtaí aonair gurb é an toradh a bheidh ar mhéadú ar rátaí úis iarbhir de thoradh beartas airgeadaíochta ná laghdú ar chaiteachas reatha sa gheilleagar trí chéile (má fhanann gach athróg eile gan athrú). Deir eacnamaithe go mbíonn athrú beartais den chineál sin ina chúis le titim san éileamh comhiomlán agus dá bhrí sin is minic go dtugtar “fáisceadh” an bheartais airgeadaíochta air.

Tá sé tábhachtach a thuiscint go mbaineann mall-agaí ama leis an bpróiseas sin. D'fhéadfadh go héasca go nglacfaidh

# FORBAIRTÍ PRAGHSANNA

sé míonna ar ghnólachtaí plean nua infheistíochta a chur i bhfeidhm; d'fhéadfadh blianta, fiú, a bheith i gceist le hinfeistíochtaí a bhaineann le gléasraí nua a thógáil nó trealamh speisialta a ordú. Glacann sé roinnt ama ar infheistíocht tithíochta freagairt d'athruithe ar rátaí úis. Ina theannta sin, ní athróidh go leor tomhaltóirí a bpleananna tomhaltais láithreach de bharr athruithe ar

rátaí úis. Leoga, aontaítear go ginearálta go nglacann próiseas tarchuir an bheartais airgeadaíochta tríd is tríd am. Ní féidir le beartas airgeadaíochta, dá bhrí sin, rialú a dhéanamh ar an éileamh ar earraí agus seirbhísí tríd is tríd sa ghearrthréimhse. I bhfocail eile, bíonn moill-aga ama suntasach ann idir athrú ar bheartas airgeadaíochta agus an tionchar a bhíonn aige sin ar an ngeilleagar.

## BOSCA 4.1 CÉN FÁTH AR FÉIDIR LE BAINC CEANNAIS TIONCHAR (EX ANTE) A IMIRT AR RÁTAÍ ÚIS IARBHÍR? RÓL PRAGHSANNA 'GREAMAITHEACHA'

Faoi mar a míníodh ar bhealach níos mine i mBosca 3.2, is éard atá sa ráta úis iarbhír ex ante ná an fáltas iarbhír a mheastar a bheith ag baint le sócmhainn airgeadais faoi leith. Is é an sainmhíniú a dhéantar air ná an ráta úis ainmniúil lúide boilsciú ionchais thar an tréimhse aibíochta dá mbíonn an ráta úis socraithe. Tá baint ag tionchar an bheartais airgeadaíochta ar ráta úis iarbhír gearrthréimhseacha le dhá shaincheist: rialaíonn beartas airgeadaíochta an ráta úis ainmniúil gearrthréimhseach agus bíonn praghsanna greamaitheach sa gearrthréimhse.

Cad is brí le “praghsanna greamaitheacha”? Tugann fianaise eimpíreach le fios dúinn go mbíonn formhór praghsanna socraithe ar feadh tamaill áirithe; go minic ní athraíonn gnólachtaí ar an toirt na praghsanna a ghearrann siad de thoradh ar athruithe i dtaca le soláthar nó éileamh. I ndáiríre, déantar praghsanna áirithe a mhionathrú go minic (e.g. praghsanna peitрил), agus ní athraítear praghsanna eile ach uair sa mhí nó uair sa bhliain. D'fhéadfadh cúiseanna éagsúla a bheith leis sin. Ar an gcéad dul síos, bíonn praghsanna socraithe uaireanta trí chonarthaí fadtréimhseacha idir gnólachtaí agus custaiméirí chun laghdú a dhéanamh ar na héiginnteachtaí agus na costais a bhaineann le dul i mbun idirbheartaíochta go minic. Ar an dara dul síos, d'fhéadfadh gnólachtaí praghsanna a choinneáil sochair ionas nach mbeidís ag cur isteach ar na custaiméirí rialta a bhíonn acu de bharr praghsanna a bheith ag athrú go minic. Ar an tríú dul síos, bíonn praghsanna áirithe

greamaitheach de bharr an chaoi a mbíonn margáí stuchtúrtha; ach catalóg nó liosta praghsanna a bheith priontáilte agus dáilte ag gnólacht, bíonn sé costasach praghsanna a athrú. Ar deireadh, baineann costas, freisin, le praghsanna nua a ríomh. San fhadtréimhse, áfach, téann praghsanna in oiriúint do chúinsí nua soláthair agus éilimh. I bhfocail eile, bíonn praghsanna solúbtha san iomlán san fhadtréimhse.<sup>10</sup>

Abair, anois, go méadaíonn an banc ceannais an soláthar airgid. Mar shampla, priontálann sé airgead nua agus ceannaíonn sé bannaí rialtais. Ní bhíonn daoine sásta líon níos mó airgid a choinneáil agus a sealúchais bhannaí a laghdú ach amháin má thiteann an fáltas ar na bannaí, i.e. an ráta úis. Dá bhrí sin, má mhéadaíonn an banc ceannais an soláthar airgid, ní mór don ráta úis ainmniúil titim d'fhonn uchtach a thabhairt do dhaoine líon níos mó airgid a choinneáil. Agus de bhrí go mbíonn praghsanna greamaitheach sa ghearrthréimhse, ciallaíonn sé go bhfanann ionchais i leith boilscithe sa ghearrthréimhse gan athrú, a bheag nó a mhór. Dá thoradh sin, is ionann athrú ar rátaí úis ainmniúla gearrthréimhseacha agus athrú ar an ráta úis iarbhír measta ex ante (féach freisin Bosca 3.2). Dá bhrí sin, is féidir le beartas airgeadaíochta tionchar a imirt ar rátaí úis iarbhís ex ante nó ionchais i dtaca le hionstraimí gearrthréimhseacha.

<sup>10</sup> Cé is móite de phraghsanna riarta, a dtagann athrú orthu go fíorannamh.



# CÚINSÍ A CHINNEANN


## BOSCA 4.2 CONAS A THÉANN ATHRUITHE AR ÉILEAMH COMHIOMLÁN I BHFÉIDHM AR FHORBAIRTÍ PRAGHSANNA? AR GHNÍOMHAÍOCHT EACNAMAÍOCH AGUS AR FHORBAIRTÍ PRAGHSANNA?

Bealach simplí chun léiriú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann athruithe ar éileamh comhiomlán i bhfeidhm ar fhorbairtí praghsanna is ea úsáid a bhaint as múnla simplí a dhíríonn ar sholáthar agus éileamh comhiomlán sa gheilleagar ina iomláine. Ar mhaithe leis an léiriú seo, coinneoidimid anailís sách simplí. Ag an am céanna, cuirfimid ár gcuid argóintí i láthair le cabhair cairteacha. Go bunúsach, déanann an múnla seo iarracht cur síos a dhéanamh ar an ngaolmhaireacht idir cainníocht iarbhír earraí agus seirbhísí a sholáthraítear agus an t-éileamh sa gheilleagar agus an leibhéal praghsanna comhiomlán.

### Soláthar agus éileamh comhiomlán – cothromaíocht ghearrthréimhseach

Léiríonn an chart thíos soláthar comhiomlán (SC) agus éileamh comhiomlán (EC), agus tá an leibhéal praghsanna ar an ais cheartingearach agus an t-aschur iarbhír ar an ais chothrománach.

### CAIRT I ÉILEAMH COMHIOMLÁN AGUS SOLÁTHAR COMHIOMLÁN GEARRTHRÉIMHSEACH



### Éileamh comhiomlán agus an leibhéal praghsanna

D'fhonn tuiscint a fháil ar chlaon an éilimh chomhiomláin, ní mór dúinn anailís a dhéanamh ar a tharlaíonn do chinntí i dtaca le caiteachas iarbhír nuair a thagann athrú ar an leibhéal praghsanna, ag glacadh leis go bhfanann gach athróg eacnamaíoch eile gan athrú. Is féidir a léiriú go bhfuil claon diúltach ag cuar an éilimh chomhiomláin. Bealach amháin le smaoineamh air sin is ea i dtéarmaí soláthar agus éileamh ar iarmhéideanna airgid iarbhír. Má bhíonn praghsanna níos airde ach soláthar ainmniúil an airgid a bheith socraithe, beidh iarmhéideanna airgid iarbhír níos ísle ag daoine agus ciallaíonn sé sin nach féidir leo maoiniú a dhéanamh ach ar líon níos ísle idirbheart. Ar an láimh eile, má bhíonn an leibhéal praghsanna níos ísle, bíonn iarmhéideanna airgid iarbhír níos airde agus ciallaíonn sé sin líon níos mó idirbheart agus dá bhrí sin bíonn éileamh níos mó ar aschur iarbhír.

### Soláthar comhiomlán agus an leibhéal praghsanna sa ghearrthréimhse

Faoi mar a thuigtear ón ainm, déileálann soláthar comhiomlán le soláthar earraí agus seirbhísí a tháirgeann gnólachtaí. Ní mór dúinn tuiscint a bheith againn ar dtús ar an gcaoi a mbíonn an leibhéal praghsanna tríd is tríd nasctha leis an leibhéal aschuir tríd is tríd sa ghearrthréimhse, i.e. ag glacadh san áireamh go bhfanann gach factóir eile (teicneolaíocht táirgthe a, pá ainmniúil, etc.) gan athrú. Conas a théann athrú sa leibhéal praghsanna i bhfeidhm ar tháirgiúlacht iarbhír nó ar aschur iarbhír de chuid gnólachtaí? Go bunúsach, má bhíonn pá ainmniúil socraithe, is é an toradh a bheidh ar leibhéal praghsanna níos airde ná laghdú ar phá iarbhír. Agus pá iarbhír níos ísle, bíonn sé níos brabúsaí do ghnólachtaí líon níos mó oibríthe a fhosú agus an táirgeadh a mhéadú. I bhfocail eile, is príomhdheitearmanant fostaíochta é pá iarbhír. Ach



# FORBAIRTÍ PRAGHSANNA

# 4

pragsanna níos airde a bheith ann agus gach fachtóir eile, cosúil le teiceolaíocht táirgthe agus pá ainmniúil, bheith fanta gan athrú, méadóidh gnólachtaí an fhostaíocht agus an táirgeacht. Bíonn cuair an tsoláthair chomhiomláin ghearrthréimhsigh ag ardú, dá bhrí sin.

Cinneann trasghearradh an dá chuar an rud a dtugann eacnamaíthe an “chothromaíocht” air. Tá coincheap na cothromaíochta ríthábhachtach i gcúrsaí eacnamaíochta. Is amhlaidh atá mar, i gcúinse den sórt sin, go mbíonn mianta an dá thaobh den mhargadh ag teacht lena chéile agus, dá bhrí sin, ní bhíonn aon chosúlacht ann go dtarlódh athrú breise. Sa chás sin, cinneann an chothromaíocht an leibhéal pragsanna agus an leibhéal aschuir iarbhair a bhíonn sa gheilleagar ag an am céanna.

Cad a tharlaíonn má bhaineann éagothromaíocht leis an ngeilleagar? Abair go mbaineann leibhéal pragsanna leis an ngeilleagar atá níos airde ná an leibhéal cothromaíochta. I gcás den sórt sin, bíonn an soláthar comhiomlán ró-ard agus an t-éileamh comhiomlán ró-íseal i gcomparáid le cothromaíocht. Cad a tharlódh ansin? Má bhíonn an leibhéal pragsanna níos airde ná mar a bheadh i gcás cothromaíochta, bíonn ceannaitheoirí ag iarraidh níos lú a cheannach ná mar a bhíonn táirgeoirí ag iarraidh a dhíol. Dá bhrí sin, ísleoidh roinnt soláthróirí a gcuid pragsanna, agus ciallóidh sé sin méadú ar an éileamh comhiomlán. Ag an am céanna, ardóidh na pragsanna níos ísle pá iarbhair (mar go mbíonn pá ainmniúil socraithe sa ghearrthréimhse) agus – de bharr gur fachtóir costais do ghnólachtaí é pá iarbhair – gearrfar siar ar an táirgeadh agus laghdófar an soláthar comhiomlán. Leanfaidh an próiseas sin ar aghaidh go dtí go mbainfear cúinse cothromaíochta amach, i.e. cúinse ina mbíonn

mianta agus pleananna ceannaitheoirí agus díoltóirí ag teacht lena chéile ag leibhéal áirithe pragsanna agus aschuir.


## **Soláthar comhiomlán san fhadtréimhse**

Cén fáth a ndearnamar trácht thuas ar chuar an tsoláthair ghearrthréimhsigh? Ní mhairfidh tionchar dearfach ag leibhéal pragsanna níos airde ar aschuir iarbhair ach a fhad is a fhanann pá ainmniúil, agus dá bhrí sin, pá iarbhair, gan athrú. I ndáiríre, bíonn pá ainmniúil socraithe ar feadh thart ar bhliain de ghnáth, agus i gcásanna áirithe ar feadh suas le dhá bhliain. Sa chás nach nglacann oibrithe nó ceardchumainn le pá iarbhair níos ísle de thoradh boilsciú ard bainfidh siad leas as na chéad chainteanna pá eile chun cúiteamh a éileamh i bhfoirm pá níos airde. Má théann pá iarbhair ar ais chuig an leibhéal ag a raibh sé sular tháinig méadú ar an leibhéal pragsanna (agus má fhanann teicneolaíocht táirgthe gan athrú), ní bheidh sé brabasach do ghnólachtaí a thuilleadh an táirgeadh agus an fhostaíocht a choinneáil ag leibhéal ard agus dá bhrí sin déanfaidh siad gearradh siar. I bhfocail eile, mura féidir pá iarbhair a laghdú trí bhoilsciú ard san fhadtréimhse, beidh fostaíocht agus táirgeadh neamhspleách ar fhorbairt pragsanna san fhadtréimhse. Ciallaíonn sé sin go mbeidh cuair an tsoláthair chomhiomláin fhadtréimhsigh ceartingearach.

# CÚINSÍ A CHINNEANN

## An chothromaíocht fhadtréimhseach

### CAIRT 2 ÉILEAMH COMHIOMLÁN AGUS SOLÁTHAR COMHIOMLÁN FADTRÉIMHSEACH



Tugann eacnamaithe an leibhéal poitéinsiúil aschuir ar an bpointe go dtrasnaíonn an cuar AS an ais chothrománach (féach **SC\*** i gCairt 2). Is ionann an leibhéal poitéinsiúil aschuir agus luach earraí agus seirbhísí deiridh a tháirgtear nuair a bhíonn úsáid iomlán á baint as acmhainní an gheilleagair, i bhfianaise staid reatha ghnéithe teicneolaíocha agus struchtúracha an gheilleagair (cosúil le rialacháin an mhargaidh shaothair, córais leasa agus chánach, etc.).

Go dtí seo, phléamar gluaiseachtaí ar feadh na gcuar, ach gach cúinse eile seachas praghsanna agus aschur iarbhír a bheith fanta gan athrú. Ní mór dúinn tuiscint a fháil anois ar a tharlaíonn má athraíonn na cúinsí eile sin. Go bunúsach, bogann athruithe den chineál sin na cuair ar dheis nó ar chlé.

## Cúinsí a théann i bhfeidhm ar sholáthar comhiomlán agus ar éileamh comhiomlán

De réir an mhúnla shimplí atá in úsáid againn, is léir go gcinneann an idirghníomhaíocht idir soláthar agus éileamh comhiomlán an cóimheascán de phraghsanna agus ioncam iarbhír sa gheilleagar. Ardaíonn sé sin ceisteanna i dtaobh na gcúinsí a fhágann go mbogann an dá chuar.

I measc na gcúinsí a fhágann go dtagann méadú ar an éileamh comhiomlán (i.e. **EC** a bhogadh amach nó ar dheis) tá méadú ar chaiteachas an rialtais, laghdú ar chánacha, dímhéas ar airgeadra na tíre, agus méadú ar shaibhreas iarbhír (e.g. praghsanna níos airde stoic agus talún), rud a fhágann go dtagann méadú ar thomhaltas príobháideach agus ar chaiteachas infheistíochta.

Cuireann ionchais dlús faoi thomhaltas príobháideach agus faoi infheistíocht, freisin. Mar shampla, má bhíonn gnólachtaí ag súil le brabúis níos airde sa todhchaí, is gnách leo méadú a dhéanamh ar chaiteachais infheistíochta. Agus má bhíonn teaghlaigh ag súil le hioncam iarbhír níos airde de thoradh ar thairgiúlacht saothair ionchais níos airde, tiocfaidh méadú ar chaiteachas i measc tomhaltóirí. Ar an gcúis sin, bíonn ceangal de ghnáth idir feabhas i muintín tomhaltóirí agus infheisteoirí agus méadú ar an éileamh comhiomlán.

Maidir le tionchar an bheartais airgeadaíochta, is féidir linn a fheiceáil go mbeidh méadú ar sholáthar airgid agus na rátaí úis iarbhír níos ísle a ghabhann leis sin ina chúis le méadú ar éileamh comhiomlán, agus ar an gcaoi sin cuair an éilimh a bhogadh ar dheis.<sup>11</sup> Má athraíonn na hathróa sin sa treo eile, titfidh an t-éileamh comhiomlán (i.e. bogfaidh **EC** ar chlé).


# FORBAIRTÍ PRAGHSANNA

Ó thaobh an tsoláthair chomhiomlán de, is féidir linn a fheiceáil gurb é an toradh a bheidh ar mhéaduithe ar phraghsanna cúinsí táirgíochta, cosúil le pá, nó méaduithe ar phraghsanna ola ná bogadh ar chlé don soláthar comhiomlán. Ar an lámh eile, bogfaidh dul chun cinn teicneolaíoch nó méaduithe ar tháirgiúlacht an soláthar comhiomlán ar dheis, mar go mbeidh deis ann níos mó a tháirgeadh ar an gcostas céanna le méid socraithe ionchuir shaothair.

Léiríonn an anailís sin gur féidir athruithe ar an leibhéal praghsanna ginearálta tarlú de bharr cuar an tsoláthar nó cuar an éilimh nó an dá chuar a bheith ag bogadh. Mar shampla, má fhanann gach cúinsí sin cobhsaí, is é a bheidh de thoradh ar laghdú ar an soláthar comhiomlán (i.e. **SC** ag bogadh ar chlé) ná titim ghearrthréimhseach san aschur iarbhír agus méadú ar phraghsanna, ach is é a bheidh de thoradh ar mhéadú ar éileamh (i.e. **EC** ag bogadh ar dheis) ná gníomhaíocht iarbhír ghearrthréimhseach níos airde agus praghsanna níos airde.

Léiríonn an múnla fadtréimhseach go bhfuil iompraíocht i dtaca le héileamh comhiomlán rithábhachtach chun an leibhéal praghsanna ginearálta a bhíonn ag geilleagar san fhadtréimhse a chinneadh. Má tá cuar an tsoláthair chomhiomlán ceartingearach, rachaidh athruithe ar an éileamh comhiomlán i bhfeidhm ar phraghsanna ach ní rachaidh siad i bhfeidhm ar aschur. Dá dtiocfadh méadú ar an soláthar airgid, abair, bhogfadh cuar an éilimh chomhiomlán ar dheis agus bhogfadh an geilleagar dá bhri sin, san fhadtréimhse, go cothromaíocht nua ina mbeadh táirgíocht iarbhír gan athrú ach go mbeadh praghsanna tar éis méadú.

## CAIRT 3 BOGADH I DTACA LE HÉILEAMH COMHIOMLÁN AGUS SOLÁTHAR COMHIOMLÁN FADTRÉIMHSEACH



Ba é an sainmhíniú a rinneadh ar bhoilsciú ná méadú ginearálta, nó leathan, ar phraghsanna earraí agus seirbhísí. Dá bhri sin, is féidir próiseas boilscithe a bheith ann de thoradh ar mhéadú leanúnach ar an éileamh comhiomlán le himeacht ama. Ní féidir leis sin tarlú ach má fhreagraíonn beartas airgeadaíochta d'fhorbairt den chineál sin trí rátaí úis a choinneáil íseal agus fás airgid a choinneáil ard.

|| Is minic a léiríonn eacnamaíthe laghdú ar éileamh airgid i dtéarmaí méadú ar luas cúrsaíochta an airgid. Is féidir an athróg dheiridh sin a shainiú mar an luas lena n-aistrítear airgead idir sealbhóirí éagsúla airgid agus dá bhri sin cinntear an méid airgid a bhíonn de dhíth ar leibhéal áirithe idirbhirt. Ní mór féachaint ar an dá fheiniméan sin mar dhá cheann éagsúla an bhoinn airgid chéanna. Má theastaíonn ó dhaoine níos lú airgid a choinneáil ina seilbh acu, beidh ar an stoc airgid a bhíonn ar fáil, sa chás go bhfuil soláthar tairiseach airgid ann, dul ó dhuine go duine níos minice agus dá bhri sin níos mó cúrsaíochta a dhéanamh. Is ionann é sin agus luas cúrsaíochta níos airde airgid. Tíocfaimid ar ais chuig an gceist seo i míreanna eile amach sa cháipéis seo.

# CÚINSÍ A CHINNEANN

## 4.4 CÚINSÍ LE FORBAIRTÍ PRAGHSANNA SA MHEÁNTRÉIMHSE

Sna míreanna seo a leanas, scrúdóimid cuid de na fachtóirí a chuireann dlús faoi fhorbairtí praghsanna sa ghearrthréimhse. Faoi mar a mhínítear go mion i mBosca 4.2, d'fhéadfadh boilsciú (i.e. méadú tairiseach ar an leibhéal praghsanna) tarlú ar dhá bhealach nó ar cheachtar den dá bhealach sin. Tíocfaidh ardú ar phraghsanna, i gcoitinne, má thagann, ar an meán, méadú ar an éileamh comhiomlán nó laghdú ar an soláthar. I bhfocail eile, d'fhéadfadh brú boilscithe a bheith ann má bhíonn athruithe ann (is minic a labhraíonn eacnamaíthe ar “thurraingí” sa chás go dtarlaíonn athruithe nach mbítear ag súil leo ar fhorbairtí eacnamaíocha) a fhágann go méadaíonn tomhaltóirí a gcaiteachas nó go laghdaíonn gnólachtaí a táirgeacht. Maidir leis an gcéad ásc ina dtagann méadú ar an éileamh, a mbíonn boilsciú mar thoradh air, tugtar “boilsciú éileamhtharraingthe” air i litriocht eacnamaíochta. Maidir leis an dara hásc, nuair a thagann méadú ar chostas agus go dtagann laghdú ar sholáthar dá bharr sin – rud a chruthaíonn boilsciú, tugtar “boilsciú de bharr costbhrú” air sin. Tarlaíonn a mhalairt, i.e. tagann brú díbhóilscithe chun cinn, má thiteann an t-éileamh comhiomlán nó má mhéadaíonn an soláthar comhiomlán. Go ginearálta, bíonn ar an mbeartas airgeadaíochta freagairt d'fhorbairtí den chineál sin d'fhonn cobhsaíocht praghsanna a chinntiú. I gcásanna brú boilscithe, d'ardódh an banc ceanaís rátaí úis (iarbhir) de ghnáth chun a chinntiú nach mbeadh diallais níos leanúnaí ó chobhsaíocht praghsanna mar thoradh ar an mbrú sin.

Maidir le méaduithe praghsanna a eascraíonn as méadú ar an éileamh comhiomlán, d'fhéadfadh gur thoradh ar aon fhachtóir indibhidiúil iad a mhéadaíonn an t-éileamh comhiomlán, ach is iad na fachtóirí is suntasaí díobh sin,

cé is móite de bheartas airgeadaíochta (méaduithe ar an soláthar airgid), ná méaduithe ar cheannacháin rialtais, dímhéas ar an ráta malairte agus brú éilimh níos mó ar earraí intíre ón gcuid eile den domhan (easpórtálacha). Is féidir le muinín méadaithe a bheith ina chúis le hathruithe ar an éileamh comhiomlán, freisin. Is mó seans go ndéanfaidh gnólachtaí infheistíochtaí, mar shampla, más féidir bheith ag súil le brabúis níos airde sa todhcháí. Méadóidh athruithe ar an éileamh comhiomlán an leibhéal praghsanna de ghnáth agus, go sealadach, an táirgeacht chomhiomlán (féach Bosca 4.2).

Cad iad go díreach na fachtóirí a cúisíonn laghdú ar an soláthar comhiomlán agus dá bhrí sin praghsanna níos airde sa ghearrthréimhse? Is iad na príomhfhoinsí do thitim sa soláthar comhiomlán ná laghduithe ar tháirgeadh, méaduithe ar chostais táirgthe (cuir i gcás, méaduithe ar phá iarbhír agus ar phraghsanna amhábar, go háirithe ola), agus cánacha corparáide níos airde a ghearrann rialtais. Má fhanann gach fachtóir eile gan athrú, dá airde é an costas táirgthe, is é is lú an méid a tháirgtear ar an bpraghas céanna.

Sa chás go mbíonn leibhéal praghsanna socraithe, má thagann ardú ar phá nó ar chostais amhábar, cosúil le hola, bíonn ar gnólachtaí líon na bhfostaithe a laghdú nó an táirgeadh a ghearradh siar. De bhrí gur toradh ar éifeachtaí ar thaobh an tsoláthair é sin, is minic go dtugtar “boilsciú de bharr costbhrú” ar an mboilsciú a eascraíonn as.

D'fhéadfadh praghas na n-ionchur ardú de bharr cúinsí éagsúla, cosúil leis an soláthar amhábar, ar nós olaí, bheith níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis, nó má thagann méadú ar an éileamh a bhíonn ar amhábar ar fud an domhain. Is é an toradh a bhíonn ar arduithe i dtaca le pá iarbhír (nach mbíonn táirgeacht méadaithe á meaitseáil) ná laghdú ar an soláthar iarbhír agus

# FORBAIRTÍ PRAGHSANNA

# 4

fostaíocht níos ísle. D'fhéadfadh arduithe pá den chineál sin eascairt as laghdú ar sholáthar an lucht saothair, a d'fhéadfadh eascair as rialúchán rialtais a laghdódh dreasachtaí oibre (e.g. cánacha níos airde ar ioncam saothair). Is féidir le méadú ar chumhacht na gceardchumann bheith ina chúis le pá iarbhir níos airde freisin.

Má fheidhmíonn na fachtóirí dá dtagraítear thuas sa treo eile, feicimid méadú ar an soláthar comhiomlán. Mar shampla, is é an toradh a bheadh ar mhéadú ar tháigiúlacht (e.g. bunaithe ar theicneolaíochtaí nua), ach gach ní eile a bheith fanta gan athrú, ná praghsanna níos ísle agus fostaíocht níos airde sa ghearrthréimhse mar go mbíonn sé níos fearr ó thaobh brabúis de lucht saothar a fhostú ag pá socraithe. Dá dtiocfadh méadú ar phá iarbhir go comhthreomhar le táirgiúlacht, áfach, d'fhanfadh an fhostaíocht gan athrú.

## Ról an bhoilscithe ionchais

Nuair a dhéanann gnólachtaí agus fostaithe idirbheartaíocht i dtaca le pá agus nuair a shocraíonn gnólachtaí a gcuid praghsanna, is minic go nglacann siad san áireamh an leibhéal boilscithe a d'fhéadfadh a bheith ann sa tréimhse amach rompu, i rith na bliana ina dhiaidh sin mar shampla. Bíonn tábhacht le boilsciú ionchais maidir le socraíochtaí pá reatha mar go laghdóidh arduithe praghsanna sa todhchaí líon na n-earraí agus na seirbhísí is féidir le pá ainmniúil a cheannach. Má mheastar, dá bhrí sin, go mbeidh an boilsciú ard, d'fhéadfadh go lorgódh fostaithe méadú níos airde ar phá ainmniúil i rith cainteanna pá. Tagann méadú ar na costais a bhíonn ar ghnólachtaí má bhíonn socraíochtaí pá bunaithe ar na hionchais sin agus d'fhéadfadh go gcuirfí na costais sin ar aghaidh chuig custaiméirí i bhfoirm praghsanna níos

airde. Is féidir an rud céanna a rá faoi ghnólachtaí a bheith ag socrú praghsanna. De bhrí go mbíonn go leor praghsanna aonair socraithe ar feadh tréimhse faoi leith (ar feadh míosa nó bliana, mar shampla; féach Bosca 4.1), d'fhéadfadh gnólachtaí, a raibh sé i gceist acu liosta nua praghsanna a fhoilsiú, a gcuid praghsanna aonair a ardú le héifeacht láithreach má mheasann siad go dtiocfaidh méadú ar an leibhéal praghsanna ginearálta nó ar phá sa todhchaí. Dá bhrí sin, má bhíonn daoine ag súil le boilsciú san am atá le teacht, is féidir lena n-iompraíocht bheith ina cúis le méadú ar bhoilsciú sa lá atá inniu ann. Is cúis eile é sin go mbíonn sé an-tábhachtach do bheartas airgeadaíochta a bheith inchreidte i dtaca leis an gcuspoir maidir le cobhsaíocht praghsanna a chothú – d'fhonn ionchais fhadtréimhseacha i leith an bhoilscithe a chobhsú ag leibhéal ísle – rud a thiocfadh le cobhsaíocht praghsanna.

Má ghlactar le chéile iad, is féidir le fachtóirí agus turraingí éagsúla tionchar a imirt ar an leibhéal praghsanna sa ghearrthréimhse. Ina measc tá forbairtí i dtaca le héileamh comhiomlán agus na codanna éagsúla de, lena n-áirítear beartas fioscach. D'fhéadfadh athruithe eile a bheith ag baint le hathruithe i dtaca le praghsanna ionchuir, le costais agus táirgiúlacht, le forbairtí sa ráta malairte, agus leis an ngeilleagar domhanda. D'fhéadfadh gach ceann de na fachtóirí sin dul i bhfeidhm ar ghníomhaíocht iarbhir agus praghsanna sa ghearrthréimhse. Ach cad faoin scéal níos fadtréimhsí?

Tugann sé sin ar aghaidh sinn chuig idirdhealú tábhachtach eile i gcúrsaí eacnamaíochta. Déanann eacnamaithe idirdhealú de ghnáth idir an gearrthréimhse agus an fadtréimhse (féach freisin Bosca 4.2).



D'fhéadfadh méaduithe ar éileamh seachtrach ar tháirgí easpórtála tionchar a imirt ar thomhaltas agus infheistíocht reatha.

# CÚINSÍ A CHINNEANN

## 4.5 CÚINSÍ LE FORBAIRTÍ PRAGHSANNA SAN FHADRÉIMHSE

Cad é tábhacht choibhneasta na bhfachtóirí sin i dtaca le boilsciú san fhadtréimhse? Nó i bhfocail eile: an mbaineann an tábhacht chéanna leo chomh fada agus a bhaineann le treochtaí boilscithe de? “Ní bhaineann” an freagra lom. Feicimid go bhfuil ról rithábhachtach ag beartas airgeadaíochta ina leith sin.

Faoi mar a luadh in ailt eile roimhe seo, bíonn moill-aga ama thart ar bhliain go trí bliana idir athruithe ar bheartas airgeadaíochta agus an tionchar ar phraghsanna. Ciallaíonn sé sin nach féidir le beartas airgeadaíochta cosc a chur le tionchar forbairtí nó turraingí eacnamaíochta iarbhír gan choinne ar bhoilsciú sa ghearrthréimhse. Tá eacnamaithe ar aon fhocal, áfach, gur féidir le beartas airgeadaíochta forbairtí praghsanna a rialú san fhadtréimhse agus dá bhrí sin “treocht” an bhoilscithe a rialú, i.e. an t-athrú ar an leibhéal praghsanna nuair a bhíonn suaite gearrthréimhseacha glactha isteach ina n-iomláine sa gheilleagar.

San fhadtréimhse, bíonn praghsanna solúbtha agus is féidir leo freagairt go hiomlán d’athruithe i dtaca le soláthar agus éileamh. Sa ghearrthréimhse, áfach, bíonn go leor praghsanna indibhidiúla greamaitheach agus fanfaidh siad ag na leibhéil reatha ar feadh tamaill (féach Bosca 4.1).

Conas a théann an t-idirdhealú sin i bhfeidhm ar ár gcuid torthaí? Gan dul i bhfadscéal leis, is féidir a áiteamh nach mbraitheann aschur ar an leibhéal praghsanna san fhadtréimhse. Déantar é a chinneadh trí stoc socraithe caipitil; trí líon an lucht saothair a bhíonn ar fáil agus caighdeán an lucht saothair sin; trí bheartais struchtúracha a imríonn tionchar ar dhreasachtaí i leith na hoibre agus na hinfheistíochta; agus trí fhorbairtí teicneolaíochta ar bith a bhaineann le táirgeadh. I bhfocail eile, braitheann leibhéal fadtréimhseach an aschuir ar roinnt factóirí iarbhír nó factóirí ar thaobh an tsoláthair. Cinneann na factóirí sin seasamh beacht chuar an tsoláthair chomhiomláin.

Is é an cuar eile a chinneann stádas cothromaíochta an gheilleagair ná cuar an éilimh chomhiomláin. Faoi mar a chonacamar, is féidir le roinnt factóirí méaduithe ar éileamh comhiomlán a chúiseamh. Ina measc sin tá méaduithe ar chaiteachas rialtais, ar éileamh seachtrach ar easpórtálacha, agus ar ionchais fheabhsaithe i leith forbairtí táirgiúlachta sa todhchaí a d’fhéadfadh tionchar a imirt ar thomhaltas agus infheistíocht reatha. Is léir, áfach, cé gur féidir le go leor de na factóirí sin méadú ar feadh tréimhse fada fiú, ní féidir le méadú tairiseach ar an leibhéal praghsanna ginearálta a bheith ann, san fhadtréimhse, ach de bharr beartas airgeadaíochta leathnúcháin tairiseach agus leanúnach a bheith taobh thiar de. Is minic a dhéantar an pointe sin i dtaca leis an ráiteas cáiliúil a deir gur “feiniméan airgeadaíochta é an boilsciú i gcónaí agus i ngach áit”. Leoga, sholáthair roinnt staidéar eimpíreach fianaise a thacaíonn leis an hipitéis sin. Is é an bhunchúis le próiseas boilscithe san fhadtréimhse, dá bhrí sin, ná méadú leanúnach ar an soláthar airgid a chomhfhreagraíonn do bheartas airgeadaíochta leathnúcháin leanúnach. Ó thaobh peirspictíocht fhadtréimhseach, cinneann gníomhartha beartas airgeadaíochta cibé an ligtear do bhoilsciú ardú nó an gcoinnítear íseal é. I bhfocail eile, rialaíonn an banc

# FORBAIRTÍ PRAGHSANNA

ceannais an soláthar airgid agus rialaíonn an ráta úis gearrthréimhseach an ráta boilscithe san fhadtréimhse, ar deireadh. Má choinníonn an banc ceannais rátaí úis gearrthréimhseacha ró-íseal agus má mhéadaíonn sé an soláthar airgid an iomarca, tiocfaidh méadú ar deireadh

ar an leibhéal pragsanna freisin. Tá an buntoradh sin léirithe ag an gcoincheap bunúsach eacnamaíochta a thugann aghaidh ar bhealach níos mine ar an ngaolmhaireacht idir airgead agus pragsanna, eadhon teoiric chainníochtúil an airgid (féach Bosca 4.3 thíos).

## BOSCA 4.3 TEOIRIC CHAINNÍOCHTÚIL AN AIRGID

De réir cothromóide, ar a dtugtar cothromóid na cainníochta, is ionann an t-athrú ar stoc airgid ( $\Delta M$ ) i ngeilleagar agus an t-athrú ar idirbhearta ainmniúla (arna gharbhthomhas ag an athrú ar ghníomhaíocht iarbhír ( $\Delta YR$ ) móide athrú ar an leibhéal pragsanna ( $\Delta P$ ), lúide an t-athrú ar luas ( $\Delta V$ ). Is féidir an athróg dheiridh sin a shainiú mar an luas lena n-aistrítear airgead idir sealbhóirí éagsúla airgid agus dá bhrí sin cinntear an méid airgid a bhíonn de dhíth ar leibhéal áirithe idirbheart ainmniúil.<sup>12</sup> Go bunúsach:

$$\Delta M = \Delta YR + \Delta P - \Delta V$$

Céannacht, mar a thugtar air, atá sa ghaolmhaireacht sin, i.e. gaolmhaireacht nach féidir a bhrionnú. Ní cuireann sé aon ráitis ar fáil, dá bhrí sin, i dtaca le cúisíocht. Ní féidir tuiscint na cúisíochta a bhaint as ach amháin sa chás go nglactar toimhdí eile i leith dheitéarmanaint na n-athróg san áireamh. Ach an dá thiomhde seo a leanas, go háirithe, a ghlacadh san áireamh is féidir cothromóid na cainníochta a athrú ina teoiric cainníochta. Ar an gcéad dul síos, is féidir féachaint ar aschur, san

fhadtréimhse, mar rud a chinntear trí chúinsí an taoibh iarbhír, cosúil le deiseanna táirgíochta an phobail agus mianta agus roghanna an phobail. Ar an dara dul síos, féachtar ar luas, san fhadtréimhse, mar rud a chinntear trí chleachtas íocaíochta, trí shocruithe airgeadais agus eacnamaíochta chun idirbhearta a chur i gcrích agus na costais agus fáltais a bhaineann le hairgead a choinneál in ionad sócmhainní eile. Is féidir a áiteamh, dá bhrí sin, go bhfuil cainníocht an tsoláthair airgid - rud a chinntear trí cinntí a dhéanann údarais airgeadaíochta - nasctha, san fhadtréimhse, leis an leibhéal pragsanna. I bhfocail eile, thar thréimhsí níos faide, déantar an leibhéal pragsanna a chinneadh go díreach trí athruithe ar chainníocht an airgid agus gluaiseann sé i gcomhréir leis an gcainníocht sin.

Ciallachas amháin a bhaineann leis sin is ea go mbíonn an fhreagracht dheiridh ar fhoras a chinneann soláthar an airgid, eadhon an banc ceannais, as treoachtaí fadtréimhseacha i dtaca le boilsciú.

<sup>12</sup> Léiríú é seo gurb é atá sa suimiú ar an taobh clé den chothromóid ná an méid airgid a úsáidtear agus is é atá sa taobh deas den chothromóid ná luach an idirbhirt.





# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA AN BCE

# 5.

Tugann an chaibidil seo faisnéis mhion chun cuidiú le freagraí a fháil ar cheisteanna cosúil le cén bunús a bhí le AEA, cén comhlacht atá freagrach as beartas an airgeadra aonair i limistéar an euro, cad é príomhchuspóir Chóras an Euro, agus conas a dhéanann sé iarracht a dhualgas oibre a chomhlíonadh.

**5.1** tugann an mhír seo forléargas gairid stairiúil.

**5.2** déanann an mhír seo cur síos ar an gcreat institiúideach.

**5.3** díríonn an mhír seo ar straitéis an BCE i leith beartas airgeadaíochta.

**5.4** tugann an mhír seo spleachadh ar chreat oibriúcháin Chóras an Euro.





# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

- 1
- 2
- 3
- 4
- 5

5.1 Forléargas gairid stairiúilBeartas airgeadaíochta an BCE

5.2 An creat institiúideach

5.3 Straitéis an BCE i dtaca le beartas airgeadaíochta

5.4 Forléargas ar chreat oibriúcháin Chóras an Euro

## 5.1 FORLÉARGAS GAIRID STAIRIÚIL BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA AN BCE

### An Stair – trí chéim an Aonais

#### Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta

Téann an tuairim gur chóir don Eoraip córas airgeadaíochta aonair, aontaithe agus cobhsaí a bheith aici i bhfad siar sa stair (féach Bosca 5.1). Tar éis iarracht amháin nár éirigh léi ag tús na 1970idí, cuireadh dlús faoin bpróiseas comhtháthúcháin i mí an Mheithimh 1988 nuair a d'athdhearbhaigh Comhairle na hEorpa a cuspóir a bhain le haontas airgeadaíochta agus eacnamaíochta a bhaint amach de réir a chéile. Bunaíodh coiste faoi chathaoirleacht Jacques Delors, a bhí ina Uachtarán ar Choimisiún na hEorpa ag an am, chun staidéar a dhéanamh air agus céimeanna beachta a mholadh chun an t-aontas sin a bhaint amach. Mhol tuarascáil an coiste (ar a dtugtar “Tuarascáil Delors”), a cuireadh i láthair i mí an Aibreáin 1989, go dtabharfaí isteach Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta (AEA) i dtrí chéim éagsúla ach fhorásacha.

### Céim a hAon den AEA

Tar éis Thuarascáil Delors, chinn an Chomhairle Eorpach, i mí an Mheithimh 1989, gur chóir an chéad chéim den AEA a sheoladh an 1 Iúil 1990. Ag an am céanna, tugadh freagrachtaí breise do Choiste Ghobharnóirí na mbanc ceannais i mBallstáit Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa. Bhí ról tábhachtach ag an gCoiste sin i dtaca le comhoibriú airgeadaíochta ó uair a bhunaithe i mí na Bealtaine 1964.

D'fhonn go bhféadfaí Céim a Dó agus Céim a Trí a chur i gcrích, níor mhór an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (ar a dtugtar “Conradh na Róimhe”) a athbhreithniú le go bhféadfaí an struchtúr institiúideach a raibh gá leis a bhunú. Chuige sin, reáchtáladh Comhdháil Idir-rialtasach um an AEA i 1991 ag an am céanna leis an gComhdháil Idir-rialtasach um aontas polaitiúil. Chuir an Coiste Gobharnóirí Dréacht-Reacht an CEBC agus an BCE faoi bhráid na Comhdhála Idir-rialtasaí. Ba é an toradh a bhí ar na cainteanna ná an Conradh ar an Aontas Eorpach, a comhaontaíodh i mí na Nollag 1991 agus a síníodh in Maastricht an 7 Feabhra 1992. De bharr moill a bheith ar an bpróiseas daingniúcháin, áfach, níor tháinig sé i bhfeidhm go dtí an 1 Samhain 1993.

## BOSCA 5.1 AN BEALACH GO DTÍ AN T-AIRGEADRA AONAIR, AN EURO

- 1962** Déanann Coimisiún na hEorpa a chéad mholadh (Marjolin-Memorandum) i leith aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta.
- Bealtaine 1964** Bunaítear Coiste Gobharnóirí bhainc cheannais na mBallstát i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (EEC) chun bonn institiúideach a chur faoin gcomhoibriú i measc bhainc cheannais an CEE.
- 1970** Leagann Tuarascáil Werner amach plean chun aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta a bhaint amach sa Chomhphobal faoi 1980.
- Aibreán 1972** Bunaíodh córas (an “nathair”) chun na corrlaigh luaineachta idir airgeadraí Bhallstát Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa a chúngú de réir a chéile.
- Aibreán 1973** Bunaítear Ciste Comhar Airgeadaíochta na hEorpa CCAE d’fhonn feidhmí cuí na nathrach a chinntiú.
- Márta 1979** Cruthaítear an Córas Airgeadaíochta Eorpach (CAE).
- Feabhra 1986** Sínítear an Ionstraim Eorpach Aonair (IEA).
- Meitheamh 1988** Tugann Comhairle na hEorpa ar choiste saineolaithe faoi chathaoirleacht Jacques Delors (“Coiste Delors”) moltaí a dhéanamh i dtaca le AEA a bhaint amach.
- Bealtaine 1989** Cuirtear “Tuarascáil Delors” faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.
- Meitheamh** Comhaontaíonn an Chomhairle Eorpach faoi AEA a bhaint amach i dtrí chéim.
- Iúil 1990** Cuirtear tús le Céim a hAon den AEA.
- Nollaig** Déantar Comhdháil Idir-rialtasach chun ullmhú do Chéim a Dó agus a Trí den AEA a lainseáil.
- Feabhra 1992** Sínítear an Conradh ar an Aontas Eorpach (“Conradh Maastricht”).
- Deireadh 1993** Roghnaítear Frankfurt am Main mar cheanncheathrú na hInstitiúide
- Fómhair** Eorpaí Airgeadaíochta (IEA) agus an BCE, agus ainmnítear Uachtarán an IEA.
- Samhain** Tagann an Conradh ar an Aontas Eorpach i bhfeidhm.
- Nollaig** Ceaptar Alexandre Lamfalussy ina Uachtarán ar an IEA, a bhí le bunú an 1 Eanáir 1994.
- Eanáir 1994** Cuirtear tús le Céim a Dó den AEA agus bunaítear an IEA.
- Nollaig 1995** Cinneann an Chomhairle Eorpach, Maidrid, ainm an airgeadra aonair agus leagtar amach cnámhscéal dá chur i gcrích agus don athrú airgid thirim.
- Nollaig 1996** Cuireann an IEA nótaí bainc eiseamail faoi bhráid na Comhairle Eorpaí.
- Meitheamh 1997** Aontaíonn an Chomhairle Eorpach faoi “Chomhaontú Cobhsaíochta agus Fáis”.
- Bealtaine 1998** Meastar an Bheig, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Isiltír, an Ostair, an Phortaingéil agus an Fhionlainn a bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha riachtanacha chun glacadh leis an euro mar airgeadra aonair; ceaptar Baill Bhord Feidhmíocháin an BCE.
- Meitheamh** Bunaítear an BCE agus an CEBC.
- Deireadh Fómhair** Fógraíonn an BCE an straitéis agus an creat oibriúcháin don bheartas aonair airgeadaíochta a bheid le feidhmí aige ó Eanáir 1999.
- Eanáir 1999** Cuirtear tús le Céim 3 den AEU; is é an euro airgeadra aonair limistéar an euro; socraítear rátaí malairte go neamh-inchúlghairthe d’iar-airgeadraí náisiúnta na mBallstát rannpháirteach; cuirtear beartas aonair airgeadaíochta i gcrích do limistéar an euro.
- Eanáir 2001** Déantar an 12ú Ballstát de limistéar an euro den Ghréig.
- Eanáir 2002** An t-athrú chuig airgead tirim an euro: tugtar nótaí bainc agus boinn airgid isteach agus is iad an t-aon airgeadra dlíthairisceana i limistéar an euro iad faoi dheireadh mhí na Feabhra 2002.
- Bealtaine 2004** Déantar baill den CEBC de na BCN na ndeich mBallstát nua den AE.
- Eanáir 2007** Mhéadaigh uimhir na mBallstát san AE go dtí 27 le haontachas na Bulgáire agus na Rómáine agus ghlac na tíortha seo ballraíocht san ESCB ag an am céanna. Déantar an 13ú Ballstát de limistéar an euro den Slóivéin..
- Eanáir 2008** Mhéadaigh uimhir na mBallstát go dtí 15 nuair a ghlacann an Chipir agus Málta ballraíocht i limistéar an euro.

Foinse: Scheller (2004), lch 16, arna leasú ag an údar.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## **Céim a Dó den AEA: bunú an IEA agus an BCE**

Chuir bunú na hInstitiúide Eorpaí Airgeadaíochta (IEA) an I Eanáir 1994 tús leis an dara céim den AEA. Ón uair sin ar aghaidh, ní raibh an Coiste Gobharnóirí ann a thuilleadh. Bhí an IEA ann go heatramhach agus léirigh sé sin staid an chomhtháthaithe airgeadaíochta laistigh den Chomhphobal: ní raibh aon fhreagracht ar an IEA as beartas airgeadaíochta a dhéanamh san Aontas Eorpach (bhí an fhreagracht sin ar na húdaráis náisiúnta fós) ná ní raibh aon inniúlachtaí aige i dtaca le hidirghabháil a dhéanamh maidir le malairt choigríche.

Ba iad dhá phríomhthasc an IEA ná comhoibriú bainc cheannais agus comhordú na mbeartas airgeadaíochta a neartú; agus ullmhúcháin is gá a dhéanamh chun an CEBC a bhunú, chun beartas airgeadaíochta aonair a sheoladh agus chun airgeadra aonair a chruthú sa tríú céim.

I mí na Nollag 1995, rinneadh comhaontú ag cruinniú na Comhairle Eorpaí i Maidrid faoi ainm an aonaid airgeadra Eorpaigh a bhí le tabhairt isteach ag tús Chéim a Trí, an “euro”, agus deimhníodh go gcuirfí tús le Céim a Trí den AEA an I Eanáir 1999. Rinneadh ord cróineolaíoch imeachtaí a réamhfhógairt don athrú go dtí an euro. Bhí an cnámhscéal sin bunaithe go príomha ar mholtaí mionsonraithe a chuir san IEA le chéile. Ag an am céanna, tugadh ar an IEA an réamhobair a dhéanamh ar na gaolmhaireachtaí airgeadaíochta agus ráta malairte idir limistéar an euro agus na tíortha san AE. I mí na Nollag 1996, chuir an IEA tuarascáil faoi bhráid na Comhairle Eorpaí a bhí mar bhonn le Rún na Comhairle Eorpaí i dtaca le prionsabail agus bunghéithe an tsásra nua don ráta malairte (SRM II). Glacadh leis sin i mí an Mheithimh 1997

I mí na Nollag 1996 chuir an IEA dearadh roghnaithe do na nótaí bainc euro a bhí le cur i gcúrsaíocht an

I Eanáir 2002 faoi bhráid na Comhairle Eorpaí, agus faoi bhráid an phobail ina dhiaidh sin.

D’fhonn forálacha an Chonartha i dtaca le AEA a chomhlánú agus a shoiléiriú, ghlac an Chomhairle Eorpach le Comhaontú Cobhsaíochta agus Fáis, i mí an Mheithimh 1997, d’fhonn smacht buiséadúcháin a chinntiú maidir le AEA. Cuireadh leis an gComhaontú agus rinneadh geallúintí a fheabhsú le Dearbhú na Comhairle i mí na Bealtaine 1998.

An 2 Meitheamh 1998, chinn Comhairle an Aontais Eorpaigh – atá comhdhéanta de Cheannairí Stáit nó Rialtais – go raibh na coinníollacha a bhí riachtanach do ghlacadh leis an airgeadra aonair an I Eanáir 1999 comhlíonta ag II Bhallstát (an Bheilg, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, Éire, an Iodáil, Lucsamburg, an Isiltír, an Ostair, an Phortaingéil agus an Fhionlainn).

Ag an am céanna, chomhaontaigh airí airgeadais na mBallstát a bhí ag glacadh leis an airgeadra aonair, in éineacht le gobharnóirí na BCN, Coimisiún na hEorpa agus an IEA, go mbainfí úsáid as rátaí lár SRM na n-airgeadraí sna Ballstáit rannpháirteacha chun rátaí malairte neamh-inchúlghairthe a chinneadh don euro.

An 25 Bealtaine 1998, cheap rialtais an II Bhallstát rannpháirteacha Uachtarán, Leas-Uachtarán agus ceithre bhall eile ar Bhord Feidhmiúcháin an BCE go hoifigiúil. Tháinig na ceapacháin sin i bhfeidhm an I Meitheamh 1998 agus chuir sé sin tús le bunú an BCE. Leis sin, bhí a chuid tascanna tugtha chun críche ag an IEA. De réir Airteagal 123 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, leachtaíodh an IEA. Tugadh an réamhobair ar fad a bhí le déanamh ag an IEA chun críche in am agus chaith an BCE an chuid eile de 1998 ag déanamh tástálacha deiridh ar chórais agus ar nósanna imeachta.



I mí na Nollag 1996, cuireadh an dearadh a bhí roghnaithe do nótaí bainc an euro i láthair

## Céim a Trí den AEA, rátaí malairte do-athraithe a shocrú

An 1 Eanáir 1999, cuireadh tús leis an tríú céim, an chéim dheiridh den AEA, nuair a socraíodh rátaí neamh-inchúlghairthe malairte d'airgeadraí an I I Bhallstát a bhí páirteach san aontas airgeadaíochta ó thús agus nuair a rinneadh beartas airgeadaíochta aonair faoi choimirce an BCE. Méadaíodh líon na mBallstát rannpháirteach go 12 an 1 Eanáir 2001, nuair a tháinig an Ghréig isteach sa tríú céim den AEA. Lean sé sin ar aghaidh ó chinneadh a rinne Comhairle an AE – ag a raibh Ceannairí Stáit nó Rialtais i láthair- an 19 Meitheamh 2000 ag ar aontaíodh gur chomhlíon an Ghréig na critéir um chóineasú. D'athraigh uimhir na dtíortha a bhí rannpháirteach arís go dtí 13 ar 1 Eanáir 2007 nuair a aontaigh an tSlóivéin do limistéar an Euro. I ndiaidh cinnidh ó Chomhairle an AE, a rinneadh ar 10 Iúil 2007, stádas an mhaolaithe a bhí ag an gCipir agus Málta a aisghairm aontaigh an Chipir agus Málta do Chóras an Euro ar 1 Eanáir 2008.

## 5.2 AN CREAT INSTITIÚIDEACH

### An Córas Eorpach Bainc Cheannais (CEBC)

Bunaíodh an BCE an 1 Meitheamh 1998 agus tá sé ar cheann de na bainc cheannais is óige ar domhan. Tá iontaofacht agus saineolas na BCN ar fad i limistéar an euro aige. Cuireann na BCN sin i gcomhar leis an BCE an beartas airgeadaíochta do limistéar an euro i bhfeidhm.

Is é an bonn dlíthiúil atá faoin BCE agus faoin CEBC ná an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. De réir an Chonartha sin, is éard atá san CEBC ná an BCE agus BCN gach ceann de na Ballstáit 27 ó 1 Eanáir 2007. Tá Reacht an CEBC agus an BCE i gceangal leis an gConradh mar phrótocal.

### Dualgas oibre an CEBC

Luann an Conradh gurb é a “b[h]eidh de chuspóir príomhúil ag CEBC cobhsaíocht phraghsanna a choimeád ar bun” agus “gan dochar do chuspóir na cobhsaíochta praghsanna, tacóidh an CEBC leis na beartais ghinearálta eacnamaíoch sa Chomhphobal d'fhonn rannchuidiú le gnóthú chuspóirí an Chomhphobail mar atá siad leagtha síos in Airteagal 2 den Chonradh.” Luann Airteagal 2 den Chonradh gur bhfuil de chuspóir an Chomhphobail, inter alia, “ardleibhéal fostaíochta (...), fás inbhuanaithe neamhbhoilscitheach, le mórchumas iomaíochta agus mórchóineasú san fheidhmiú eacnamaíoch”. Dá bhrí sin bunaíonn an Conradh ordlathas soiléir cuspóirí agus tugann sé tábhacht fhorghabhálach do chobhsaíocht praghsanna. Trí fhócasú ar bheartas airgeadaíochta an BCE i dtaca leis an bpríomhchuspóir sin, is léir ón gConradh gurb é an cion is tábhachtaí is féidir le beartas airgeadaíochta a dhéanamh chun timpeallacht fhabhrach eacnamaíochta agus leibhéal ard fostaíochta a bhaint amach ná cobhsaíocht praghsanna a chothú.



# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## Córas an Euros

Is éard atá i gCóras an Euro ná an 15 BCN i limistéar an euro agus an BCE le chéile. Roghnaigh an Chomhairle Rialaithe an téarma sin chun cur síos a dhéanamh ar an socrú lena ndéanann an CEBC a chuid tascanna laistigh de limistéar an euro. Fad is go bhfuil Ballstáit an AE ann nach bhfuil tar éis glacadh leis an euro fós, ní mór an t-idirdhealú sin idir Chóras an Euro agus an CEBC a dhéanamh. Maidir lena BCN na 12 Bhallstát nach bhfuil tar éis glacadh leis an euro in 2008 ní bhíonn baint acu le cinntí a dhéanamh faoin mbeartas airgeadaíochta do limistéar

an euro agus déanann siad a mbeartas airgeadaíochta féin. Is féidir le tír de chuid an AE glacadh leis an euro tráth níos déanaí ach ní mór di na critéir um chóineasú a bheith comhlíonta (féach an Bosca thíos chun sonraíocht níos mine a fháil).

## BOSCA 5.2 CRITÉIR UM CHÓINEASÚ

Tá na coinníollacha a bhaineann le glacadh an euro leagtha síos in Airteagal 121 den Chonradh agus den Phrótocal, atá ina iarscríbhinn leis an gConradh, a phléann na critéir um chóineasú dá dtagraítear in Airteagal 121. D'fhonn a dhéanamh amach an bhfuil mórchóineasú inbhuanaithe bainte amach ag Ballstát, baintear úsáid as ceithre chritéir: cobhsaíocht praghsanna, seasamh maith fíochach, cobhsaíocht i dtaca le ráta malairte agus rátaí úis cóineasaithe.

Éilítear leis an gcéad fleasc d'Airteagal 121(1) den Chonradh “gnóthú ardleibhéal cobhsaíochta praghsanna” agus luaitear freisin “beidh sé sin follasach ó ráta boilscithe atá gar do ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna”. Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 1 den Phrótocal “ciallóidh an critéir um chobhsaíocht phraghsanna (...) go mbeidh ag Ballstát feidhmiú praghsanna atá inbhuanaithe agus meánráta boilscithe, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, nach dtéann níos mó ná 1.5 pointe céatadain os cionn ráta boilscithe na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht phraghsanna. Déanfar

an boilsciú a thomhas trí bhíthin innéacs praghsanna do thomhaltóirí (IPT) ar bhonn inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínte náisiúnta á gcur san áireamh”.

Éilítear leis an dara fleasc d'Airteagal 121(1) den Chonradh “inbhuanaithe an riochta airgeadais rialtais” agus luaitear “beidh sé sin follasach óir beidh riocht buiséadach rialtais gnóthaithe aige gan easnamh is iomarcach mar atá arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 104(6)”. Luann Airteagal 2 den Phrótocal, ina theannta sin, gurb é a bheidh i gceist leis an gcritéir sin ná “(...) nach mbeidh an Ballstát, tráth an scrúdaithe, faoi réir cinneadh on gComhairle faoi Airteagal 104(6) den Chonradh seo go bhfuil easnamh iomarcach ann i gcás an Bhallstáit i dtrácht.”

Faoi Airteagal 104(1) den Chonradh, “Seachnóidh na Ballstáit easnamh rialtais iomarcacha”. Scrúdaíonn an Coimisiún comhlíonadh smacht buiséid, bunaithe go háirithe ar na critéir seo a leanas:

(a) an dtéann an cóimheas idir an t-easnamh rialtais pianáilte nó iarbhír agus an olltáirgeacht intíre thar luach tagartha, (sainmhínte sa Phrótocal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach mar 3% den OTI), ach amháin:

- mura bhfuil an cóimheas tar éis íslíú go suntasach leanúnach agus mura bhfuil sé tar éis leibhéal a shroicheadh atá gar don luach tagartha;
- nó, ina mhálairt de chás, mura bhfuil an farasbarr thar an luach tagartha eisceachtúil agus sealadach amháin agus mura bhfanann an cóimheas gar don luach tagartha;

(b) an dtéann an cóimheas idir an fiachas rialtais agus an olltáirgeacht intíre thar luach tagartha (sainmhínithe sa Phrótocal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach mar 60% den OTI), mura bhfuil an cóimheas ag laghdú a dhóthain agus ag druidim ar luas sásúil leis an luach tagartha.”

Éilítear leis an tríú fleasc d’Airteagal 121(1) den Chonradh “urramú na ngnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear le meicníocht rátaí malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta, ar feadh dhá bhliain ar a laghad, gan díluacháil in aghaidh airgeadra aon Bhallstáit eile”. Ina theannta sin, luann Airteagal 3 den Phrótocal “ciallóidh an critéar um rannpháirtíocht i Meicníocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta (...) go bhfuil Ballstát tar éis na ngnáthlamhálacha luaineachta dá bhforáiltear i Meicníocht Rátaí Malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta a urramú gan ghéartheannais i rith an dá bhliain deiridh ar a laghad roimh an scrúdú. Go háirithe, ní bheidh an Ballstát tar éis ráta lárnach déthaobhach airgeadra a thíre a dhíluacháil in aghaidh airgeadra Ballstáit eile ar a thogra féin ar feadh na tréimhse céanna.”

Éilítear leis an gceathrú fleasc d’Airteagal 121(1) den Chonradh “marthanacht an chóineasaithe a bheidh gnóthaithe ag an mBallstát agus a rannpháirtíochta i meicníocht rátaí malairte an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta á brath i leibhéal fhadtéarmacha rátaí

úis”. Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 4 den Phrótocal “ciallóidh an critéar um chóinsasú rátaí úis (...) go raibh ag Ballstát, arna bhreathnú thar thréimhse bliana roimh an scrúdú, méanráta ainmniúil fadtearmach úis nach dteánn níos mó ná 2 pointe céatadáin os cionn ráta na dtrí Bhallstát, ar a mhéad, is feidhmiúla maidir le cobhsaíocht praghsanna. Déanfar rátaí úis a thomhas ar bhonn bannaí fadtéarmacha rialtais nó urrúis inchomórtais, agus difríochtaí i sainmhínithe náisiúnta á gcur san áireamh.”.

I dteannta na gceanglas eacnamaíochta sin, éilíonn na critéir um chóineasú, freisin, go mbeadh cóineasú dlíthiúil ann d’fhonn a chinntiú go mbeadh an reachtaíocht náisiúnta, lena n-áirítear reachtanna na BCN, ag teacht leis an gConradh agus le Reacht an CEBC agus an BCE. Éilíonn an Conradh ar an BCE agus ar an gCoimisiún tuarascáil a thabhairt do Chomhairle an Aontais Eorpaigh ar a laghad uair amháin gach dara bliain nó arna iarraidh sin do Bhallstát go maolú, ar dhul chun cinn na mBallstát i dtaca le critéir um chóineasú a chomhlíonadh. Ar bhonn na dtuarascálacha um chóineasú a cuireann an BCE agus an Coimisiún isteach ar leithligh, agus ar bhonn togra ón gCoimisiún, féadfaidh an Chomhairle, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus tar éis teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais, cinneadh a dhéanamh faoi chomhlíonadh na gcritéir ag Ballstát agus cead a thabhairt don Bhallstát sin teacht isteach i limistéar an euro. Ó thús Chéim a Trí, tá tuarascálacha um chóineasú curtha le chéile ag an BCE in 2000, 2002, 2004, 2006 agus 2007.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## ... agus a bhuntascanna ...

Is iad buntascanna Chóras an Euro:

- beartas airgeadaíochta a shainiú agus a chur chun feidhme do limistéar an euro;
- oibríochtaí um malairt eachtrach a sheoladh agus cúlchistí oifigiúla eachtracha thíortha limistéar an euro a shealbhú agus a bhainisteoireacht;
- oibriú rianúil córais íocaíochta a chur ar aghaidh.

I measc na dtascanna eile tá:

- eisiúint nótaí bainc a údarú i limistéar an euro;
- tuairimí agus comhairle a thabhairt faoi dhréacht-achtanna an Chomhphobail agus faoi dhréacht-reachtaíocht náisiúnta;
- an fhaisnéis staidrimh is gá a bhailiú ó údaráis náisiúnta nó go díreach ó ghníomhairí eacnamaíoch, e.g. forais airgeadais;
- rannchuidiú le seoladh rianiúl beartas arna saothrú ag na húdaráis a dhéanann maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus le cobhsaíocht an chórais airgeadais.

## An Chomhairle Rialaithe

Is í an Chomhairle Rialaithe an comhlacht cinnteoireachta is airde sa BCE. Is é atá sa Chomhairle ná seisear comhaltaí an Bhoird Feidhmiúcháin agus Gobharnóirí na mBanc Ceannais Náisiúnta i limistéar an euro (15 i 2008). Is é Uachtarán an BCE a bhíonn mar chathaoirleach ar an gComhairle Rialaithe agus ar an mBord Feidhmiúcháin (féach an Chairt thíos, freisin).


Is é príomhthasc na Comhairle Rialaithe ná an beartas airgeadaíochta a leagan síos do limistéar an euro. Go sonrach, tá sé de chumhacht ag an gComhairle rátaí úis a chinneadh don leachtacht (airgead) is féidir le forais chreidmheasa a fháil ó Chóras an Euro.

Dá bhrí sin, imríonn an Chomhairle Rialaithe tionchair go díreach ar rátaí úis ar fud gheilleagar limistéar an euro, lena n-áirítear na rátaí a ghearrann institiúidí creidmheasa ar a gcustaiméirí i dtaca le hiasachtaí agus na rátaí a thuilleann coigilteoirí ar a gcuid taiscí. Comhlíonann an Chomhairle Rialaithe a cuid freagrachtaí trí threoirlínte a ghlacadh agus cinntí a dhéanamh.

## An Bord Feidhmiúcháin

Is iad comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an BCE ná an tUachtarán, an Leas-Uachtarán agus ceithre comhalta eile. Ceannairí Stáit nó Rialtais na dtíortha sin i limistéar an euro a cheapann na comhaltaí ar fad de thoil a chéile. Tá an Bord Feidhmiúcháin freagrach as an beartas airgeadaíochta arna leagan síos ag an gComhairle Rialaithe a chur chun feidhme agus tugann sé na teagaisc riachtanacha do na BCN ina leith sin. Ullmhaíonn sé cruinnithe na Comhairle Rialaithe freisin agus bainistíonn sé gnó an BCE ó lá go lá.

## CAIRT COMHLACHTAÍ CINNTEOIREACHTA AN BCE



Foinse: An Banc Ceannais Eorpach (2004), Beartas airgeadaíochta an BCE, Ich 10.



## An Chomhairle Ghinearálta

Is í an Chomhairle Ghinearálta an triú comhlacht cinnteoireachta sa BCE. Is iad baill na Comhairle Ghinearálta ná Uachtarán agus Leas-Uachtarán an BCE agus Gobharnóirí na mbanc ceannais náisiúnta i ngach ceann de na 27 ballstát san AE. Níl aon fhreagracht ar an gComhairle Ghinearálta as cinní a dhéantar i dtaca le beartas airgeadaíochta i limistéar an euro. Rannchuidíonn sé le beartais airgeadaíochta a chomhordú sna Ballstáit sin nach bhfuil glactha acu leis an euro go dtí seo agus leis na hullmhúcháin do leathnú féideartha limistéar an euro.

## Neamhspleáchas

Tá cúiseanna maíthe ann maidir leis an tasc a bhaineann le cothú cobhsaíocht praghsanna a thabhairt do bhanc ceannais neamhspleách nach mbeadh faoi bhrú poitéinsiúil polaitiúil. Ag teacht le forálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, tá neamhspleáchas iomlán ag Córas an Euro i gcomhlíonadh a gcúraimí: ní fhéadfaidh an BCE, ná do na BCN i gCóras an Euro, ná aon chomhalta dá gcomhlachtaí cinnteoireachta teagaisc a iarraidh ná a ghlacadh ó aon chomhlacht eile. Tá ceanglas ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail an prionsabal sin a urramú agus ní ceadmhach dóibh iarracht a dhéanamh tionchar a oibriú ar chomhaltaí chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE ná ar na BCN. Ina theannta sin, ní ceadmhach do Chóras an Euro aon iasachtaí a thabhairt do chomhlachtaí an Chomhphobail ná d'aonáin rialtais náisiúnta. Tugann sé sin tuilleadh cosanta dó ar chur isteach polaitiúil. Tá na hionstraimí agus na hinniúlachtaí uile ag Córas an Euro is gá chun beartas airgeadaíochta éifeachtach a dhéanamh. Bíonn téarmaí fada oifige ag comhaltaí na gcomhlachtaí cinnteoireachta sa BCE agus ní féidir iad a chur as oifig ach amháin i gcás mí-iompair thromchúisigh nó gan iad a bheith in ann a ndualgais a chomhlíonadh. Tá a bhuiséad féin ag an BCE atá neamhspleách ar bhuiséad an Chomhphobail Eorpaigh. Coinníonn sé sin riaradh an BCE scartha amach ó leasanna airgeadais an Chomhphobail.

## Caipiteal an BCE

Ní ón gComhphobal Eorpach a thagann caipiteal an BCE ach suibscríobhann agus íocann na BCN é. Sciar gach Ballstáit d'olltáirgeacht intíre an Aontais Eorpaigh agus a dhaoine a chinneann an méid a shuibscríobhann gach BCN.

## 5.3 STRAITÉIS AN BCE I DTACA LE BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

### PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

#### Dualgas oibre agus tascanna an bheartais airgeadaíochta

Faoi mar a luadh roimhe seo, tugann an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh an príomhchuspóir do Chóras an Euro – is é sin cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun i limistéar an euro. Luaitear ann go sonrach gurb é a “b[h]eidh de chuspóir príomhúil ag CEBC cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun”.

Is féidir an dúshlán atá le sárú ag an BCE a chur mar seo: ní mór do Chomhairle Rialaithe an BCE tionchar a imirt ar chúinsí sa mhargadh airgid, agus dá bhrí sin ar na rátaí úis gearrthréimhseacha, d'fhonn a chinntiú go ndéantar cobhsaíocht praghsanna a chothú sa mheántréimhse. Tugtar míniú thíos ar roinnt príomhphrionsabal a bhaineann le beartas airgeadaíochta a n-éiríonn go maith leis.

#### Ba chóir do bheartas airgeadaíochta ionchais i dtaca le boilsciú a chur i dtaca go maith ...

Ar an gcéad dul síos, bíonn beartas airgeadaíochta i bhfad níos éifeachtaí má chuireann sé ionchais i dtaca le boilsciú i dtaca go maith (féach freisin Mír 3.3). Chuige sin, ba chóir do bhainc cheannais a spriocanna a shonrú, ba chóir míniú a thabhairt orthu agus cloí le modh córasach agus leanúnach chun beartas airgeadaíochta a sheoladh, mar aon le cumarsáid a dhéanamh ar bhealach soiléir agus oscailte. Is gnéithe rithábachtacha iad sin maidir le leibhéal ard iontaofachta a bhaint amach – rud atá riachtanach chun tionchair a imirt ar ionchais na n-imreoirí eacnamaíocha.



# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA



Ní mór do bheartas airgeadaíochta a bheith forásach...

## ... ní mór dó bheith forásach ...

Ar an dara dul síos, de bharr na moill-agaí ama a bhaineann leis an bpróiseas tarchuir (féach Mír 4.3), ní rachaidh athruithe ar bheartas airgeadaíochta inniu i bhfeidhm ar an leibhéal praghsanna ach tar éis roinnt ráithí nó blianta. Ciallaíonn sé sin nár mhór do bhainc cheannais a dhéanamh amach cén seasamh beartais a bhíonn de dhíth chun cobhsaíocht praghsanna a chothú sa todhchaí, ach moill-agaí ama a bheith glactha san áireamh. Ní mór do bheartas airgeadaíochta, mar sin, a bheith forásach.

## ... ní mór dó fócasú ar an meántréimhse ...

De bhrí go mbíonn sé dodhéanta ag beartas airgeadaíochta dul i ngleic le turraingí nach mbítear ag súil leo i dtaca leis an leibhéal praghsanna (mar shampla, turraingí de thoradh athruithe ar phraghsanna tráchtearraí idirnáisiúnta nó cánacha indíreacha) sa ghearrthréimhse, bíonn roinnt luaineachta i rátaí boilscithe dosheachanta (féach Mír 4.4 feisin). Ina theannta sin, de bharr chastacht phróiseas tarchuir an bheartais airgeadaíochta, bíonn éiginnteacht mhór ann i gcónaí i dtaca le tionchar turraingí eacnamaíocha agus beartas airgeadaíochta. Ar na cúiseanna sin, ba chóir do bheartas airgeadaíochta a bheith dírithe ar an meántréimhse d'fhonn róghníomhachas a sheachaint agus gan luaineacht nach bhfuil gá léi a thabhairt isteach sa gheilleagar iarbhír.

## ... agus ní mór bonn leathan a bheith faoi

Ar deireadh, fearacht banc ceannais eile ar bith, baineann éiginnteacht mhór leis an BCE i dtaca le hiontaofacht táscairí eacnamaíochta, stuchtúr gheilleagar limistéar an euro agus sásra tarchuir an bheartais airgeadaíochta, i measc nithe eile. Ní mór bonn leathan a bheith faoi bheartas airgeadaíochta rathúil, mar sin, agus ní mór dó gach faisnéis ábhartha a ghlacadh san áireamh d'fhonn tuiscint a fháil ar na factóirí a chuireann dlús faoi fhorbairtí eacnamaíochta, agus ní féidir leis bheith ag brath ar thacar beag táscairí ná ar shamhail shingil den gheilleagar amháin.

## Ról na straitéise: creat cuimsitheach do chinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta

Tá straitéis i dtaca le beartas airgeadaíochta glactha agus fógartha ag Comhairle Rialaithe an BCE d'fhonn cur chuige córasach agus leanúnach a chinntiú i leith cinntí a dhéantar i dtaca le beartas airgeadaíochta. Cuimsíonn an straitéis sin i dtaca le beartas airgeadaíochta na prionsabail ghinearálta a luaitear thuas san áireamh d'fhonn dul i ngleic leis na dhúshláin a bhíonn le sárú ag an mbanc ceannais. Tá sé mar aidhm aige creat cuimsitheach a chur ar fáil lena bhféadfaí cinntí a dhéanamh i dtaca le leibhéal cuí na rátaí úis gearrthréimhseacha agus iad sin a chur in iúl don phobal.

## Príomhghnéithe straitéis an BCE i dtaca le beartas airgeadaíochta

Is é an chéad ghné de straitéis an BCE i dtaca le beartas airgeadaíochta ná sainmhíniú cainníochtúil ar chobhsaíocht praghsanna. Ina theannta sin, bunaíonn an straitéis creat chun a chinntiú go ndéanann an Chomhairle Rialaithe measúnú ar gach faisnéis agus anailísiú a bhíonn de dhíth chun cinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta a dhéanamh sa chaoi is go gothaítear cobhsaíocht praghsanna sa mheántréimhse. Déanann na míreanna atá fágtha sa chaibidil seo mionchur síos ar na gnéithe sin.

# AN BCE

## SAINMHÍNIÚ CAINNÍOCHTÚIL AR CHOBHSAÍOCHT AIRGEADAIS

### An Príomhchuspóir

Is é príomhchuspóir Chóras an Euro ná cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun i limistéar an euro, agus ar an gcaoi sin cumhacht cheannacháin an euro a chosaint. Faoi mar a pléadh roimhe seo, is é an cion is tábhachtaí is féidir le beartas airgeadaíochta a dhéanamh ná cobhsaíocht praghsanna a chinntiú d'fhonn cúinsí fabhracha eacnamaíochta agus leibhéal ard fostaíochta a bhaint amach. Is féidir le boillsí agus díbhoillsí araon costas mór a leagan ar an tsochaí go heacnamaíoch agus go sóisialta (féach go háirithe Mír 3.3). Gan dochar dá phríomhchuspóir i dtaca le cobhsaíocht praghsanna, tacaíonn Córas an Euro le beartais ghinearálta eacnamaíochta sa Chomhphobal Eorpach. Ina theannta sin, feidhmíonn Córas an Euro de réir phrionsabail gheilleagar an mhargaidh oscailte, faoi mar a leagtar síos ag an gConradh ag bunú Chomhphobail Eorpaigh.

### Tá sainmhíniú déanta ag an BCE ar chobhsaíocht praghsanna i dtéarmaí cainníochtúla

Cé go leagann an Conradh síos cothú cobhsaíocht praghsanna mar phríomhchuspóir an BCE, ní dhéanann sé sainmhíniú beacht air. D'fhonn an cuspóir sin a shainiú go beacht, d'fhógair Comhairle Rialaithe an BCE an sainmhíniú cainníochtúil seo a leanas i 1998: "Is é an sainmhíniú a dhéantar ar chobhsaíocht praghsanna ná méadú bliain-ar-bhliain faoi bhun 2% ar Innéacs Comhchuibhithe na bPraghsanna Tomhaltóra (ICPT) do limistéar an euro. Tá cobhsaíocht praghsanna le coimeád ar bun sa mheántréimhse". In 2003, shoiléirigh an Chomhairle Rialaithe go bhfuil sé i gceist aici, laistigh den sainmhíniú sin, rátaí boillsithe a choinneáil faoi bhun ach 'gar do 2% sa mheántréimhse'.

### Cuireann an sainmhíniú sin ionchais i leith boillsí i dtaca agus cuireann sé le trédhearcacht agus le cuntasacht an BCE.

Chinn an Chomhairle Rialaithe sainmhíniú cainníochtúil ar chobhsaíocht praghsanna a fhógairt go poiblí ar rinnt cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, trí shoiléiriú a dhéanamh ar an mbrí a bhaineann an Chomhairle Rialaithe as an sprioc atá leagtha síos di ag an gConradh, cuidíonn an sainmhíniú sin le tuiscint a fháil ar chreat an bheartais airgeadaíochta ar bhealach níos éasca (i.e. tá beartas airgeadaíochta níos trédhearcaí dá bharr). Ar an dara dul síos, cuireann an sainmhíniú ar chobhsaíocht praghsanna slat tomhais shoiléir agus intomhaiste ar fáil ar féidir leis an bpobal an BCE a thomhas léi. Sa chás go n-imeodh forbairtí praghsanna ón sainmhíniú ar chobhsaíocht praghsanna, bheadh ar an BCE é sin a mhíniú mar aon leis an gcaoi a mbeadh sé i gceist ag an BCE cobhsaíocht praghsanna a athbhunú laistigh de thréimhse inghlactha ama. Ar deireadh, tugann an sainmhíniú treoir don phobal – rud a thugann deis dóibh a n-ionchais féin a bheith acu i leith forbairtí praghsanna sa todhchaí (féach freisin Bosca 3.2).



Tugann an sainmhíniú ar chobhsaíocht praghsanna treoir don phobal – rud a thugann deis dóibh a n-ionchais féin a bheith acu i leith forbairtí praghsanna sa todhchaí.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## Saintréithe an tsainmhíithe:

### dírú ar limistéar an euro ina iomláine

Baineann roinnt saintréithe suntasacha leis an sainmhíniú ar chobhsaíocht praghsanna. Ar an gcéad dul síos, tá dualgas oibre ag an BCE a chumhdaíonn limistéar an euro ina iomláine. Dá réir sin, is é an aidhm a bhíonn ag beartas airgeadaíochta aonair ná cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach i limistéar an euro ina iomláine. Maidir leis an bhfócas sin ar limistéar an euro ina iomláine, is iarmhairt é ar an bhfíric nach féidir le beartas airgeadaíochta, laistigh den aontas airgeadaíochta, ach stiúradh a dhéanamh ar mheánleibhéal ráta úis an mhargaidh airgid, i.e. ní féidir leis rátaí úis éagsúla a leagan síos do réigiúin dhifriúla i limistéar an euro.

## An ICPT

Sonraíonn an sainmhíniú innéacs sonrach praghsanna – is é sin a ICPT do limistéar an euro – a bheidh le húsáid chun cinneadh a dhéanamh cibé ar baineadh amach cobhsaíocht praghsanna nó nár baineadh. Ach úsáid a bhaint as innéacs leathan praghsanna, cinntítear trédhearcacht i dtaca le tiomantas an BCE do chosaint iomlán agus éifeachtach a thabhairt i gcoinne cailteanas i gcumhacht cheannacháin an airgid (féach freisin Alt 3.2).

Is éard atá sa ICPT, arna craobhscaoileadh ag EUROSTAT, Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh, ná príomhthomhas na bhforbairtí praghsanna i limistéar an euro. Tá an t-innéacs sin comhchuibhithe ar fud tíortha éagsúla limistéar an euro agus é mar aidhm aige forbairtí praghsanna a thomhas ar bhonn comparáideach. Is éard atá sa ICPT ná an t-innéacs is fearr a thugann deis do dhuine na hathruithe le himeachta ama ar phraghas ciseán ionadaíoch caiteachais tomhaltóirí i limistéar an euro a gharbhmheas (féach Bosca 5.3).

## BOSCA 5.3 TIOMSÚ AGUS SAINTRÉITHE AN ICPT

Coimisiún na hEorpa (Eurostat) i gcomhar leis na hinstiúidí staidrimh náisiúnta a dhéanann an obair choinceapúil a bhaineann le tiomsú an ICPT do limistéar an euro. De bhrí gur príomhúsáideoirí iad, tá dlúthbhaint ag an BCE, mar a bhí ag an IEA a chuaigh roimhe, leis an obair sin. Tá sonraí ICPT a chuir Eurostat ar fáil le fáil ó mhí Eanáir 1995 ar aghaidh.

Bunaithe ar ualaí caiteachais tomhaltais is infheidhme do 2006, is ionann earraí agus 59.2% den ICPT agus is ionann seirbhísí agus 40.8% de (féach Tábla thíos). Ach an ICPT ina iomláine a bhriseadh síos ina gcomhchodanna éagsúla bíonn sé níos éasca na fachtóirí éagsúla eacnamaíocha a imríonn tionchar ar fhorbairtí praghsanna tomhaltais a fheiceáil. Mar shampla, bíonn forbairtí sa chomhchuid a bhaineann le praghas fuinnimh nasctha go dlúth le gluaiseachtaí i dtaca le praghas ola.

Déantar praghsanna bia a roinnt idir bia próiseáilte agus bia neamhphróiseáilte, mar go mbíonn praghsanna bia neamhphróiseáilte faoi thionchar mór ag cúinsí cosúil le haimsir agus patrúin shéasúracha, nuair is lú an tionchar a bhíonn ag na cúinsí sin ar phraghsanna bia phróiseáilte. Tá praghsanna seirbhísí foroinnte ina gcúig chomhchuid. Léiríonn siad sin difríochtaí de ghnáth i dtaca lena bhforbairtí féin mar go mbaineann cúinsí difriúla margaidh leo.

De thoradh forbairtí comhchuibhithe agus staitisticíúla chun cruinneas, iontaofacht agus tráthúlacht a fheabhsú, tá an ICPT ina innéacs praghsanna ar ardchaighdeán idirnáisiúnta agus ina tháscaire leathan comparáide idir tíortha. Mar sin féin, táthar ag feabhsú réimsí éagsúla i gcónaí.



## Cúiseanna le rátaí boilscithe a choinneáil faoin bhun, ach gar do, 2%

Trí thagairt a dhéanamh do „mhéadú faoi bhun 2% ar an ICPT”, is léir ón sainmhíniú nach bhfuil boilsciú os cionn 2% agus díbhoilsciú (i.e. titim sa leibhéal praghsanna) ag teacht le cobhsaíocht praghsanna. Chuige sin, is léiriú é rún sainráite an BCE maidir le hiarracht a dhéanamh an ráta boilscithe a choinneáil ag leibhéal faoi bhun, ach gar do, 2% a thiomanta is atá sé do chorrloch leordhóthanach a chur ar fáil chun rioscaí díbhoilscithe a sheachaint (féach Alt 3.1 agus Bosca 5.4 freisin).

## BOSCA 5.4 LAMHÁIL SÁBHÁILTEACHTA I GCOINNE DÍBHOILSCIÚ

Ach tagairt a dhéanamh do “mhéadú faoi bhun, ach gar do, 2% ar an ICPT” cuirtear lamháil sábháilteachta ar fáil i gcoinne díbhoilsciú.

Nuair a chiallaíonn díbhoilsciú costais iontamhail don gheilleagar is a bhaineann le boilsciú, bíonn sé thar a bheith tábhachtach go ndéantar díbhoilsciú a sheachaint mar, nuair a tharlaíonn sé, d’fhéadfadh sé bheith daingnithe de thoradh nach féidir le rátaí úis titim faoi bhun náid ós rud é nach mbeadh aon duine toilteanach, de ghnáth, airgead a thabhairt ar iasacht le duine ar bith eile dá mbeadh níos lú airgid le fáil ar ais aige tar éis tréimhse ama faoi leith. I dtimpeallacht

## TÁBLA UALÚ PHRÍOMHCHODANNA ICPT LIMISTÉAR AN EURO DO 2006

<b>Innéacs Iomlán</b>	<b>100.0</b>
<b>Praghsanna earraí</b>	<b>59.1*</b>
Bia neamhphróiseáilte	7.6
Bia próiseáilte	11.9
Earraí tionscail neamhfhuinnimh	29.8
Fuinneamh	9.8
<b>Seirbhísí</b>	<b>40.9</b>
Seirbhísí Tithíochta	10.0
Iompar	6.1
Cumarsáid	3.3
Seirbhísí áineasa agus pearsanta	14.7
Ilchineálach	6.8

\* B’fhéidir nach dtabharfaidh na figiúirí toradh cruinn mar gheall ar chothromú.

Foinse: Eurostat

díbhoilscithe tharlódh, dá bhrí sin, nach mbeadh beartas airgeadaíochta in ann éileamh comhiomlán a spreagadh go leordhóthanach trí úsáid a bhaint as a ionstraim rátaí úis. Chlisfeadh ar aon iarracht a dhéanfaí an ráta úis ainmniúil a thabhairt faoi bhun náid, mar gurbh fhearr leis an bpobal airgead tirim a bheith acu seachas iasachtaí a dhéanamh nó taiscí a choinneáil ag ráta diúltach. Cé gur féidir roinnt gníomhartha i dtaca le beartas airgeadaíochta a dhéanamh, fós, fiú nuair a bhíonn rátaí úis ainmniúla ag náid, ní léir go hiomlán éifeachtacht na mbeartas ailtéarnach sin. Bíonn sé inmhianaithe dá bhrí sin do bheartas airgeadaíochta lamháil sábháilteachta a bheith aige i gcoinne boilsciú.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

Trí dhíriú ar „mhéadú faoi bhun, ach gar do, 2% ar an ICPT”, glactar san áireamh, freisin, laofacht phoitéinsiúil tomhais sa ICPT agus ciallachais phoitéinsiúla na ndifreálacha boilscithe i limistéar an euro.

## Díriú ar an meántréimhse

Ar deireadh, príomhghné de bheartas airgeadaíochta an BCE is ea an aidhm atá aige tabhairt faoi chobhsaíocht praghsanna „sa mheántréimhse“. Faoi mar a léirítear thuas, tá sé sin ag teacht leis an gcomhaontú nach féidir beartas airgeadaíochta, agus dá bhrí sin nár chóir dó, iarracht a dhéanamh forbairtí i bpraghsanna nó boilsciú a mhionchoigeartú sa ghearrthréimhse, is é sin in imeacht seachtainí nó míonna (féach freisin Mír 4.4). Is tar éis moill-aga ama a théann beartas airgeadaíochta i bhfeidhm ar phraghsanna agus ní bhítear cinnte faoi mhéid an tionchair sin ar deireadh. Ciallaíonn sé sin nach féidir le beartas airgeadaíochta cúiteamh a dhéanamh i gcoinne gach suaite nach mbítear ag súil leis sa leibhéal praghsanna. Bíonn luaineacht éigin i dtaca le boilsciú sa ghearrthréimhse dosheachanta dá bhrí sin.

## BOSCA 5.5 TREOSHUÍOMH BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA AN BCE SA MHEÁNTRÉIMHSE

Bíonn turraingí nárbh fhéidir a thuar den chuid is mó i ndán do gheilleagar i gcónaí agus téann na turraingí sin i bhfeidhm ar fhorbairtí praghsanna. Ag an am céanna, ní féidir le beartas airgeadaíochta tionchar a imirt ar fhorbairtí praghsanna gan moill-agaí ama suntasacha a bheith ann. Athraíonn na moill-agaí ama sin agus, dála gach gaolmhaireacht eacnamaíoch, bíonn éiginnteacht mhór ag baint leo. I bhfianaise na nithe sin, bheadh sé dodhéanta ar aon bhanc ceannais an boilsciú a choinneáil ag sprioc sonrach an t-am ar fad nó é a thabhairt ar ais chuig leibhéal imhianaithe laistigh de thréimhse an-ghearr ama. Dá bhrí sin, ní mór do bheartas airgeadais a bheith ag féachaint chun cinn agus ní féidir leis cobhsaíocht praghsanna a chothú ach thar thréimhsí níos faide ama. Is é sin an réasúnaíocht atá i gcoilár fhócas meántréimhseach an BCE.

Coinníonn coincheap na „gearrthréimhse“ roinnt solúbthachta i dtaca le fráma ama beacht. Léiríonn sé sin nach moltar tréimhse bheacht a shonrú ex ante do

bheartas airgeadaíochta a chur i gcrích, ós rud é go mbaineann an sásra tarchuir le tréimhse ama athraitheach agus éiginnte. D'fhéadfadh freagairt bheartais a bheadh ró-ionsaitheach maidir le cobhsaíocht praghsanna a athbhúnú laistigh de thréimhse ama an-ghairid, sna cúinsí sin, bheith i mbaol costas suntasach a thabhtú i leith luaineacht aschuir agus fostaíochta - rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar fhorbairtí praghsanna san fhadtréimhse. I gcásanna den sórt sin, aithnítear go forleathan go bhfuil freagairt diaidh-ar-ndiaidh i leith beartas airgeadaíochta cuí chun luaineacht ard nach mbíonn gá leis i dtaca le gníomhaíocht iarbhrí a sheachaint agus chun cobhsaíocht praghsanna a chothú san fhadtréimhse. Dá bhrí sin, tugann an fócas gearrthréimhseach an tsolúbthacht is gá don BCE chun freagairt ar bhealach cuí do na turraingí éagsúla eacnamaíocha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Ag an am céanna, ba chóir go mbeadh sé soiléir, ó dhearcadh ex post, gur féidir leis an BCE a bheith cuntasach as treochtaí i dtaca le boilsciú amháin.

# AN BCE

## AN DÁ PHILÉAR I STRAITÉIS AN BCE I DTACA LE BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

### Is uirlis é an creat dá philéar chun faisnéise a eagrú ...

Tugtar an dá “philéar” ar chur chuige an BCE i leith faisnéis a eagrú, a mheas agus a thras-seiceáil chun rioscaí do chobhsaíocht praghsanna a mheas - cur chuige atá bunaithe ar dhá pheirspictíocht anailíseacha.

### ... bunaithe ar dhá pheirspictíocht anailíseacha ...

I straitéis an BCE, déantar cinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta bunaithe ar anailís chuimsitheach ar na rioscaí a bhíonn ann do chobhsaíocht praghsanna. Déantar an anailís sin bunaithe ar dhá pheirspictíocht chomhlántacha i leith cinneadh a dhéanamh faoi fhorbairtí praghsanna. Tá an chéad pheirspictíocht dírithe ar dheitearmanaint ghearrthréimhseacha agus mheántréimhseacha na bhforbairtí praghsanna a mheas, agus fócas a bheith ar ghníomhaíocht iarbhir agus ar chúinsí airgeadais sa gheilleagar. Glacann sé san áireamh go mbíonn tionchar mór ag an idirghníomhaíocht idir soláthar agus éileamh earraí, seirbhísí agus margáí fachtóra ar fhorbairtí praghsanna sna tréimhsí sin (féach freisin Mír 4.4). ‘Anailís eacnamaíoch’ a thugann an BCE air sin. Maidir leis an dara peirspictíocht, ar a dtugtar ‘anailís airgeadaíochta’, díríonn sé ar an bhfadtréimhse agus baineann sé leas ag an nasc fadtréimhseach idir airgead agus praghsanna (féach Mír 4.5 freisin). Níl san anailís airgeadaíochta, den chuid is mó, ach bealach chun tras-seiceáil a dhéanamh, sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse, ar na táscairí gearrthréimhseacha agus meántréimhseacha do bheartas airgeadaíochta - táscairí a eascraíonn as an anailís eacnamaíoch.

### ... d’fhonn a chinntiú nach gcaillfear aon fhaisnéis ábhartha

Is ann do chur chuige an dá philéar chun a chinntiú go mbaintear leas as an bhfaisnéis ábhartha uile sa mheasúnú a dhéantar ar na rioscaí a bhíonn ann do chobhsaíocht praghsanna agus go dtugar aird chuí ar pheirspictíochtaí éagsúla agus ar thras-seiceáil faisnéise chun teacht ar bhreithiúnas iomlán i leith na rioscaí do chobhsaíocht praghsanna. Léiríonn sé coincheap na hanailíse éagsúlaithe - rud a chuireann sé in iúl don phobal - agus cinntíonn go mbíonn bonn láidir faoi chinntí a dhéantar bunaithe ar pheirspictíochtaí anailíseacha difriúla.

## ANAILÍS EACNAMAÍOCH

### Cuidíonn anailís ar rioscaí gearrthréimhseacha agus meántréimhseacha i dtaca le cobhsaíocht praghsanna ...

Díríonn an anailís eacnamaíoch go príomha ar mheasúnú a dhéanamh ar forbairtí eacnamaíochta agus airgeadais agus ar na rioscaí sa mheántréimhse a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna. Áirítear ar na hathróa eacnamaíochta agus airgeadais atá mar ábhar na hanailíse sin, mar shampla, forbairtí san aschur tríd is tríd; éileamh comhiomlán agus a chomhchodanna; beartas fíoscach; caipiteal agus cúinsí an mhargaidh shaothair; raon leathan táscairí praghsanna agus costais; forbairtí sa ráta malairte, i ngeilleagar an domhan agus i gcomhardú na n-íocaíochtaí; margáí airgeadais; agus staid chláir chomhardaithe earnálacha limistéar an euro. Is cúnaimh iad na fachtóirí sin ar fad chun measúnú a dhéanamh ar dhinimiciúlacht na gníomhaíochta iarbhir agus forbairtí poitéinsiúla praghsanna ó thaobh na hidirghníomhaíochta idir soláthar agus éileamh earraí, seirbhísí agus margáí fachtóra sa ghearrthréimhse (féach freisin Mír 4.4).



Is é an idirghníomhaíocht idir soláthar agus éileamh earraí, seirbhísí agus margáí fachtóra is mó a imríonn tionchar ar fhorbairtí praghsanna.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## BOSCA 5.6 TÁSCAIRÍ IARBHÍR EACNAMAÍOCHA AGUS AIRGEADAIS

I gcreat a anailíse eacnamaíche, díríonn an BCE go príomha ar mheasúnú a dhéanamh ar fhorbairtí eacnamaíocha agus airgeadais agus ar na rioscaí sa mheántréimhse a bhaineann le cobhsaíocht praghsanna.

Maidir leis an anailís ar tháscairí eacnamaíochta iarbhrí, déanann an BCE athbhreithnithe go rialta ar fhorbairtí san aschur tríd is tríd, ar chúinsí éilimh agus an mhargaidh shaothair, ar raon leathan táscairí praghsanna agus costais, agus ar bheartas fioscach, mar aon le comhardú na n-íocaíochtaí i limistéar an euro. Mar shampla, i dtéarmaí forbairtí praghsanna agus costais, i dteannta an ICPT agus a chomhchodanna, déantar anailís ar fhorbairtí praghsanna san earnáil tionscail, arna dtomhas ag praghsanna tomhaltais, mar is féidir le hathruithe ar chostais táirgeachta tionchar a imirt ar phraghsanna tomhaltais. D'fhéadfadh costais saothair, ar gné thábhachtach iad de chostais táirgeachta tríd is tríd, tionchar mór a imirt ar cheapadh praghsanna. Cuireann staitisticí i dtaca le costais saothair faisnéis ar fáil faoi chumas iomaíochta gheilleagar limistéar an euro.

Ar an dara dul síos, cuireann táscairí i dtaca le haschur agus éileamh (cuntais náisiúnta, staitisticí gearrthréimhseacha faoi ghníomhaíocht tionscail agus seirbhísí, orduithe agus sonraí ó shuirbhéanna cáilíochtúla) faisnéis ar fáil i dtaca le seasamh timthriallach an gheilleagair, agus bíonn tábhacht ag baint leis an bhfaisnéis sin chun anailís a dhéanamh ar fhorbairtí praghsanna. Ina theannta sin, tá sonraí an mhargaidh shaothair (i dtaca le fostaíocht, difhostaíocht, folúntais agus rannpháirtíocht an mhargaidh shaothair) tábhachtach chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí cónascthachta agus chun measúnú a dhéanamh ar athruithe struchtúracha ar fheidhmiú gheilleagar limistéar an euro. Ina theannta sin, cuid shuntasach den ghníomhaíocht eacnamaíoch is ea earnáil an rialtais; tá faisnéis i dtaca le cuntais airgeadais agus neamhairgeadais na hearnála poiblí riachtanach.

Ar an tríú dul síos, cuireann staitisticí i dtaca le comhardú na n-íocaíochtaí, mar aon le staitisticí i dtaca le trádáil sheachtrach, faisnéis ar fáil faoi fhorbairtí maidir le heaspórtálacha agus iompórtálacha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar bhrú boillsithe via an tionchar a bhíonn acu ar chúinsí éilimh. Tugann na sonraí sin deis freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar phraghsanna trádála seachtraí – arna léiriú ag innéacsanna luach aonad easpórtála agus iompórtála. Cuidíonn na hinnéacsanna sin le measúnú a dhéanamh, go háirithe, ar thionchar poitéinsiúil gluaiseachtaí sa ráta malairte agus athruithe ar phraghsanna tráchtarraí (cosúil le hola) ar phraghsanna iompórtála. I mbeagán focal, cuidíonn na táscairí sin le measúnú a dhéanamh ar ghluaiseachtaí san éileamh comhiomlán, sa soláthar comhiomlán agus i líon na húsáide acmhainne.

Déantar monatóireacht ghéar freisin ar fhorbairtí i dtáscairí an mhargaidh airgeadais agus i bpraghsanna sócmhainní. D'fhéadfadh gluaiseachtaí i bpraghsanna sócmhainní dul i bhfeidhm ar fhorbairtí praghsanna via tionchair ioncain agus rachmais. Mar shampla, de réir mar a théann praghsanna cothromais in airde, éiríonn teaglaigh a bhfuil scaireanna ina seilbh acu níos saibhre agus d'fhéadfaidís cinneadh a dhéanamh a dtomhaltas a mhéadú. Cuirfidh sé sin le héileamh ó thomhaltóirí agus d'fhéadfadh sé dlús a chur faoi bhrú boillsithe intíre. Ar an láimh eile, nuair a thiteann praghsanna cothromais, d'fhéadfadh teaglaigh a dtomhaltas a laghdú. Bealach eile is féidir le praghsanna sócmhainní dul i bhfeidhm ar an éileamh comhiomlán is ea trí luach na comhthaobhachta a chuireann ar chumas iasachtaithe níos mó iasachtaí a fháil agus/nó na préimheanna riosca a éilíonn iasachtóirí/bainc a laghdú. Is minic cinntí i dtaca le hiasachtaí a bheith faoi thionchar, a bheag nó a mhór, ag méid na comhthaobhachta. Má thiteann luach na comhthaobhachta éireoidh iasachtaí níos costasaí agus d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair iad a fáil ar an gcéad dul síos – rud a chiallódh go



dtiocfadh laghdú ar an gcaiteachas agus, dá bhrí sin, ar an éileamh.

Is féidir anailís a dhéanamh ar phraghsanna agus ar thorthaí airgeadais, freisin, chun faisnéis a fháil faoi ionchais na margaí airgeadais, lena n-áirítear forbairtí praghsanna a bhfuiltear ag súil leo sa todhchaí. Mar shampla, agus bannaí á gceannach agus á ndíol, léiríonn rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a gcuid ionchas faoi fhorbairtí sa todhchaí i dtaca le rátaí úis iarbhír agus boilsciú (féach, freisin, Bosca 3.2). Trí úsáid a bhaint as teicnící ágsúla, is féidir leis an BCE anailís a dhéanamh ar phraghsanna airgeadais chun teacht ar ionchas infhillte an mhargaidh faoi fhorbairtí sa todhchaí. Bíonn margaí sócmhainní, agus dá bhrí sin praghsanna sócmhainní, ag féachaint chun cinn. Léiríonn athruithe ar phraghsanna sócmhainní, dá bhrí sin, “nuacht” – faisnéise faoi fhorbairtí nach raibh na margaí airgeadais ag súil leo. Chuige sin, d’fhéadfadh an mhonatóireacht a dhéantar ar phraghsanna sócmhainní cuidiú le turraingí atá ag bualadh an gheilleagair san am reatha a shonrú, go háirithe turraingí a bhualann

ionchais i leith forbairtí eacnamaíochta sa todhchaí. Trí anailís a dhéanamh ar mhargaí airgeadais, is féidir faisnéis staitisticíúil faoi phraghsanna sócmhainní airgeadais ó fhoinsí éagsúla a mheas, freisin. Ina theannta sin, bailíonn an BCE faisnéis staitisticíúil áirithe é féin.

Déantar forbairtí sa ráta malairte a mheas go dlúth freisin ó thaobh a gciallachais do chobhsaíocht praghsanna. Bíonn tionchar díreach ag gluaiseachtaí sa ráta malairte ar fhorbairtí praghsanna tríd an tionchar a bhíonn acu ar phraghsanna iompórtála. Cé gur geilleagar sách iata é limistéar an euro i gcomparáid leis na balltíortha aonair, téann praghsanna iompórtála i bhfeidhm ar fhorbairtí a bhaineann le táirgeoirí intíre agus praghsanna tomhaltais. D’fhéadfadh athruithe sa ráta malairte athrú a dhéanamh, freisin, ar chumas iomaíochta earraí a tháirgtear sa tír i margaí idirnáisiúnta ó thaobh praghsanna de, agus ar an gcaoi sin tionchar a imirt ar chúinsí éilimh agus, b’fhéidir, ar ionchas i leith praghsanna.

### ... le cineál na dturraingí a léiriú ...

San anailís seo, féachtar go háirithe ar an ngá a bhíonn ann bunús agus cineál na dturraingí a bhualann an geilleagar a shonrú, mar aon leis na tionchair a bhíonn acu ar iompraíocht costais agus praghsála agus an t-ionchas sa ghearrthréimhse agus sa mheántréimhse i leith a bhforleathantais sa gheilleagar. Mar shampla, d’fhéadfadh an fhreagairt chuí bheartais airgeadais i dtaca le hiarmhairsí boilscithe a bhainfeadh le hardú sealadach ar phraghas ola go hidirnáisiúnta a bheith difriúil leis an bhfreagairt chuí do bhoilsciú ard de thoradh ar chiallachais chostais saothair a bhainfeadh le méaduithe pá nach mbeadh fás táirgiúlachta á meáitseáil. Is é an toradh a bheadh ar an gcéad cheann ná méadú eatramhach gearrthréimhseach ar bhoilsciú a d’fhéadfadh athrú ar ais go tapa. D’fhéadfadh, sa chás nach mbeadh an turraing sin

ina cúis le hionchais i leith boilsciú níos airde, gur bheag an bhagairt do chobhsaíocht praghsanna a bheadh ann sa mheántréimhse. Maidir le méaduithe iomarcacha pá, tá an baol ann gurb é a bheadh de thoradh orthu ná costais, praghsanna agus éilimh phá a bheith ag síormhéadú go féinchothaitheach. D’fhonn cosc a chur le síormhéadú den chineál sin, d’fhéadfadh gurb é an fhreagairt is fearr ná gníomhaíocht dhaingin faoin mbeartas airgeadaíochta chun tiomantas an bhainc cheannais do chothú na cobhsaíochta praghsanna a athdhearbhú.

Chun cinntí cuí a dhéanamh, ní mór don Chomhairle Rialaithe tuiscint chuimsitheach a bheith aici ar chúinsí eacnamaíochta na linne agus ní mór di a bheith ar an eolas faoi chineál agus méid aon suaithe a bheadh ina bhagairt ar chobhsaíocht praghsanna.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## ... agus áirítear air teilgin mhaicreacnamaíocha

I gcomhthéacs na hanailíse eacnamaíche, bíonn ról tábhachtach ag tascanna fhoireann Chóras an Euro i dtaca le teilgin mhaicreacnamaíocha. Cuidíonn na teilgin, a chuireann an fhoireann le chéile, le líon mór sonraí eacnamaíocha a struchtúrú agus a choimriú agus le leanúnachas a chinntiú i bhfoinsí éagsúla na fianaise eacnamaíochta. Chuige sin, is gné lárnach iad maidir le géarú a dhéanamh ar mheasúnú na n-ionchas eacnamaíochta agus na luaineachtaí boilscithe sa ghearrthréimhse agus sa mheántréimhse bunaithe ar an treocht sin.

## BOSCA 5.7 TEILGIN MHAICREACNAMAÍOCHA DO LIMISTÉAR AN EURO

Baintear úsáid as an bhfocal “teilgean” chun a shoiléiriú gurb é atá sna teilgin a fhoilsítear ná toradh cnámhscéil atá bunaithe ar thacar toimhdí teicniúla.

Cé go n-úsáidtear na teilgin sin chun eolas a chur ar fáil do chinnteoirí maidir le beartais airgeadaíochta faoi thoradh cnámhscéil sa todhchaí ní thugann sé sin le tuiscint go dtiocfadh an cnámhscéal sin i gcrích.

Dá bhrí sin, níor chóir i gcúinse ar bith a cheapadh go bhfuil teilgin mhaicreacnamaíocha fhoireann Chóras an Euro i dtaca le boilsciú ag ceistiú thiomantas na Comhairle Rialaithe do chobhsaíocht praghsanna a chothú sa mheántréimhse. Ba chóir do lucht socraithe pá agus praghsanna (i.e. an rialtas, gnólachtaí agus teaghlaigh) bheith ag brath ar shainmhíniú cainníochtúil an BCE i dtaca le cobhsaíocht praghsanna agus go háirithe an aidhm maidir le boilsciú a choinneáil faoi bhun, ach gar do, 2 % mar an teilgean is fearr sa mheántréimhse agus san fhadtréimhse i leith forbairtí praghsanna. Go háirithe, ó Mheitheamh 2006, bíonn teilgin an Eurochórais bunaithe ar an tomhde teicniúla i leith rátaí úis gearrthréimhseacha go mbeadh siad ar aon dul le hionchais mhargaidh in ionad, mar a ghlacadh

leis roimhe sin, fanta gan athrú ar feadh tréimhse an teilgin.

Cé go bhfuil ról úsáideach acu, tá srianta ag baint le teilgin mhaicreacnamaíocha na foirne. Ar an gcéad dul síos, braitheann an teilgean deiridh go suntasach ar an mbunchreat coincheapúil agus ar na teicníochtaí a úsáidtear. Is cinnte gurb é a bheadh in aon chreat den chineál sin ná simpliú ar an réaltacht agus d'fhéadfadh sé, ar uairibh, saincheisteanna príomhúla a bhaineann le beartas airgeadaíochta a fhágáil ar lár. Ar an dara dul síos, ní féidir le teilgin eacnamaíocha ach cur síos achomair a dhéanamh ar an ngeilleagar agus dá bhrí sin ní ghlacann siad san áireamh an fhaisnéis ábhartha ar fad. Níl sé éasca, go háirithe, faisnéis thábhachach, cosúil leis an bhfaisnéis sin a bhíonn i gcomhiomláin airgeadaíochta, a chomhtháthú sa chreat a úsáidtear chun teilgin a chur le chéile. Is amhlaidh an scéal maidir le faisnéis a d'fhéadfadh athrú tar éis na teilgin a thabhairt chun críche. Ar an tríú dul síos, déantar dearcaí saineolaithe a thabhairt isteach i dteilgin agus dá bhrí sin d'fhéadfadh cúiseanna maithe a bheith ann gan aontú le dearcaí faoi leith. Ar an gceathrú dul síos, bíonn teilgin bunaithe ar thiomhdí sonracha i gcónaí - cosúil leis na toimhdí sin a bhaineann le praghsanna ola nó rátaí malairte – agus is féidir athrú teacht orthu sin go tapa, rud a chiallaíonn go mbíonn na teilgin as dáta.

Ar na cúiseanna sin ar fad, tá ról tábhachtach ag teilgin mhaicreacnamaíocha na foirne ach ní ról uilechuimsitheach é an ról sin i straitéis an BCE i leith beartas airgeadaíochta. Déanann an Chomhairle Rialaithe iad a mheas i dteannta go leor píosáí eile faisnéise agus déanann an Chomhairle anailís a eagraítear laistigh de chreat an dá philéar. Áirítear orthu sin anailís airgeadaíochta agus anailís ar phraghsanna airgeadais, táscairí aonair agus réamhaisnéisí ó institiúidí eile. Ní ghlacann an Chomhairle Rialaithe freagracht as na teilgin sin ná ní bhaineann an Chomhairle úsáid as teilgin na foirne mar an t-aon uirlis amháin chun a mheasúnú a eagrú agus a chur in iúl.

## ANAILÍS AIRGEADAÍOCHTA

### Cuireann airgead ancaire ainmniúil ar fáil

Leagann an BCE béim ar airgead as measc thacar na bpríomhtháscairí roghnaithe a ndéanann sé monatóireacht agus dianstaidéar orthu. Rinneadh an cinneadh sin mar aitheantas ar an bhfíric go bhfuil boilsciú agus fás airgeadaíochta nasctha lena chéile go dlúth sa mheantréimhse agus san fhadtréimhse (féach, freisin, Mír 4.5). Tugann an ghaolmhaireacht sin, a nglactar go forleathan léi, ancaire ainmniúil daingean agus iontaofa ar fáil do bheartas airgeadaíochta

a théann níos faide ná na tréimhsí a úsáidtear de ghnáth chun réamhaisnéisí i dtaca le boilsciú a chur le chéile. Dá bhrí sin, ba uirlis chun bonn a chur faoin bhfócas meantréimhseach é ról lárnach sa straitéis a thabhairt d'airgead. Leoga, ach cinntí beartais a dhéanamh agus measúnú a dhéanamh ar a n-iarmhairtí ní hamháin bunaithe ar tháscairí ghearrtréimhseacha a eascraíonn as an anailís ar chúinsí eacnamaíochta agus airgeadais ach bunaithe, freisin, ar chúinsí airgeadaíochta agus leachtachta, tugtar deis do bhanc ceannais féachaint thar thionchar eatramhach na dturraingí éagsúla agus gan cathú a bheith air tabhairt faoi chúrsa rógánomhaíoch.

## BOSCA 5.8 COMHIOMLÁIN AIRGEADAÍOCHTA

I bhfianaise gur dlúthionadaithe iad go leor sócmhainní airgeadais éagsúla, agus go mbíonn cineál agus saintréithe sócmhainní airgeadais, idirbhearta agus meáin íocaíochta ag athrú le himeacht ama, ní léir i gcónaí an sainmhíniú ba chóir a dhéanamh ar airgead agus cé na sócmhainní airgeadais atá san áireamh sa sainmhíniú ar airgead. Is gnách do bhainc cheannais sainmhíniú agus monatóireacht a dhéanamh ar chomhiomláin airgeadaíochta éagsúla.

Tá sainmhínte an BCE ar chomhiomláin airgeadaíochta limistéar an euro bunaithe ar shainmhínte comhchuibhithe na hearnála eisiúna airgid agus na hearnála coinneála airgid mar aon le catagóirí dhliteanais na n-institiúide airgeadais airgeadaíochta (IAA). Is éard atá san earnáil eisiúna airgid ná IAA atá lonnaithe i limistéar an euro. Áirítear ar an earnáil choinneála airgid gach neamh-IAA i limistéar an euro seachas earnáil an rialtais láir.

Bunaithe ar chúinsí coincheapúla agus staidéir eimpíreacha, agus de réir cleachtais idirnáisiúnta, tá comhiomlán airgeadaíochta cúng (M1), „idirtréimhseach“ (M2) agus leathan (M3) sainithe ag Córas an Euro. Tá difear idir na comhiomláin sin ó thaobh leachtacht na sócmhainní atá iontu.

Áirítear ar M1 airgeadra, i.e. nótaí bainc agus boinn airgid, mar aon le hiarmhéideanna ar féidir iad a chomhshó go díreach go hairgeadra nó a úsáid d'íocaíochtaí gan airgead tirim, cosúil le taiscí thar oíche.

Cuimsíonn M2 M1 agus, ina theannta sin, taiscí a bhfuil tréimhse aontaithe aibíochta suas le dhá bhliain acu nó a bhíonn infhuascailte ar fhógra suas le trí mhí. Is féidir na taiscí sin a chomhshó na gcomhchodanna d'airgead cúng, ach d'fhéadfadh srianta áirithe a bheith i gceist, cosúil leis an ngá le réamhfhógra, pionóis agus táillí.

Cuimsíonn M3 M2 agus ionstraimí áirithe indíolta arna n-eisiúint ag earnáil na IAA cónaithe. Is éard a bhíonn sna hionstraimí indíolta sin ná comhaontuithe athcheannaigh, scaireanna/aonaid chiste an mhargaidh airgid agus urrúis féich a mbaineann tréimhse aibíochta suas le dhá bhliain leo (lena n-áirítear páipéar an mhargaidh airgid). De bharr méid ard leachtachta agus cinnteacht praghsanna, is ionadaithe dlútha ar thaiscí na hionstraimí sin. De thoradh iad a bheith san áireamh, is lú an tionchar ar airgead leathan a bhíonn ag ionadaíocht idir catagóirí éagsúla sócmhainní leachtachta ná mar a bhíonn i gceist le sainmhínte níos cúinge ar airgead, agus bíonn sé níos cobhsaí.

Is féidir le sealúchais sócmhainní leachtachta in airgeadraí coigríche arna gcoinneáil ag áitritheoirí i limistéar an euro a bheith ina n-ionadaithe dlútha do shócmhainní a luachainmnítear in euro. Dá bhrí sin, glacann na comhiomlána airgeadaíochta sócmhainní den chineál sin san áireamh faoi mar a bheidís á gcoinneáil le IAA atá lonnaithe i limistéar an euro.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## An luach tagartha d'fhás airgeadaíochta

D'fhonn a thiomantas d'anailís airgeadaíochta a léiriú agus d'fhonn slat tomhais a chur ar fáil do mheasúnú ar fhorbairtí airgeadaíochta, d'fhógair an BCE luach tagartha do chomhiomlán leathan airgeadaíochta M3 (féach Bosca 5.9).

## BOSCA 5.9 LUACH TAGARtha AN BCE D'FHÁS AIRGEADAÍOCHTA

Léirítear an ról lárnach a thugtar d'airgead i straitéis an BCE trí luach tagartha a fhógairt d'fhás an chomhiomláin leathain airgeadaíochta M3. Roghnaíodh M3 bunaithe ar fhianaise, le tacaíocht ó go leor staidéar eimpíreacha, go bhfuil na hairíonna a éilítear d'éileamh cobhsaí airgid ag an gcomhiomlán sin mar aon le hairíona táscaireachta i dtaca le forbairtí praghsanna sa toadhchá i limistéar an euro. Thángthas ar an luach tagartha d'fhás M3 le go mbeadh sé ag teacht le cobhsaíocht praghsanna a bhaint amach. Bheadh dialta suntasacha nó fadtréimhseacha an fháis airgeadaíochta ón luach tagartha, faoi ghnáthchúinsí, ina léiriú ar riosca do chobhsaíocht praghsanna sa mheántréimhse.

Tá díorthú an luacha thagartha bunaithe ar an ngaolmhaireacht idir (athruithe ar) fás airgeadaíochta ( $\Delta M$ ), boilsciú ( $\Delta P$ ), fás iarbhair Olltáirgeachta Intíre ( $\Delta YR$ ) agus luas ( $\Delta V$ ). De réir na cothromóide sin, ar a dtugtar „cothromóid na cainníochta“, is ionann an t-athrú ar airgead i ngeilleagar agus an t-athrú ar idirbhearta ainmiúla (arna gharbhthomhas ag an athrú ar Olltáirgeacht Intíre iarbhair móide an t-athrú ar bhoilsciú) lúide an t-athrú ar luas (féach freisin Bosca 4.3). Is féidir an athróg dheiridh sin a shainiú mar an luas lena n-aistrítear airgead idir sealbhóirí éagsúla airgid agus dá bhrí sin cinntear an méid airgid a bhíonn de dhíth chun freastal ar leibhéal áirithe idirbhearta ainmiúla.

$$\Delta M = \Delta YR + \Delta P - \Delta V$$

Cuimsíonn an luach tagartha an sainmhíniú ar chobhsaíocht praghsanna mar mhéadú faoi bhun 2% sa bhliain ar an ICPT do limistéar an euro. Ina theannta sin, thángthas ar an luach tagartha bunaithe ar thoimhdí meántréimhseacha i leith fás poitéinsiúil aschuir agus na treochta i dtaca le luas chúrsaíochta M3. I 1998, rinneadh toimhdí 2–2½% sa bhliain i leith na treochta meántréimhsí i dtaca le fás poitéinsiúil Olltáirgeachta Intíre iarbhair do limistéar an euro, rud atá ag teacht le meastacháin ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus ón BCE araon. Baineadh úsáid as cuir chuige éagsúla chun teacht ar an toimhde do luas cúrsaíochta agus glacadh san áireamh treochtaí simplí (aonathráideach) mar aon le faisnéis a bhí ar fáil ó mhúnlaí éilimh airgid níos casta. Má ghlactar le chéile iad, léirigh iarmhairtí na gcur chuige sin laghdú ar luas M3 ag thart ar ½–1% sa bhliain. Bunaithe ar na toimhdí sin, shocraigh an Chomhairle Rialaithe luach tagartha an BCE ag 4½% sa bhliain i mí na Nollag 1998, agus níor athraíodh ó shin é. Déanann an Chomhairle Rialaithe monatóireacht ar bhailíocht na gcúinsí agus na dtoimhdí atá mar bhonn leis an luach tagartha agus cuireann an Chomhairle aon athruithe ar na toimhdí sin in iúl chomh luath agus a bhíonn gá leo.

Tagraíonn an luach tagartha seo (a socraíodh ag luach 4½% i 1998) don ráta bliantúil fáis M3 a mheastar a bheith ag teacht le cobhsaíocht praghsanna sa mheántréimhse. Is ionann an luach tagartha, dá bhrí sin, agus slat tomhais chun anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis a bhíonn le baint as forbairtí airgeadaíochta i limistéar an euro. De bharr an pheirspictíochta airgeadaíochta a bheith meántréimhseach nó fadtréimhseach, áfach, níl aon cheangal díreach idir forbairtí airgeadaíochta gearrthréimhseacha agus cinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta. Ní fhreagraíonn beartas airgeadaíochta go meicniúil, dá bhrí sin, do fhás M3 a imíonn ón luach tagartha sin.


### Anailís ar chúinsí speisialta

Cúis amháin leis sin is ea gur féidir freisin le cúinsí “speisialta” de bharr athruithe institiúideacha, cosúil le mionathruithe i dtaca le cóireáil chánach ar ioncam úis nó gnóthachain chaipitiúla, dul i bhfeidhm ar fhorbairtí airgeadaíochta, uaireanta. Is féidir leis na fachtóirí speisialta sin athruithe a dhéanamh ar shealúchais airgid ós rud é go bhfreagróidh teaghlaigh agus gnólachtaí d’athruithe ar mheallacht taiscí bainc atá san áireamh sa sainmhíniú ar chomhiomlán airgeadaíochta M3 i gcomhréir le hionstraimí airgeadais ailtéarnacha. D’fhéadfadh, áfach, nach gcuirfeadh forbairtí airgeadaíochta de thoradh na gcúinsí speisialta sin faisnéis ar fáil faoi fhorbairtí praghsanna fadtréimhseacha. Dá thoradh sin, déanann anailís airgeadaíochta sa BCE iarracht díriú ar bhuntreochtaí airgeadaíochta trí mheasúnú mionsonraithe ar chúinsí speisialta agus ar thurraingí eile a imríonn tionchar ar éileamh airgid a ghlacadh san áireamh.

### FAISNÉIS ÓN DÁ PHILÉAR A THRAS-SEICEÁIL

Maidir le cinntí na Comhairle Rialaithe i dtaca le seasamh cuí an bheartais airgeadaíochta, cuireann cur chuige an dá philéar tras-seiceáil ar fáil i dtaca le táscairí a eascraíonn as anailís eacnamaíoch ghearrthréimhseach i gcomparáid le táscairí a eascraíonn as anailís airgeadaíochta atá dírithe ar an bhfadtréimhse. Faoi mar a mhínítear go mion thuas, cinntíonn an tras-seiceáil sin nach bhfágann beartas airgeadaíochta faisnéis thábhachtach ar lár – faisnéis a bhíonn de dhíth chun treochtaí praghsanna sa todhchaí a mheas. Déantar leas a bhaint as gach comhlánú idir an dá philéar, de bhrí gurb é sin an bealach is fearr chun a chinntiú go mbaintear úsáid as an bhfaisnéis ábhartha ar fad chun measúnú a dhéanamh ar ionchais phraghsanna ar bhealach comhsheasmhach agus éifeachtach – rud a dhéanann éascaíocht don phróiseas déanta cinnití agus don phróiseas sin a chur in iúl (féach an Chairt thíos). Laghdaíonn an cur chuige sin an riosca a bhaineann le hearráid bheartais de bharr a bheith ag brath rómhór ar aon táscaire, réamhaisnéis nó múnla amháin. Trí chur chuige éagsúlaithe a ghlacadh i leith léirmhíniú a dhéanamh ar chúinsí eacnamaíochta, is é aidhm straitéis an BCE beartas airgeadaíochta daingean a ghlacadh i dtimpeallacht éiginnte.

### CAIRT STRAITÉIS CHOBHSAÍOCHT-DÍRITHE AN BCE I DTACA LE BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA



Foinse: An Banc Ceannais Eorpach (2004), Beartas airgeadaíochta an BCE, lch 66.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA

## TRÉDHEARCACHT AGUS CUNTASACHT

### Ceanglais arna leagan síos ag an gConradh i dtaca le tuairisciú

D'fhonn a inchreidtheacht a chothú, ní mór do bhanc ceannais neamhspleách a bheith oscailte agus soiléir faoi na cúiseanna a bhíonn lena ghníomhartha. Ní mór dó a bheith cuntasach freisin d'institiúidí daonlathacha. Gan cur isteach ar neamhspleáchas an BCE, leagann an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh oibleagáidí beachta ar an BCE i dtaca le tuairisciú a dhéanamh.

Ní mór don BCE Tuarascáil Bhliantúil ar a chuid gníomhaíochtaí agus ar bheartas airgeadaíochta na bliana roimhe sin agus na bliana reatha a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Comhairle an AE agus chuig an gCoimisiún Eorpach, agus chuig an gComhairle Eorpach freisin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa plé ginearálta a dhéanamh ansin ar Thuarascáil Bhliantúil an BCE. Féadfaidh Uachtarán an BCE agus comhaltaí eile an Bhord Feidhmiúcháin a gcuid tuairimí a chur faoi bhráid na gcoistí inniúla de chuid Pharlaimint na hEorpa arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa nó don Uachtarán agus do na comhaltaí ar a dtionscnamh féin. Gach ráithe a réachtáiltear éisteachtaí den chineál sin de ghnáth.

Ina theannta sin, ní mór don BCE tuarascálacha a fhoilsiú i dtaca le gníomhaíochtaí an ICPT uair sa ráithe ar a laghad. Ar deireadh, ní mór don BCE ráiteas airgeadais comhdhlúite seachtainiúil Chóras an Euro a fhoilsiú – ráiteas a léiríonn idirbhearta airgeadaíochta agus airgeadais Chóras an Euro le linn na seachtaine roimhe sin.

### Gníomhaíochtaí cumarsáide an BCE

Leoga, tá meáite ag an BCE dul níos faide ná na ceanglais a shonraítear sa Chonradh i dtaca le tuairisciú a dhéanamh. Sampla amháin den tiomantas forghabhálach sin is ea go míníonn an tUachtarán an réasúnaíocht atá

taobh thiar de chinntí na Comhairle Rialaithe i bpreas-chomhdháil a réachtáiltear díreach i ndiaidh an chéad chruinnithe den Chomhairle Rialaithe gach mí. Foilsítear mionsonraí breise i dtaca le tuairimí na Comhairle Rialaithe i leith an gheilleagair agus an ionchais maidir le forbairt praghsanna i mBileog Eolais Mhíosúil an BCE<sup>13</sup>

### Gaolmhaireacht le comhlachtaí an AE

Bíonn sé de cheart ag comhalta de Choimisiún na hEorpa bheith páirteach i gcruinnithe na Comhairle Rialaithe agus na Comhairle Ginearálta, ach ní bhíonn cearta vótála ag an duine sin. De ghnáth, is é an Coimisinéir um ghnóthaí eacnamaíochta agus airgeadais a dhéanann ionadaíocht ar an gCoimisiún.

Tá gaolmhaireacht chómhálartach ag an BCE le Comhairle an AE. Ar láimh amháin, tugtar cuireadh d'Uachtarán Chomhairle an AE chuig cruinnithe Chomhairle Rialaithe agus Chomhairle Ghinearálta an BCE. Féadfaidh sé rún a mholadh le plé ag an gComhairle Rialaithe, ach ní cheadaítear dó vóta a chaitheamh. Ar an láimh eile, tugtar cuireadh d'Uachtarán BCE bheith rannpháirteach i gcruinnithe Chomhairle an AE nuair a bhíonn ceisteanna a bhaineann le cuspóirí agus le cúraimí an ICPT á bplé. Seachas cruinnithe oifigiúla agus neamhfhoirmiúla Chomhairle ECOFIN (a thugann le chéile airí gnóthaí eacnamaíochta agus airgeadais an AE), glacann an tUachtarán páirt, freisin, i gcruinnithe an Euroghrúpa (cruinnithe na n-áirí gnóthaí eacnamaíochta agus airgeadais i dtíortha limistéar an euro). Bíonn ionadaíocht ag an BCE, freisin, ar an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, comhlacht comhairleach an Chomhphobail a dhéileálann le raon leathan saincheisteanna i dtaca le beartas eacnamaíochta na hEorpa.

<sup>13</sup> Tá foilseacháin an BCE le fáil saor in aisce ach iad a iarraidh agus is féidir féachaint orthu freisin ar láithreáin gréasáin an BCE ([www.ecb.europa.eu](http://www.ecb.europa.eu)), láithreán a chuireann naisc ar fáil chuig láithreáin ghréasáin bhainc cheannais náisiúnta an AE.

## 5.4 FORLÉARGAS AR CHREAT OIBRÍÚCHÁIN CHÓRAS AN EURO

### An Creat Oibríúcháin

Faoi mar a luadh roimhe seo, déanann an Chomhairle Rialaithe cinneadh i leith leibhéal príomhrátaí úis an BCE. Le go rachaidh na rátaí úis sin ar aghaidh chuig gnólachtaí agus tomhaltóirí, braitheann an BCE ar idirghabháil an chórais bhaincéireachta. Nuair a dhéanann an BCE athrú ar na coinníollacha ina bhfaigheann sé agus ina dtugann sé iasachtaí do na bainc, is dealraitheach go dtiocfaidh athrú, freisin, ar na coinníollacha a leagann na bainc síos dá gcuid custaiméirí, i.e. gnólachtaí agus tomhaltóirí. Tugtar an creat oibríúcháin ar thacar ionstraimí agus nósanna imeachta Chóras an Euro chun idirbhearta a dhéanamh leis an gcóras baincéireachta, agus ar an gcaoi sin tús a chur leis an bpróiseas lena gcuirtear na coinníollacha sin ar aghaidh chuig teaghlaigh agus gnólachtaí.

### Príomhchatagóirí ionstraimí

I dtéarmaí ginearálta, bíonn leachtacht de dhíth ar chóras baincéireachta limistéar an euro – de bharr an gá a bhíonn aige do nótaí bainc, i bpáirt, agus de bharr go n-iarrann an BCE air roinnt íos-chúlchistí a choinneáil ar chuntais lena BCN - agus braitheann sé ar athmhaoiniú ó Chóras an Euro. Sa chomhthéacs sin, feidhmíonn Chóras an Euro mar soláthróir leachtachta agus – via a chreat oibríúcháin cuidíonn sé le bainc a riachtanais leachtachta a bhaint amach ar bhealach dea-eagraithe rianúil.

Tá trí phríomhghné ag baint le creat oibríúcháin Chóras an Euro. Ar an gcéad dul síos, déanann an BCE bainistíocht ar chúinsí cúlchistí sa mhargadh airgid agus stiúranann sé rátaí úis an mhargaidh airgid trí

chúlchistí a cur ar fáil do bhainc chun a riachtanais leachtachta a chomhlíonadh trí oibríochtaí an mhargaidh oscailte. Ar an dara dul síos, tairgtear dhá shaoráid sheasta, saoráid iasachta imeallaí agus saoráid taisce, do bhainc chun deis a chur ar fáil maidir le hiasachtaí nó taiscí thar oíche i gcúinsí eisceachtúla. Bíonn na saoráidí ar fáil do bhainc de réir mar a bhíonn siad uathu, cé go gcaitheann comhthaobhacht incháilithe a bheith ag gabháil le hiasachtaí ón tsaoráid iasachta imeallaí. Ar an tríú dul síos, méadaíonn ceanglais chúlchistí riachtanais leachtachta na mbanc. Ina theannta sin, ós rud é gur féidir iad a mheánú thar thréimhse míosa, is féidir leo feidhmiú, freisin, mar chosaint i gcoinne turraingí sealadacha leachtachta sa mhargadh airgid agus dá bhrí sin luaineacht na rátaí úis gearrthréimhseacha a laghdú.

### Oibríochtaí Margaidh Oscailte

Cuirtear oibríochtaí margaidh oscailte – an chéad ghné den chreat oibríúcháin – i gcrích ar bhealach díláraithe. Cé gurb é an BCE a chomhordaíonn oibríochtaí, is iad na BCN a chuireann i gcrích iad. Tá an phríomhoibríocht athmhaoiniúcháin sheachtainiúil ina ghné láir de chur i ngníomh bheartas airgeadaíochta an BCE. Léiríonn an ráta úis oifigiúil a shocraítear do na hoibríochtaí sin seasamh an bheartais airgeadaíochta arna chinneadh ag Comhairle Rialaithe an BCE. Is idirbhearta soláthartha leachtachta freisin iad oibríochtaí athmhaoiniúcháin níos fadtréimhsí, ach is go míosúil a chuirtear i gcrích iad agus baineann tréimhse aibíochta trí mhí leo. Cuirtear oibríochtaí mionchoigeartúcháin i gcrích ar bhonn ad-hoc chun tionchair ó luaineachtaí leachtachta nó imeachtaí eisceachtúla nach mbítear ag súil leo ar rátaí úis a mhaolú.

Tá na critéir a bhaineann le hincháilitheacht contrapháirtí in oibríochtaí Chóras an Euro an-leathan:



Tá méáite ag an BCE dul níos faide ná na ceanglais a shonraítear sa Chonradh i dtaca le tuairiscíú a dhéanamh.

# BEARTAS AIRGEADAÍOCHTA



Tá meáite ag an BCE dul níos faide ná na ceanglais a shonraítear sa Chonradh i dtaca le tuairisciú a dhéanamh.

i bprionsabal, d'fhéadfadh gach foras creidmheasa atá lonnaithe i limistéar an euro a bheith incháilithe. Féadfaidh banc ar bith bheith ina chontrapháirtí má tá sé faoi réir cheanglais Chóras an Euro i dtaca le cúlchistí, má tá bail mhaith airgeadais air, agus má chomhlíonann sé critéir shonracha oibriúcháin a ligeann dó idirbhearta a dhéanamh le Córas an Euro. Is ann do na critéir leathana chontrapháirtí agus do na hoibríochtaí díláraithe chun cóireáil chomhionann a chinntiú do gach foras ar fud limistéar an euro – sa chaoi is gur féidir leo bheith páirteach in oibríochtaí a chuireann Córas an Euro i gcrích – agus tá siad ag teacht le margadh airgid príomhúil comhtháite.

Cuirtear oibríochtaí margaidh oscailte Chóras an Euro i gcrích mar chomhaontuithe athcheannaigh (“repos”) nó mar iasachtaí comhthaobhachtaithe. Sa dá chás, dámhtar iasachtaí gearrthréimhseacha ó Chóras an Euro ach comhthaobhacht leordhóthanach a bheith ann. Tá raon na comhthaobhachta incháilithe sna hoibríochtaí an-leathan, lena n-áirítear urrúis féich na hearnála príobháidí agus poiblí, d'fhonn bonn comhthaobhachta fairsinge a chinntiú do chontrapháirtithe i dtíortha limistéar an euro. Ina theannta sin, is féidir sócmhainní incháilithe a úsáid trasna teorainneacha. Déantar oibríochtaí margaidh oscailte Chóras an Euro a eagrú mar cheantanna d'fhonn dáileadh trédhearcach agus éifeachtach leachtachta a chinntiú sa mhargadh príomhúil.

Gné fhorghabhálach den chreat oibriúcháin is ea go mbítear ag brath ar mhargadh féinrialaithe, agus ionchur ón mbanc ceannais go hannamh. Bíonn idirghabhálacha an bhainc cheannais sa mhargadh airgid teoranta de ghnáth do phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin a tharlaíonn uair sa tseachtain agus oibríochtaí athmhaoiniúcháin fadtréimhseacha, oibríochtaí a bhíonn i bhfad níos lú, a tharlaíonn uair sa mhí. Is annamh a baineadh úsáid as oibríochtaí mionchoigeartúcháin i mblianta tosaigh an BCE.

## Saoráidí seasta agus riachtanais chúlchistí

Maidir leis an dá mhór-ionstraim a chomhlánaíonn oibríochtaí an mhargaidh oscailte – na saoráidí seasta agus na riachtanais chúlchistí – cuirtear i bhfeidhm go príomha iad chun luaineacht a smachtú i dtaca le rátaí gearrthréimhseacha an mhargaidh airgid.

Is gnách na rátaí a bhaineann le saoráidí seasta gan a bheith chomh tarraingteach le rátaí an mhargaidh idirbhainc (+/- aon phointe céatadáin amháin ón bpríomhráta athmhaoiniúcháin). Tugann sé sin dreasacht thábhachtach do bhainc idirbheartaíocht a dhéanamh sa mhargadh agus gan úsáid a bhaint as na saoráidí seasta ach amháin nuair nach mbíonn roghanna ailtéarnacha le fáil sa mhargadh. Ós rud é go mbíonn teacht ag na bainc i gcónaí ar shaoráidí seasta, cuireann na rátaí don dá shaoráid sheasta uasráta agus íosráta ar fáil trí arbráiste an mhargaidh do ráta úis an mhargaidh thar oíche (an “EONIA” mar a thugtar air). Cinneann an dá ráta, dá bhrí sin, an chonair inar féidir leis an EONIA luainiú. Sa chomhthéacs sin, ba chóir do leithead na conaire úsáid an mhargaidh a spreagadh. Cuireann sé sin struchtúr tábhachtach leis an margadh airgid a chuireann sríon le luaineacht rátaí gearrthréimhseacha an mhargaidh (féach an Chairt thíos).

Déantar na riachtanais a bhíonn ag banc i dtaca le cúlchistí a chinneadh mar chodán dá bhonn cúlchistí, tacar dliteanas ar an chlár comhardaithe (taiscí, urrúis féich agus páipéar an mhargaidh airgid a mbíonn tréimhse aibíochta níos lú ná dhá bhliain acu).



# AN BCE

Sonraíonn an córas riachtanas i dtaca le cúlchistí íos-sealúchais riachtanacha cuntais reatha lena BCN féin. Déantar comhlíonadh a chinneadh bunaithe ar na meán-iarmhéideanna laethúla thar thréimhse thart ar mhí (ar a dtugtar an “tréimhse chothabhála”). Cuireann an mheicníocht meanúcháin solúbthacht idirthréimhseach ar fáil do bhainc maidir le cúlchistí a bhainistiú le linn thréimhse chothabhála an chúlchiste. Ní gá neamhchomharduithe sealadacha leachtachta a chumhdach láithreach agus, dá thoradh sin, is féidir roinnt luaineachta i dtaca leis an ráta úis thar oíche a mhaolú. (Abair, mar shampla, go bhfuil an ráta thar oíche níos airde ná an ráta a bhfuiltear ag súil leis tráth níos déanaí sa tréimhse chothabhála, is féidir le bainc brabús ionchais a dhéanamh ó iasachtaí a thabhairt sa mhargadh agus comhlíonadh sealúchais riachtanacha chúlchiste a chur ar athló go dtí tráth níos déanaí sa tréimhse (“ionadaíocht idirthréimhseach”). Cuidíonn an coigeartú sin ar an éileamh laethúil ar chúlchistí le rátaí úis a chobhsú.)

Déantar sealúchais chúlchistí riachtanacha a aisíoc ag an meánráta taireascana sna príomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin thar an tréimhse chothabhála. Is


ionann an ráta sin, beagnach, agus an meánráta margaidh idirbhainc leis an tréimhse aibíochta chéanna. Ní dhéantar cúlchistí, arna gcoinneáil i gcuntais reatha na mbanc, sa bhreis ar an riachtanais mhíosúil a aisíoc. Tugann sé sin uchtach do bhainc a gcúlchistí a bhainistiú go gníomhach sa mhargadh. Ag an am céanna, trí cúlchistí riachtanacha a aisíoc seachnaítear an riosca a bhaineann leis an riachtanas i dtaca le cúlchistí a bheith ina ualach ar bhainc nó a bheith ina bhacainn le dáileadh éifeachtach a dhéanamh ar acmhainní airgeadais.

Feidhmíonn na cúlchistí éilite mar chosaint i gcoinne turraingí leachtachta. Is féidir le luaineachtaí i gcúlchistí timpeall an leibhéil riachtanaigh turraingí leachtachta a ionsú freisin gan mórán tionchair a imirt ar rátaí úis an mhargaidh. Dá bhrí sin, is beag gá a bhíonn le hidirghabháil eisceachtúil ón mbanc ceannais sa mhargadh airgid chun rátaí an mhargaidh a chobhsú.



Mórghné den chreat is ea go mbítear ag brath ar mhargadh féinrialaithe, agus ionchur ón mbanc ceannais go hannamh.

## CAIRT PRÍOMHRÁTAÍ ÚIS AN BCE AGUS RÁTAÍ AN MHARGAIDH AIRGID



Foinse: Breathnú is déanaí: 13 Feabhra 2008.

# GLUAIS

## **Babhtáil**

Earraí nó seirbhísí a mhalartú ar earraí nó ar sheirbhísí eile gan aon airgead a úsáid mar mheán don mhalartú sin. Éilítear comhéileamh ar na hítimí a bhíonn á dtrádáil de ghnáth.

## **Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí**

Cuirtear le chéile uair sa mhí é trí úsáid a bhaint as rud ar a dtugtar “ciseán siopadóireachta”. Do limistéar an euro, baintear úsáid as an Innéacs Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí (ICPT) mar mhodheolaíocht staidrimh atá comhchuibhithe i dtíortha éagsúla.

## **Díbhóilsciú**

Titim leanúnach ar an leibhéal ginearálta praghsanna, e.g. san innéacs praghsanna do thomhaltóirí, thar thréimhse leanúnach.

## **Limistéar an euro**

Is éard atá sa limistéar sin ná na Ballstáit sin san Aontas Eorpach a ghlac leis an euro mar an airgeadra aonair.

## **An Banc Ceannais Eorpach (BCE)**

Bunaíodh an 1 Meitheamh 1998 é agus tá sé suite in Frankfurt am Main sa Ghearmáin. Croí Chóras an Euro is ea an BCE.

## **Córas Eorpach Bainc Cheannais (CEBC)**

An BCE agus bainc cheannais náisiúnta (BCN) i ngach Ballstát an AE, beag beann ar an euro a bheith glactha acu nó gan a bheith glactha acu.

## **Córas an Euro**

An BCE agus bainc cheannais náisiúnta sna Ballstáit sin atá tar éis glacadh leis an euro cheana féin.

## **An Bord Feidhmiúcháin**

Ceann de chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE. Is iad comhaltaí an Bhoird ná Uachtarán agus Leas-Uachtarán an BCE agus ceithre chomhalta eile arna gceapadh le comhaontú na gCeann Airí Stáit nó Rialtais sna Ballstáit sin a bhfuil glactha acu leis an euro.

## **An Chomhairle Ghinearálta**

Ceann de chomhlachtaí cinnteoireachta an BCE. Is iad comhaltaí na Comhairle Ghinearálta ná Uachtarán agus Leas-Uachtarán an BCE agus gobharnóirí gach banc ceannais náisiúnta san AE.

## **An Chomhairle Rialaithe**

An comhlacht cinnteoireachta is airde san BCE. Is éard atá ann ná comhaltaí Bhord Feidhmiúcháin an BCE agus gobharnóirí na BCN sna tíortha sin a bhfuil glactha acu leis an euro.

### **Boilsciú**

Méadú ar an leibhéal ginearálta praghsanna, e.g. san innéacs praghsanna do thomhaltóirí, thar thréimhse fhadaíthe.

### **Ráta Úis**

An céatadán airgid bhreise is féidir a fháil ar ais má thugann tú airgead ar iasacht do dhuine eile (nó má choinnítear sa bhanc é) nó an céatadán airgid bhreise a bhíonn ort a íoc má fhaigheann tú airgead ar iasacht (sa bhreis ar an iasacht a fuarthas).

### **Bonn airgeadaíochta**

I limistéar an euro, is éard atá ann ná airgeadra (nótaí bainc agus boinn airgid) i gcúrsaíocht, cúlchistí arna gcoinneáil ag contrapháirithe le Córas an Euro agus na cistí atá i dtaisce i saoráid taisce Chóras an Euro. Is dliteanais na nithe sin ar chlár comhardaithe Chóras an Euro. Is féidir cúlchistí a bhriseadh síos tuilleadh ina gcúlchistí riachtanacha agus farasbairr. I gcóras íos-chúlchistí Chóras an Euro tá sé d'oibleagáid ar chontrapháirithe cúlchistí a choinneáil lena BCN. I dteannta na gcúlchistí riachtanacha sin, coinníonn institiúidí creidmheasa líon beag cúlchistí farasbairr deonacha le Córas an Euro freisin.

### **Straitéis i leith beartas airgeadaíochta**

An cur chuige ginearálta i leith beartas airgeadaíochta a chur i gcrích. Is iad príomhghnéithe straitéis an BCE i leith beartas airgeadaíochta ná sainmhíniú cainníochtúil ar phríomhchuspóirí na cobhsaíochta praghsanna agus creat anailíseach bunaithe ar dhá philéar – anailís eacnamaíoch agus anailís airgeadaíochta. Ina theannta sin, áirítear ar an straitéis prionsabail ghinearálta maidir le beartas airgeadaíochta a chur i gcrích, cosúil le fócas ar an meántréimhse. Tá an straitéis mar bhonn do mheasúnú na Comhairle Rialaithe tríd is tríd ar na rioscaí do chobhsaíocht airgeadais agus do chinntí i leith a beartais airgeadaíochta. Cuireann an straitéis creat ar fáil freisin chun míniú a thabhairt don phobal ar chinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta.

### **Meicníocht tarchuir an bheartais airgeadaíochta**

An próiseas trína dtéann cinntí i dtaca le beartas airgeadaíochta i bhfeidhm ar an ngeilleagar i gcoitinne agus ar an leibhéal praghsanna go háirithe.

### **Cobhsaíocht praghsanna**

Is é príomhchuspóir Chóras an Euro ná cobhsaíocht praghsanna a chothú. Is é an sainmhíniú atá déanta ag Comhairle Rialaithe an BCE, ardcomhlacht cinnteoireachta an BCE, ar chobhsaíocht praghsanna ná méadú bliana-ar-bhliain faoi bhun 2% ar an ICPT do limistéar an euro. Soiléiríodh freisin go bhfuil sé i gceist ag an gComhairle, laistigh den sainmhíniú sin, rátaí boilscithe a choinneáil faoi bhun, ach gar do, 2% sa mheántearma.



# LEABHARLIOSTA



- Bordo, M. D.** agus **B. Eichengreen**, (1993), A Retrospective on the Bretton Woods System: Lessons for International Monetary Reform, The University of Chicago Press.
- Davies, G.** (1994), A History of Money: From Ancient Times to the Present Day, University of Wales Press, Cardiff.
- European Central Bank** (1998), A stability-oriented monetary policy for the CEBC, Preasráiteas an BCE, an 13 Deireadh Fómhair, <http://www.ecb.europa.eu>
- European Central Bank** (1998), The quantitative reference value for monetary growth, Preasráiteas an BCE, an 1 Nollaig, <http://www.ecb.europa.eu>
- European Central Bank** (1999), The stability-oriented monetary policy strategy of the Eurosystem, Faisnéis Mhíosúil, Eanáir.
- European Central Bank** (1999), Euro area monetary aggregates and their role in the Eurosystem's monetary policy strategy, Faisnéis Mhíosúil, Feabhra.
- European Central Bank** (1999), The operational framework of the Eurosystem: description and first assessment, Faisnéis Mhíosúil, Bealtaine.
- European Central Bank** (1999), The implementation of the Stability and Growth Pact, Faisnéis Mhíosúil, Bealtaine.
- European Central Bank** (1999), The institutional framework of the European System of Central Banks, Faisnéis Mhíosúil, Iúil.
- European Central Bank** (2000), The Eurosystem and the EU enlargement process, Faisnéis Mhíosúil, Feabhra.
- European Central Bank** (2000), Monetary policy transmission in the euro area, Faisnéis Mhíosúil, Iúil.
- European Central Bank** (2000), The two pillars of the BCE's monetary policy strategy, Faisnéis Mhíosúil, Samhain.
- European Central Bank** (2000), Issues arising from the emergence of electronic money, Faisnéis Mhíosúil, Samhain.
- European Central Bank** (2001), Monetary policy-making under uncertainty, Faisnéis Mhíosúil, Eanáir.
- European Central Bank** (2001), Framework and tools of monetary analysis, Bileog Eolais Mhíosúil, Bealtaine.
- European Central Bank** (2001), Measures of underlying inflation in the euro area, Faisnéis Mhíosúil, Iúil.
- European Central Bank** (2001), Issues related to monetary policy rules, Faisnéis Mhíosúil, Deireadh Fómhair.
- European Central Bank** (2001), The monetary policy of the BCE.
- European Central Bank** (2001), Monetary analysis: tools and applications, <http://www.ecb.europa.eu>
- European Central Bank** (2002), List of monetary financial institutions and institutions subject to minimum reserves, <http://www.ecb.europa.eu>
- European Central Bank** (2002), Enhancements to MFI balance sheet and interest rate statistics, Faisnéis Mhíosúil, Aibreán.
- European Central Bank** (2002), The Eurosystem's dialogue with EU accession countries, Faisnéis Mhíosúil, Iúil.
- European Central Bank** (2002), The accountability of the BCE, Faisnéis Mhíosúil, Samhain.
- European Central Bank** (2002), Transparency in the monetary policy of the BCE, Faisnéis Mhíosúil, Samhain.
- European Central Bank** (2003), Measures to improve the efficiency of the operational framework for monetary policy, Preasráiteas an BCE, an 23 Eanáir.
- European Central Bank** (2003), Background studies for the BCE's evaluation of its monetary policy strategy, <http://www.ecb.europa.eu>
- European Central Bank** (2003), The outcome of the BCE's evaluation of its monetary policy strategy, Faisnéis Mhíosúil, Meitheamh.
- European Central Bank** (2003), Measures to improve the collateral framework of the Eurosystem, Comhairliúchán Poiblí, an 11 Meitheamh, <http://www.ecb.europa.eu>
- European Central Bank** (2003), Inflation differentials in the euro area: potential causes and policy implications, Meán Fómhair.
- European Central Bank** (2004), The monetary policy of the BCE, <http://www.ecb.europa.eu>
- European Central Bank** (2006), Convergence Report, May, <http://www.ecb.europa.eu>

**European Monetary Institute** (1997), The single monetary policy in Stage Three: specification of the operational framework, Eanáir.

**European Monetary Institute** (1998), The single monetary policy in Stage Three – general documentation on CEBC monetary policy instruments and procedures, Meán Fómhair, <http://www.ecb.europa.eu>

**Issing, O.** (1994), Geschichte der Nationalökonomie, Vahlen Verlag.

**Issing, O.** (2007), Einführung in die Geldtheorie, 14. Auflage, Vahlen Verlag.

**Issing, O., V. Gaspar, I. Angeloni and O. Tristani** (2001), Monetary policy in the euro area: strategy and decision-making at the European Central Bank, Cambridge University Press.

**McCandless, G. T. and W. E. Weber** (1995), Some Monetary Facts, Federal Reserve of Minneapolis Review, Iml. 19, Uimh. 3, Igh 2–11.

**Papademos, L.** (2003), The contribution of monetary policy to economic growth, Óráid tugtha ag an 31ú Comhdháil Eacnamaíochta, Vín, an 12 Meitheamh 2003, <http://www.ecb.europa.eu>

**Papademos, L.** (2004), Policy-making in AEA: strategies, rules and discretion, Óráid tugtha ag an Banco de España, Maidrid, an 19 Aibreán 2004, <http://www.ecb.europa.eu>

**Scheller, H.-P.** (2004), The European Central Bank – History, Role and Functions.

**Trichet, J.-C.** (2004), Key issues for monetary policy: an BCE view, Príomhóráid ag an National Association of Business Economics, Philadelphia, an 5 Deireadh Fómhair 2004, <http://www.ecb.europa.eu>

**Trichet, J.-C.** (2004), A stability-oriented monetary policy as a necessary condition for long-term growth, Óráid tugtha ag Lá Iomaíochta UNICE, an Bhruiséil, an 9 Nollaig 2004, <http://www.ecb.europa.eu>

© An Banc Ceannais Eorpach, 2008

**Seoladh** Kaiserstrasse 29,  
60311 Frankfurt am Main, An Ghearmáin

**Seoladh poist** Postfach 16 03 19,  
60066 Frankfurt am Main, An Ghearmáin

**Guthán** +49 69 1344-0

**Facs** +49 69 1344-6000

**Láithreán** <http://www.ecb.europa.eu>

**Gréasáin**

**Údar** Dieter Gerdesmeier

**Dearadh** Alexander Weiler, Visuelle Kommunikation,  
Hünstetten, An Ghearmáin

**Creidiúintí**  
**grianghraf** Andreas Pangerl, Corbis, An Banc Ceannais  
Eorpach, Image Source, Jane M. Sawyer,  
Photos.com

Gach ceart ar cosaint. Ceadáítear atáirgeadh chun críche cuspóiri oideachais agus neamhthráchtála ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinsé.

**ISBN (cló)** 978-92-899-0346-2

**ISBN (ar-líne)** 978-92-899-0365-3

